

Curaclam na Bunscoile





# Drámaíocht

## Oideachas Ealaíon

### Treoirlínte do Mhúinteoirí







BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR

Le ceannach díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS
TEACH SUN ALLIANCE
SRÁID THEACH LAIGHEAN
BAILE ÁTHA CLIATH 2

nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁIN AN RIALTAIS
AN RANNÓG POST-TRÁCHTA
4-5 BÓTHAR FHEARCHAIR
BAILE ÁTHA CLIATH 2
(Teil: 01-6476834-5; Fax: 01-4752760)
nó trí aon díoltóir leabhar

| | |
|---|---|
| Comhairleoir deartha: | Páirtíocht Bradley McGurk |
| Arna dhearadh ag: | The Identity Business |
| Grianghrafadóireacht: | Críostóir Mac Conmara |
| Arna chur i gcló ag: | Spectrum Print Management |
| Arna chlóbhualadh ag: | Mozzon Giuntina - Florence agus<br>Officine Grafiche De Agostini - Novara |


© 1999 Rialtas na hÉireann

# Drámaíocht

## Oideachas Ealaíon

### Treoirlínte do Mhúinteoirí

# Clár

Roinn 1

## Drámaíocht sa churaclam bunscoile

Cad is drámaíocht ann? 2

An cúnamh a thugann drámaíocht d'fhorbairt an pháiste 4

Roinn 2

## Ábhar an churaclaim drámaíochta

Bunstruchtúr agus leagan amach an churaclaim 8

Gnéithe na drámaíochta 8

Na réamhriachtanais le haghaidh drámaíocht a dhéanamh 9

Na snáithaonaid 9

Roinn 3

## Pleanáil scoile le haghaidh drámaíochta

Pleanáil curaclaim 16

Pleanáil eagair 21

Roinn 4

## Pleanáil seomra ranga le haghaidh drámaíochta

Comhthéacs ginearálta pleanála le haghaidh drámaíochta sa seomra ranga 26

Ábhar na drámaíochta 27

Comhtháthú na drámaíochta le hachair eile churaclaim 29

Múineadh na drámaíochta do ghrúpaí ilranga 31

Roinn 5

## Cur chuige agus modhanna múinte


Ó shúgradh cur i gcéill go próiseas-drámaíocht 37

Na réamhriachtanais chun drámaíocht a dhéanamh 39

Gnéithe na drámaíochta 46

Cur chuige na gníomhaíochta drámaíochta 62

Cuntais ar ghníomhaíochtaí rathúla drámaíochta 64

Samplaí ar conas a léiríonn cuspóirí ábhair sna snáithaonaid iad féin le linn cur síos ar ghníomhaíochtaí rathúla i ndrámaíocht 92

Straitéisí agus coinbhinsiúin drámaíochta 97

Ag breathnú go dlúth ar obair páistí 99


Roinn 6

## Aguisín


Leabharliosta 104

Gluais 108

Ballraíocht an Choiste Curaclaim don Oideachas Ealaíon 110

Ballraíocht an Choiste Comhordaithe Bunscolaíochta 111

Buíochas 112

# Súgradh cur i gcéill



Roinn 1

# Drámaíocht sa churaclam bunscoile

# Drámaíocht sa churaclam bunscoile

## Cad is drámaíocht ann?

Is é bunbhrí na drámaíochta ná cruthú scéil trí aisteoireacht. Treoróidh freagra ar an gceist 'cad é an scéal?' sinn i gcónaí i ndéanamh plota (sraith de ghníomhartha agus imeachtaí) le téama (fócas machnaimh). Freastalóidh drámaíocht rathúil ar an saol ar bhealach réalaíoch nó meafarach, soiléireoidh sí dúinn gnéithe den saol réalaíoch, agus cuirfidh sí béim ar na patrúin faoina bhun. Mar sin is ionann ábhar na drámaíochta, agus an saol réalaíoch ina fhoilsiú iomlán agus is trí scéalaíocht a dhéantar scrúdú air. Déantar cumadh na scéalaíochta seo trí léiriú móimintí nó radharc roghnaithe sonrach a chur i láthair; is é atá i dtéacs an cheachta drámaíochta ná roghnú, cur i láthair agus nascadh na radharc seo.

I gcomhthéacs na bunscoile níor cheart drámaíocht oideachasúil a mheascadh leis an ngníomhaíocht ar a dtugar 'drámaíocht léirithe'. Mar chuid den ghníomhaíocht seo, faoina bhfuil go leor múinteoirí eolach, áirítear roghnú scripte agus riaradh páirteanna, cleachtadh, dearadh agus tógáil feistis stáitse, eagrú soilse, fuaime agus gnéithe teicniúla eile agus léiriú a chur ar stáitse do lucht éisteachta.

Is féidir le rannpháirtíocht in éispéireas den saghas seo, má thugtar faoi le heolas ar phrionsabail agus chleachtais atá imlínithe sa churaclam, tairbhe a dhéanamh do pháistí chun féinmhuinín a chothú iontu, chun deis a thabhairt dóibh gníomhú ar stáitse agus ligean dóibh iad féin a chur in iúl go poiblí. Mar sin féin, agus é/í ag tabhairt faoina leithéid seo de thionscadal níor mhiste don mhúinteoir a mheabhrú gur minic a chuireann tosca luach rómhór ar an toradh agus luach róbheag ar an bpróiseas.

Is próiseas cruthaitheach í drámaíocht oideachasúil mar a thuigtear sa churaclam é, a thugann deis do pháistí lánacmhainn na drámaíochta mar eispéireas foghlama a thaiscéaladh. Tá sí gan ullmhú ó nádúr, agus tá mar aidhm aici eolas a lorg a chuimsíonn gach gné de phearsantacht an pháiste, idir spioradálta, mhorálta, mhothúchánach, intleachtúil agus fhisiceach. Agus an drámaíocht seo á déanamh téann an páiste isteach i gcomhthéacs samhalta (an saol drámaíochta), trí fhicsean faoi charachtair a chur i láthair i dtosca ar leith, ag am áirithe agus i suíomh éigin faoi leith, agus mar sin is féidir leis/léi ar bhealach uathúil coimhlintí, saincheisteanna, iarmhairtí, dearcthaí, móthúcháin, cúraimí agus ábhair bhuartha atá tábhachtach do thuiscint an fhíorshaoil a iniúchadh.

Is i nádúr ar leith an eispéiris dhrámatúil a luíonn a cumhacht mar eispéireas foghlama agus forbartha.

- Trí ghéilleadh don fhicsean
- trí é/í féin a theilgean go samhlaíoch isteach i suíomh
- trí 'bheith feasach agus beo' maidir leis na tosca, saincheisteanna, roghanna agus gníomhartha a bhaineann le carachtar ficseanach mar aon lena n-iarmhairtí
- tríd an méid seo uile a athraonadh trína p(h)earsantacht féin

is féidir leis an bpáiste teacht ar aireachtála nua.

Soláthraíonn an drámaíocht bealach sainiúil isteach chun na foghlama, agus cuireann sé diminsiún eolais ar fáil atá doshroichte in aon tslí eile.

## An cúnamh a thugann drámaíocht d'fhorbairt an pháiste

Is féidir leis an drámaíocht cúnamh sainiúil a thabhairt d'fhorbairt an pháiste. Soláthraíonn na cuspóirí agus na tréithe ar leith a bhaineann lena cuid gníomhaíochta na slite trínar féidir leis an bpáiste féinfheasacht mhéadaithe a bhaint amach agus dul trí mhodh sainiúil foghlama leis an drámaíocht. Is féidir leis an drámaíocht

- an deis a thabhairt do gach páiste eolas nua a bhaint amach trí dhiminsiún gníomhaíochta agus eispéireas atá samhailteach
- an deis a thabhairt do gach páiste teacht chun eolais a bhaint amach ar na bealaí is fearr a oireann dó/di
- an t-inspreagadh agus an spéis a chruthú a spreagfadh an páiste chun taighde a dhéanamh agus sa tslí sin dearcadh a chothú a bhreathnaíonn ar eolas mar riachtanas chun oiriúnú a dhéanamh ar a (h)aireachtáil ar an saol mór, na hacmhainní a sholáthar trínar féidir leis an bpáiste eolas a chomhcheangal ar mhodh speisialta le foghlaim agus le heispéireas roimhe seo
- cuidiú leis an bpáiste patrún agus aontacht a thabhairt faoi deara i bpíosaí difriúla eolais a ndéantar teagmháil leo in ábhair dhifriúla
- an ní atá gar a chur i bhfad ar shiúl, agus an méid atá i bhfad ar shiúl a thabhairt i ngar ag an leibhéal cognaíoch agus mothaitheach araon, i dtreo is gur féidir gnéithe den saol a iniúchadh dlúth go leor chun scrúdú éifeachtach a dhéanamh orthu, ach fada go leor ar shiúl chun go mbeidh an páiste sábháilte
- eispéireas saibhir sa teanga labhartha a thabhairt don pháiste agus an deis a sholáthar chun réimsí difriúla teanga a thriail
- taithí ar dhrámaíocht mar fhoirm ealaíne a thabhairt don pháiste
- cuidiú leis an bpáiste eispéiris i gcultúir eile a oiriúnú agus a chomhshamhlú dó/di féin



Breathnú á dhéanamh ag múinteoir ar ghníomhaíocht chomhuaineach drámaíochta

- cuidiú leis an bpáiste timpeallacht athraitheach a chomhshamhlú trí theacht roimh fhorbairt shíceolaíoch agus trí scaoileadh leis/léi féin tarchéimniú a dhéanamh ar thaithí ar an toirt trí réimsí eile saoil a thriail trí mheán na drámaíochta
- forbairt shamhlaíoch, intleachtúil, mhothúchánach agus fhisiceach an pháiste a éascú ar bhealach comhaimseartha iomlánaíoch
- cruthaitheacht, cumadóireacht, géarchúis, fionnachtain agus réiteach fadhbanna an pháiste a chothú trí iniúchadh gníomhach ar a bhfuil imfhiosach agus spontáineach
- ligean don pháiste trí fhicsean drámatúil taithí, tuiscint agus cleachtadh a fháil ar na scileanna beatha atá riachtanach don saol mór.
- ionbhá le hidéanna, dearcadh agus mothúcháin daoine eile a chur chun cinn.

Is í an bheatha féin bunábhar na drámaíochta oideachasúla. Cuimsíonn sí an raon iomlán d'eispéireas an pháiste agus gach gné dá p(h)earsantacht; agus toisc gur bealach uathúil foghlama í ba chóir go mbeadh sí ina cuid riachtanach d'eispéireas an pháiste ar scoil.

Roinn 2

# Ábhar an churaclaim drámaíochta

# Ábhar an churaclaim drámaíochta

## Bunstruchtúr agus leagan amach an churaclaim

### Leibhéil

Tá ábhar an churaclaim drámaíochta leagtha amach ar cheithre leibhéal: ranganna naíonán, ranganna 1 agus 2, ranganna 3 agus 4, agus ranganna 5 agus 6.

### Snáithe ábhair

Cuirtear an t-ábhar i láthair i snáithe amháin ag gach leibhéal:

*Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú.*

Tugann teideal an tsnáithe sainmhíniú ar nádúr na drámaíochta. Cuimsíonn an t-eispéireas foghlama idir chumais chognaíocha agus chumais mhothaitheacha an pháiste, agus tugann sé isteach iniúchadh a threoraíonn é/í i dtreo tuiscint níos fearr a fháil air/uirthi féin agus ar an saol mór.

### Snáithaonaid

Laistigh den snáithe cuirtear mionghnéithe an ábhair i láthair i dtrí shnáithaonad a dhéanann cur síos ar ghnéithe d'iniúchadh na drámaíochta, d'eispéireas agus de ghníomhaíocht. Is iad na snáithaonaid ná:

- Iniúchadh agus déanamh drámaíochta
- Léirsmaoineamh ar dhrámaíocht
- Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta.

Le gach cuspóir ábhair tugtar eiseamláirí a thaispeánann na saghsanna iniúchta, eispéireas agus gníomhaíochtaí atá i gceist ann. Níl siad seo leagtha síos ná cuimsitheach. Níl iontu ach moltaí a chabhróidh leis an múinteoir, b'fhéidir, chun clár éifeachtach foghlama trí dhrámaíocht a phleanáil.

## Gnéithe na drámaíochta

Tá gnéithe ar leith mar shaintréithe den drámaíocht, a thugann cumhacht shainiúil di. Is féidir gnéithe na drámaíochta a thabhairt orthu seo. Is iad seo ná:

- creideamh
- ról agus carachtar
- aicsean
- suíomh
- am
- teannas
- suntas
- genre.

Déanfar cur síos ar na gnéithe seo go mion i Roinn 5, 'Cur chuige agus modhanna múinte', lch 35-101

## Na réamhriachtanais le haghaidh drámaíocht a dhéanamh

Is féidir an téarma próiseas-drámaíocht a thabhairt ar an gcur chuige don drámaíocht sa churaclam. Tarraingíonn sé na páistí isteach i bpróiseas tobchumtha agus iniúchta a threoraíonn i dtreo torthaí insonraithe drámaíochta agus torthaí foghlama iad. Chun éifeacht a thabhairt don phróiseas tá gá le trí réamhriachtanas:

- ábhar
- an lionsa ficseanach
- timpeallacht shábháilte.

Is as an ábhar a gheofar an mianach atá sa drámaíocht. Bunófar é seo ar ghné éigin den saol, ar thaithí an pháiste nó ar an ábhar i ngné éigin eile den churaclam.

Is féidir leis an múinteoir, trí úsáid a bhaint as an lionsa ficseanach, breathnú ar an ábhar trí mheán scéil agus cruth na drámaíochta ficseanaí a chur air. Ansin is féidir leis/léi a mholadh go gcumfadh na páistí achtachán ina nglacann siad páirt le carachtair atá ceangailte le haincheist ar leith, nó le háit nó suíomh ag éirí as an ngníomhaíocht.

Chun muinín na bpáistí a mhéadú, a bhfaitíos a mhaolú agus a n-urchoilleadh a scaipeadh ní foláir ligean dóibh an dráma a chumadh i dtimpeallacht shábháilte, ina gcuirtear luach ar an méid a dhéanann siad agus ina ndaingníonn páistí eile agus an múinteoir é.

Déanfar cur síos níos mine ar na trí réamhriachtanas seo chun drámaíocht a dhéanamh i Roinn 5, 'Cur chuige agus modhanna múinte'.

## Na snáithaonaid

Tá comhchoibhneas dlúth idir cuspóirí ábhair an churaclaim agus gné na drámaíochta. Trí na cuspóirí éireoidh na páistí eolach ar na gnéithe agus ar conas mar a sholáthraíonn siad an struchtúr le haghaidh drámaíochta, agus foghlaimeoidh siad conas iad a úsáid chun féidearthachtaí na ngníomhaíochtaí drámaíochta a iniúchadh.

D'fhonn freastal ar fhorbairt chéimseach an pháiste is féidir dul chun cinn sna cuspóirí ábhair ó leibhéal go leibhéal a thabhairt faoi deara. Mar shampla, i ranganna naíonán ní dhéanfaidh an páiste ach iniúchadh agus forbairt ar shúgradh cur i gcéill atá fós go láidir ann/inti ón nádúr, ach i ranganna 1 agus 2 bainfidh sé/sí úsáid as an gcumas súgartha cur i gcéill chun páirt iomlán a ghlacadh i ndrámaíocht. Mar an gcéanna i ranganna naíonán déanfaidh páistí iniúchadh agus forbairt ar an gcumas chun ról a imirt; ach i ranganna 3 agus 4 tosóidh siad ar an ngaol idir ról agus carachtar a thuiscint. Ní théitear i mbun cuspóirí eile ábhair, mar shampla iad siúd a bhaineann le húsáid scripte mar cheann de na réamhthéacsanna drámaíochta, ná iad siúd a dhéanann idirdhealú idir genres, mar shampla greann agus seafóid, go dtí na ranganna sinsearacha. Tugtar anseo thíos gearrchuntas ar gach ceann de na cuspóirí ábhair de réir mar a thagtar orthu i snáithaonaid an churaclaim.

## Ag glacadh le ról

ag ligean ort gur duine nó rud thú seachas tú féin

## Carachtaracht

iarracht ar thréithe, mhianta, phróisis smaoinimh agus cháilíochtaí fisiceacha duine eile a ghlacadh chugat féin

## Ag iniúchadh agus ag déanamh drámaíochta

### *Contanam an tsúgartha chur i gcéill agus na drámaíochta*

Tá súgradh cur i gcéill mar bhonn le drámaíocht oideachasúil de gach saghas. Tá claonadh sa pháiste óg le cur i gcéill go spontáineach agus nuair a thosaíonn sé seo ag dul i léig, tá sé tábhachtach go gcothódh agus go spreagfadh an múinteoir a thréithe bunúsacha i ngníomhaíocht drámaíochta.

### *Ról agus carachtar*

Is trí bheith 'comhpháirteach' leis na carachtair dhifriúla sa dráma agus na carachtair a imirt i rólanna éagsúla i gcomhthéacs na drámaíochta a fhaigheann na páistí taithí ar phróiseas na drámaíochta. Is féidir cur síos ar rólghlacadh mar ligean ort gur rud nó duine eile thú, ach tagraíonn carachtar don chomhdhéanamh iomlán intleachtúil, mothúchánach agus fisiceach a bhaineann le fíorphearsa nó le pearsa fhicseanach. Déanfar míniú níos mine ar nádúr agus feidhm an dá ghné seo mar aon leis an ngaol eatarthu i Roinn 5, 'Cur chuige agus modhanna múinte'.

### *Ag úsáid spáis agus rudaí chun comhthéacs na drámaíochta a dhoimhniú agus cur lena réalachas*

Feidhmeoidh an spás ina dtarlaíonn an dráma de réir mar a chumtar téacs an scéil nó na drámaíochta, mar shuíomh na drámaíochta féin. Tá sí tábhachtach go spreagtar páistí an tsolúbthacht shamhlaíoch a fhorbairt chun sochar a bhaint as an spás drámatúil agus as na nithe atá ann, i dtreo is go leathnófar agus go ndoimhneofar ar réaltacht na drámaíochta féin.

### *Ag iniúchadh thionchar an ama fhicseanaigh atá thart agus an am atá le teacht inmhianaithe ar an ngníomhaíocht dhrámatúil*

Baineann an cuspóir ábhair seo le gné an ama. Tarlaíonn an drámaíocht i gcónaí sa nóiméad atá ann anois ach bíonn iarsmaí den am atá thart agus síolta an am atá le teacht i láthair sa nóiméad láithreach seo. Trí ghlacadh le ról an charachtair, ba chóir an páiste a spreagadh chun an carachtar san am atá thart a shamhlú mar aon leis an méid a tharla, b'fhéidir, roimh am an dráma. Beidh tionchar aige seo ar leathnú na gníomhaíochta drámatúla. Mar an gcéanna, trí iarracht a dhéanamh ar thodhchaí ar leith a aimsiú, rachaidh an carachtar i gcion ar an ngníomhaíocht.

### *Fócas a choiméad ar an ngníomhaíocht dhrámatúil*

Tríd an gclaonadh le cur i gcéill a chothú, is féidir leis an múinteoir na páistí a spreagadh chun an pháirt is mó atá ar a gcumas a ghlacadh san fhicsean atá á chruthú acu, agus glacadh le hiarmhairtí ficseanacha a gcuid gníomhartha sa suíomh drámaíochta. Sa tslí seo foghlaimeoidh siad conas fócas an scéil a choinneáil de réir mar a fhorbraíonn sé sa dráma.

### *Feidhm agus éifeacht teannais sa drámaíocht*

Sa drámaíocht, fearacht an tsaoil féin, is í gné an roghnaithe faoi deara dinimic an athraithe agus na forbartha. Éiríonn sé as na héilimh chontrártha in dhá (nó breis) mhian, idé nó riachtanas agus gineann sé an gá le cinneadh. Is foinse teannais é seo sa drámaíocht, agus tá a fhréamhacha dédhualach; an spreagadh chun

breitheanna a thabhairt agus an choimhlint ar cuid dhílis den roghnú í.

### *Ag úsáid scripte mar cheann de na réamhthéacsanna sa drámaíocht*

Tá an réamhthéacs mar phreabchlár a lainseálann an dráma, agus gabhann sé líon de chruthanna chuige féin. Sna ranganna sinsearacha is féidir iad seo a leathnú chun script scríofa a chuimsiú. Ní gá go mbeadh léiriú scripte i gceist anseo: ar bhonn praiticiúil cuirfidh sé deis ar fáil do pháistí na carachtair agus suíomh na scripte a ghlacadh chucu féin agus a bhforbairt a athléirmhíniú trína ngníomhaíocht drámaíochta shamhlaíoch féin. I suímh ina bhforbraítear script ghairid mar théacs dráma atá le léiriú don chuid eile den rang, ba chóir do na páistí féin gníomhú mar 'stiúrthóirí', ag baint úsáide as a gcuid eolais chun an téacs drámaíochta a chumadh.

### *Ag idirdhealú idir genres éagsúla, mar ghreann, thragóid, fhantaisíocht, fhilíocht, sheafóid*

Is iomaí genre sa drámaíocht, agus cuireann gach ceann díobh dearcadh agus soiléiriú ar leith ar ghnéithe den staid dhaonna ar fáil. Sna bunranganna agus sna meánranganna beidh páistí teoranta maidir lena dtuiscint agus a léirthuiscint ar genre, agus mar sin, cé go n-úsáideann siad genres éagsúla chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh, is cosúil nach féidir leo idirdhealú soiléir a dhéanamh eatarthu. Faoin am a mbíonn siad sna ranganna sinsearacha agus eispéireas comhsheasmhach ar dhrámaíocht acu, tosóidh páistí ar léirthuiscint a fháil ar fhéidearthachtaí i gcuid de na genres is tábhachtaí: an choiméide, an tragóid, an fhantaisíocht, an fhilíocht, an tseafóid.

## Ag léirsmaoineamh ar dhrámaíocht

Tá ábhar an dara snáithaonaid ina chuid dhílis de phróiseas na drámaíochta. Baineann sé le machnamh ar an drámaíocht, ceangal a dhéanamh idir plotaí agus téamaí agus gaolta idir drámaíocht agus eispéireas saoil a leagan síos.

### *Ag léirsmaoineamh ar ghníomhaíocht dhrámatúil áirithe d'fhonn cúrsaí malartacha féideartha a chruthú don ghníomhaíocht*

De réir mar a bhíonn an ghníomhaíocht drámaíochta ag tarlú, beidh an páiste ag cuidiú leis an scéal a chruthú, agus beidh sé ag machnamh ar bhonn leanúnach, ar an tslí ina bhforbraíonn sé: cad tá tar éis tarlú, conas atá an suíomh ag forbairt, conas atá a c(h)arachtar féin agus carachtair eile ag forbairt mar aon le go leor ceisteanna eile. Ag éirí as an bhfreagairt mhachnamhach seo, déanfaidh an páiste roghanna agus cruthóidh sé/sí cúrsaí malartacha gníomhaíochta sa drámaíocht, agus sa tslí sin cuideoidh sé le forbairt na drámaíochta.

### *An gaol idir scéal, téama agus eispéireas saoil*

Tá cruthú scéil nó ficsin mar chuid bhunúsach den phróiseas drámaíochta. Tarraingeofar na téamaí a ndéanann an scéal iniúchadh orthu as eispéireas ginearálta an pháiste, as coincheapa, eolas agus eispéiris a ndéantar teagmháil leo sna hachair éagsúla curaclaim agus as comhthéacsanna eile. Trí iniúchadh a dhéanamh orthu seo is féidir leis an bpáiste teacht ar thuiscint, ar léargais agus ar eolas nua faoin saol. Is eispéireas foghlama í

drámaíocht sa tslí seo atá luachmhar agus ábhartha.

### *Ag úsáid léargas a éiríonn as gníomhaíocht dhrámatúil chun teacht ar thátail faoin saol is faoi dhaoine*

Is féidir léirsmaoineamh a chur ar siúl freisin tar éis gníomhaíochta drámatúla áirithe. Is féidir le páistí ní hamháin an méid a tharla a phlé ach chomh maith leis sin na hidéanna agus na mothúcháin a ndéantar teagmháil leo, mar aon leis an eolas nua a gnóthaíodh. Thar aon ní eile is féidir leo scrúdú agus iniúchadh a dhéanamh ar na slite inar thug drámaíocht léargais nua dóibh ar dhearcadh is ar chúraimí daonna chomh maith le tuiscint níos géire ar dhaoine agus ar an saol.



Ag comhoibriú i gcumadh an dráma

## Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta

### *Ag comhoibriú agus ag déanamh cumarsáide le daoine eile, lasmuigh den ról, chun cruth a chur ar dhrámaíocht*

Ceann de na buntáistí tábhachtacha foghlama a bhaineann le drámaíocht ná an t-eispéireas a thugann sí do pháistí oibriú le chéile agus leis an múinteoir. Éiríonn deiseanna le haghaidh comhoibrithe i gcónaí i mbreitheanna a thabhairt faoi ábhar, i roghnú an lionsa fhicseanaigh (go mór mór de réir mar a aibíonn siad agus mar a bhaineann siad eispéireas amach i ndéanamh drámaíochta), in úsáid suímh agus spáis agus i roghnú treonna difriúla don drámaíocht. Fágfaidh sé seo go mbeidh siad comhpháirteach i ndíospóireacht agus i margaíocht lena chéile agus leis an múinteoir, agus sa tslí sin treoróidh sé iad chun forbairt a dhéanamh ar scileanna cumarsáide. Sa tslí seo glacann na páistí an príomhról i gcumadh an dráma agus mar sin cuirtear lena mothú gur leo féin é.

### *Ag comhoibriú agus ag cumarsáid laistigh de ról chun cruth a thabhairt don dráma*

Tugann páistí a gcruth don dráma freisin nuair a bhíonn ról acu sa léiriú. Beidh tionchar cinntitheach ag an méid a théann siad isteach sa ról nó sa charachtar agus forbairt fhorásach á déanamh acu ann le breis doimhneachta agus creidiúna, ar threonna an léirithe féin. Trí fhreagairt mar charachtair i gcomhoibriú lena chéile bíonn siad i gcónaí ag tabhairt breitheanna a threoraíonn chuig forbairt bhreise iad ar charachtar agus

ar an dráma. Tá an cumas chun idéanna agus mothúcháin an charachtair a chur in iúl mar áis a fhásfaidh agus a sholáthróidh dóibh eispéireas maireachtála sa charachtar agus tríd. Tugann sé seo seans dóibh imfhios a chur i láthair agus a shoiléiriú, taithí a fháil ar léargais nua agus iad a chur in iúl go héifeachtach.

### *Ag forbairt caidreamh ficseanach trí idirghníomhú leis na carachtair eile le linn an téacs drámaíochta a dhéanamh*

Is féidir le cuid mhaith d'fhorbairt carachtair teacht trí idirghníomhaíocht le carachtair fhicseanacha eile sa dráma. Beidh a mhéid a dtarlaíonn sé seo mar fhachtóir sa chéad áit ar mhéid an chreidimh a bhíonn ag gach páiste sa dráma. Trí chreidiúint sa dráma, agus trí ghlacadh le hiarmhairtí ficseanacha an léirithe, pléifidh sé/sí go dáiríre le dearcadh, tuairimí agus mothúcháin na gcarachtar eile. Beidh tionchar freisin ag na sainréimeanna difriúla teanga ina gcuirtear iad seo in iúl agus ag an diminsiún a thugann an fothéacs dó trí gheáitse, trí ghothaí gnúise agus trí dhearcadh is mhothúcháin neamhlabhartha, ar chaighdeán na hidirghníomhaíochta, agus mar sin cuirfidh sé le héifeacht an dráma.



Braitheann gach dráma ar mhéid an chreidimh a bhíonn ag gach páiste ann.

### *Radharc a cuireadh le chéile in obair mhionghrúpa a achtú do dhaoine eile*

Is i ndéanamh an dráma agus i léirsmaoineamh air atá fiúntas an dráma sa seomra ranga, mar eispéireas foghlama agus forbartha araon. Is próiseas ar ala na huaire é seo ó nádúr. Déanann na páistí iniúchadh ar an ábhar tríd an lionsa ficseanach nuair a ghlacann siad le carachtair agus nuair a thugann siad deis dóibh féin forbairt tríd an achtachán. Braitheann an treo ina ngabhann sé seo go hiomlán ar idirghníomhaíocht spontáineach i measc na gcarachtar de réir mar a chumtar an dráma. D'fhéadfadh tairbhe a bheith ann, áfach, a iarraidh ar ghrúpa athachtú a dhéanamh ar radharc atá déanta cheana féin in obair le grúpaí beaga ar mhaithe le baill eile an ranga. Spreagfaidh sé seo machnamh ar ghnéithe áirithe den ábhar agus ar an tslí ina bhfuil athraonadh déanta air ar fud an dráma, agus ar an mbealach sin cuirfidh sé le heispéireas foghlama an pháiste. Déanfar seo i gcónaí sa rang mar chuid de phróiseas na drámaíochta, agus ní gá go leagfaí aon bhéim ar 'léirfheidhmiú' nó ar 'chur i láthair'.

Roinn 3

# Pleanáil scoile le haghaidh drámaíochta

# Pleanáil scoile le haghaidh drámaíochta

Lena chinntiú go mbaintear amach aidhmeanna churaclam na drámaíochta tá sé tábhachtach go n-ullmhóidh an príomhoide agus an fhoireann plean comhtháite i dteagasc na drámaíochta. Sa phróiseas comhoibritheach seo beidh comhpháirt ag tuismitheoirí agus ag an mbord bainisteoireachta de réir mar a oireann. Scrúdóidh an roinn seo de na treoirlínte

- pleanáil curaclaim le haghaidh drámaíochta
- pleanáil eagair le haghaidh drámaíochta.

## Pleanáil curaclaim

Tá rud ar leith le bronnadh ag an drámaiocht, mar a léirítear i Roinn 1 í, ar fhorbairt an pháiste. Chun go mbeidh an cuidiú seo éifeachtach, áfach, ní foláir don phríomhoide agus don fhoireann pleanáil chúramach a dhéanamh le haghaidh chur i bhfeidhm churaclam na drámaíochta. Agus é sin á dhéanamh acu, ní mór dóibh líon áirithe tosca a chur san áireamh:

- a dheimhniú go n-aithnítear tábhacht na drámaíochta mar chuid den churaclam agus go nglacann an fhoireann go hiomlán chucu é seo
- go n-aithnítear tábhacht iomláine na drámaíochta mar chuid den eispéireas foghlama
- dul i mbannaí ar leanúnachas na drámaíochta in eispéireas scoile an pháiste
- soláthar a dhéanamh chun dráma a chomhtháthú le hachair eile den churaclam
- am a chur ar fáil le haghaidh drámaíochta.

### Tábhacht na drámaíochta sa churaclam

Is i nádúr an eispéiris fhoghlama a sholáthraíonn sí don pháiste atá fíorthábhacht na drámaíochta. Trí pháirtíocht shamhlaíoch chumais intleachtúla, mhothúchánacha agus fhisiceacha an pháiste is féidir é/í a spreagadh chun aireachtáil agus tuiscint úr a bhaint amach. Déantar an méid seo tríd an eispéireas a bhaineann le téacs drámaíochta a chruthú. Lonnaíonn cumhacht oideachasúil fuascailteach an dráma sa ghníomh seo chun scéal a chumadh. Tugann féidearthachtaí gan teorainn an fhicsin deis le haghaidh iniúchta ar an raon éiguimseach den eispéireas daonna. Ina theannta sin tugann nádúr spontáineach an iniúchta scaoileadh ar imfhios an pháiste mar aon le comhthéacs a chuireann ar a c(h)umas iad a shoiléiriú agus a chur in iúl. Tríd an léiriú mar aon le machnamh air—trí charachtar a roghnú agus ionbhá a dhéanamh leis agus trí idirghníomhú le carachtair eile sa dráma—faigheann an páiste bealach chuig eispéireas, eolas agus tuiscint nua nach gcuireann eispéireas foghlama ar bith eile ar fáil dó/di.

*Is é fíorthábhacht na drámaíochta ná nádúr an eispéiris fhoghlama a chuireann sé ar fáil don pháiste.*

*Dá fheabhas é an dráma is ea is fearr fós é caighdeán na foghlama.*

## Tábhacht iomláine na drámaíochta in eispéireas foghlama an pháiste


Cé go bhfoghlaimíonn an páiste ar bhealach difriúil trí dhrámaíocht seachas trí aon ábhar léinn eile, braitheann an t-eispéireas sainiúil foghlama sin go hiomlán ar fheabhas an dráma féin. Is é caighdeán an dráma a chinnteoidh an saghas foghlama a tharlóidh. Tá sé seo fíor pé acu an ndéantar an dráma ar a shon féin amháin nó mar chuid chomhtháite d'ábhar léinn eile. Le linn pleanála níor mhiste don phríomhoide is don fhoireann machnamh a dhéanamh ar nádúr an eispéiris fhoghlama a chuireann drámaíocht ar fáil. Má bhreathnaítear ar dhrámaíocht mar mhodh múinte amháin tá baol ann go laghdófar idir phróiseas na drámaíochta agus an t-eispéireas sainiúil foghlama a chuireann sé ar fáil. Caithfear, taobh amuigh de na tosca ina dtarlaíonn sé, iomláine an dráma féin a thabhairt slán. Mar shampla, ní sholáthróidh dráma, mar chuid de cheacht staire nó OSPS, a chuid buntáistí foghlama go hiomlán don pháiste mura mbíonn an rath is mó is féidir ar an eispéireas drámaíochta, is cuma cén t-ábhar atá sa dráma. Dá fheabhas é an dráma is ea is fearr caighdeán na foghlama.

*Tá eispéireas leanúnach comhsheasmhach i ndrámaíocht lárnach do chomhlíonadh rathúil an churaclaim i ndrámaíocht.*

## Leanúnachas na drámaíochta in eispéireas scoile an pháiste

Tá áit lárnach ag eispéireas leanúnach comhsheasmhach i ndrámaíocht do chomhlíonadh rathúil churaclam na drámaíochta, agus ba chóir go gcuirfí san áireamh go mór é sa phróiseas pleanála ag leibhéal na scoile. Tá cothú leanúnachais ó shúgradh cur i gcéill go dráma mar bhunchloch le cur chuige torthúil chun drámaíocht a phróiseálú ar scoil. Ag leibhéal na naíonán beidh an claonadh spontáineach le cur i gcéill beo fós sna páistí, agus ní féidir idirdhealú a dhéanamh idir seo agus drámaíocht sa seomra ranga. Beidh sé furasta don mhúinteoir ag an gcéim seo an claonadh seo a úsáid chun tús a chur le páistí a threorú chuig drámaíocht. De réir mar a théann an claonadh i léig le haibiú fhorásach na bpáistí, tá sé riachtanach go bhfaighidh siad eispéireas ar dhrámaíocht a chuirfidh ar a gcumas tréithe bunúsacha an tsúgartha cur i gcéill a úsáid ar bhealach atá nádúrtha agus ábhartha dóibh. Ní féidir an méid seo a bhaint amach go hiomlán mura mbíonn eispéireas comhsheasmhach sa drámaíocht ag páistí ó bhliain go bliain i rith a dtréimhse ar scoil.

Sa tslí seo is féidir le drámaíocht bheith ina gnáthchuid inghlactha dá n-eispéireas scoile, inar féidir leo páirt a imirt gan chorrabhuais. Tiocfaidh siad ar léirthuiscint faoi thábhacht na drámaíochta seachas breathnú uirthi mar rud amaideach nó deoranta, nó b'fhéidir fós mar rud nach bhfuil ann ach sos ó cheachtanna. Ina theannta sin is trí eispéireas leanúnach ar dhrámaíocht, agus mar sin amháin, a fhorbróidh páistí scileanna drámaíochta agus a bhainfidh siad éascaíocht amach iontu. Braithfidh mianach an eispéiris drámaíochta agus gan amhras an fhoghlaim a eascraíonn uaidh go mór ar mhéid na máistreachta atá bainte amach ar scileanna drámaíochta agus ar 'rialacha drámaíochta' atá foghlamtha.




## Comhtháthú na drámaíochta le gnéithe eile den churaclam

Is ionann ábhar na drámaíochta agus eispéireas ar an saol féin. Éiríonn sé seo as eispéireas ginearálta pearsanta na bpáistí, nó as an ábhar in aon cheann eile de na hachair churaclaim. Cuireann drámaíocht modh sainiúil cumhachtach foghlama ar fáil don pháiste gan beann ar an ábhar féin. Beidh éifeacht an eispéiris fhoghlama mar ghné, áfach, i bhfeabhas an eispéiris drámaíochta féin. Cé go n-úsáidtear ábhar as achar eile curaclaim mar ábhar don drámaíocht, ciallaíonn seo gur chóir go nglacfaí leis mar bhunphrionsabal go gcoinneoidh an ghníomhaíocht a leanann í iomláine na drámaíochta féin.

Níor cheart drámaíocht a úsáid mar mhodh níos tarraingtí chun píosa éigin eolais a chur i láthair ach mar mhodh trína mbeidh an t-eolas sin (nó gné áirithe de) ar fáil don pháiste ar bhealach nach féidir é a dhéanamh in aon chomhthéacs foghlama eile. Sa tslí seo is féidir le drámaíocht bheith ina heispéireas riachtanach foghlama in aon achar den churaclam, agus ag an am céanna beidh mianach an eispéiris ina chuid den toradh a bheidh ar an dráma féin.

Is féidir drámaíocht a chomhtháthú le gnéithe eile den churaclam ach an drámaíocht féin a úsáid mar thúsphointe. Mar shampla, d'fhéadfadh an cur chuige ar fhoghlaim faoin nGorta Mór tosú le dráma faoi theaghlach in aimsir an ghorta. Sa tslí seo d'fhéadfadh an páiste ní hamháin 'maireachtáil lena linn' agus teacht ar thuiscint ar conas mar a bhí an saol an t-am sin, ach freisin de réir mar a fhorbraíonn sraith de ghníomhaíochtaí drámaíochta, tabharfar spreagadh dó/di taighde a dhéanamh ar bhunábhar fíorasach, agus é a inmheánú trí chomhshnaidhmeadh sa saol drámaíochta a dhéanamh air agus é a athraonadh tríd an eispéireas drámaíochta. Cibé cén túsphointe a roghnaítear, ní hamháin go bhfaighidh an páiste tairbhe as an dóigh shainiúil foghlama a chuireann drámaíocht ar fáil san achar ar leith curaclaim ach gnóthóidh sé/sí dul chun cinn ina f(h)orbairt ghinearálta chomh maith.

## An Ghaeilge agus drámaíocht

Is í an teanga a úsáidfear mar mheán teagaisc sa scoil a shocróidh teanga na cumarsáide sa drámaíocht den chuid is mó, agus tagróidh na múinteoirí don leagan de na cáipéisí sa teanga chuí. Tabharfar faoi deara go bhfuil roinnt cuspóirí ábhair i nGaeilge istigh sa leagan Béarla. Tá sé tábhachtach freisin, áfach, an gaol idir drámaíocht agus teagasc agus foghlaim na Gaeilge a chur san áireamh i scoileanna arb é an Béarla an gnáthmheán teagaisc iontu.

Is é an tairbhe is mó a bhaineann le drámaíocht i nGaeilge ná gur féidir léi líofacht sa teanga a bhrostú go luas na beatha. Níor cheart mar sin gníomhaíocht drámaíochta i nGaeilge a bhac trí chur isteach leanúnach ón múinteoir ar mhaithe le cruinneas. Is féidir tagairt a dhéanamh do bhotúin choitianta níos déanaí agus iad a cheartú. Thar aon ní eile, cuireann easpa stór focal bac ar dhea-thoradh na drámaíochta. Chun cúiteamh a dhéanamh air seo ba chóir an páiste a spreagadh chun úsáid a bhaint as pé teanga is éifeachtaí agus is oiriúnaí d'fhonn spontáineacht na drámaíochta a choinneáil. Mar shampla, úsáideann múinteoirí drámaíochta agus traenálaithe aisteoirí cumadh gliogairnéise go minic chun riachtanas a chruthú don ábhar aisteora idéanna a chur in iúl go fisiceach, agus sa tslí sin leathnú a dhéanamh ar raon teanga fhisiceach. Mar an gcéanna, is féidir easpa focail oiriúnaigh ag an bpáiste a úsáid chun iachall a chur air/uirthi idé a chur in iúl go fisiceach. Mar a bhí cheana, is féidir an focal a chur ar fáil níos déanaí, nó d'fhéadfaí cluiche 'Cad tá sí ag iarraidh a rá' a chumadh don ócáid.

I ndráma Béarla is furasta carachtar a chur in aithne nach bhfuil aige/aici ach Gaeilge, agus tá spreagadh anseo chun an teanga a úsáid. Mar shampla, ní labhraíonn an bádóir ach Gaeilge, agus ní féidir leo dul go dtí an t-oileán gan an chúis atá acu leis an turas a nochtadh. Mar an gcéanna i suíomh ina n-éiríonn difríochtaí teanga, mar shampla idir eachtrannach agus fear ón domhan seo, is cuma an é Gaeilge nó Béarla a úsáidtear chun easpa cumarsáide a chur in iúl. Is féidir leis an múinteoir glacadh le ról sa dráma chun úsáid na Gaeilge a ghríosú agus a leathnú. D'fhéadfadh sé seo titim amach go spontáineach sa cheacht Gaeilge nó mar chuid de cheacht drámaíochta. Le cleachtadh bheadh an dá chur chuige ann mar chodanna úsáideacha i straitéisí an mhúinteora.

Uaireanta, caitheann an t-ábhar drámaíochta i nGaeilge a bheith níos simplí ná an t-ábhar a úsáidtear sa drámaíocht i mBéarla, agus is minic a chúngaítear é beagán chun deis a thabhairt don pháiste cumadh saoráideach a dhéanamh laistigh de raon teanga ina bhfuil sé/sí go réasúnta compordach. Is cluiche taitneamhach drámaíochta é, iarraidh ar na páistí miondrámaí a chumadh timpeall ar ghrúpaí focal a chuireann an múinteoir ar fáil. D'fhéadfadh sé seo bheith mar thréimhse réamhchumarsáide, agus d'fhéadfadh múineadh an stór focal a theacht as.

Is straitéis úsáideach eile é tobchumaidh ghairide dhifriúla i nGaeilge a úsáid chun lá i saol carachtair faoi leith a dhéanamh amach. Is féidir ceithre cinn de scripteanna sé líne a chuireann na daltaí nó an múinteoir ar fáil a bheith mar réamhthéacs don ghníomhaíocht seo.

*Faigheann drámaíocht am ar iasacht ó ábhair eile léinn, d'fhonn cur le heispéiris fhoghlama sna gnéithe áirithe sin.*

Cuirfidh comhtháthú na Gaeilge agus na drámaíochta sna slite seo le hoideachas drámaíochta an pháiste, agus ag an am céanna cabhróidh sé leis/léi chun líofacht agus bríomhaireacht bhreise a bhaint amach sa Ghaeilge.

## Dáileadh ama don drámaíocht

Tá a bhfuil le bronnadh ag an drámaíocht ar fhorbairt is ar fhoghlaim an pháiste ar scoil mar bhunús le tábhacht na pleanála ina comhair nuair a bhíonn am á dháileadh ar na hachair dhifriúla curaclaim agus ar na hábhair laistigh díobh. Beidh dhá fhoinse ann do dháileadh ama don drámaíocht:

- an dáileadh ginearálta ama a thugtar d'oideachas sna healaíona
- trí chomhtháthú le hábhair eile agus le hachair eile curaclaim.



Páistí ag déanamh drámaíochta agus páistí eile ag féachaint orthu

Mar atá pléite i roinn roimhe seo, 'Comhtháthú drámaíochta le hachair eile den churaclam', tá an dá fhoinse seo gaolmhar lena chéile. Beidh siad comhlántach, agus forluífidh siad ar a chéile go minic.

## Páistí le riachtanais speisialta

I ngeall ar nádúr na drámaíochta agus ar an eispéireas sainiúil atá le bronnadh aici tá áit ar leith aici in oideachas páistí le riachtanais speisialta. Is féidir tairbhe ollmhór a theacht aisti chomh fada is a bhaineann le forbairt mhothaitheach agus chogneolaíoch. Ní féidir le treoirlínte ginearálta do mhúinteoirí, áfach, ach tuairim an-ghinearálta a thabhairt den mhéid is féidir leis an drámaíocht a bhronnadh san achar seo.

Cuireann an t-eispéireas drámaíochta i gcoitinne, agus na gníomhaíochtaí sa snáithaonad 'Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta,' deiseanna foghlama ar fáil atá ríthábhachtach do pháistí le riachtanais speisialta. Is féidir leis cuidiú go mór mór le forbairt teanga an pháiste trí leathnú a dhéanamh ar stór focal is ar chumas cur i láthair. Cabhróidh gné fhisiceach na drámaíochta freisin le léiriú neambhriathartha.

Le linn forbairt a dhéanamh ar choincheapa an pháiste faoi ghnéithe na drámaíochta mar shuíomh agus am, cothaítear aireachtáil spásúil agus tuiscint níos cruinne ar choibhneas amanna le chéile.

Ina theannta sin cabhróidh an scéal atá mar bhun le próiseas na

*Is dóigh uathúil foghlama í drámaíocht agus ní gníomhaíocht bhreise í.*

drámaíochta agus le forbairt ar chumas an pháiste chun nádúr seicheamhach imeachtaí a thuiscint agus a chur in iúl, agus cothófar cumhachtaí dianmhachnaimh tríd an tábhacht a bhaineann le fócas a chur ar ghnéithe difriúla de ghníomhaíocht drámaíochta.

Toisc gur gníomhaíocht chomhoibritheach í drámaíocht, cuireann sí eispéireas luachmhar ar fáil i nglacadh le huainíocht agus in oibriú i gcomhar le daoine eile, i dtreo is go n-aimseofar spriocanna faoi leith. Ceann de na buntáistí riachtanacha foghlama i ndrámaíocht is ea go soláthraíonn sí deis chun déileáil le ceisteanna bunaithe ar rogha is ar choimhlint trí sheasamh siar uathu sa chomhthéacs ficseanach agus sa tslí sin cuidiú le timpeallacht shábháilte a sholáthar ina bhféadfaí iniúchadh a dhéanamh orthu. Thar aon ní eile, toisc go dtugann sí scóip d'fhéinchur in iúl agus fhéinléargas, tá an cúnamh is féidir le drámaíocht a thabhairt d'fhéinmheas an pháiste thar áireamh.

## Pleanáil eagair

Nuair a bhíonn machnamh déanta ar riachtanais na scoile maidir leis an gcuraclam drámaíochta, ní foláir smaoineamh ar na gnéithe in eagrú scoile is fearr a éascóidh a gcur i ngníomh. Ar bhonn cleachtais, is minice ná a mhalairt a phléifear iad mar aonad le chéile, agus tarraingeoidh siad ar phróiseas comhoibritheach agus comhairleach ina mbeidh an príomhoide, na múinteoirí agus, de réir mar a oireann, tuismitheoirí agus an bord bainisteoireachta compháirteach.

Ba chóir go gcuideodh pleanáil don drámaíocht leis an bplean scoile ina iomláine, plean a ndéanfaidh an bord bainisteoireachta athbhreithniú air. Laistigh de na hacmhainní atá ar fáil dó, cuirfidh an bord tacaíocht ar fáil le haghaidh chur i bhfeidhm na drámaíochta mar a dhéanann le hábhair léinn eile.

Ag éirí as agus in éineacht le pleanáil curaclaim, caithfidh an príomhoide agus an fhoireann roinnt saincheisteanna eagair a phlé chun cur i bhfeidhm torthúil an churaclaim a éascú. Ina measc seo tá:

- gealltanas i leith díograise don drámaíocht sa scoil i measc bhaill na foirne
- an fhéidearthacht go nglacfaidh ball den fhoireann le freagarthacht as eagrú na drámaíochta sa scoil
- comhordú ar dháileadh ama le haghaidh drámaíochta
- pleanáil le haghaidh na leibhéal difriúil fuaime atá i gceist i ndrámaíocht
- teagmháil idir tuismitheoirí agus múinteoirí i dtaca le drámaíocht a eagrú.

### Forbairt ar chomhpháirtíocht na foirne i ndrámaíocht

Mar atá pléite faoi 'Pleanáil curaclaim', ba chóir go mbreathnódh an príomhoide agus an fhoireann ar dhrámaíocht mar ghné thábhachtach den churaclam agus mar dhóigh shainiúil foghlama. Maidir le pleanáil scoile, ciallaíonn sí gan breathnú ar dhrámaíocht mar ghníomhaíocht fhorimeallach nó 'bhreise' ach í bheith lárnach d'eispéireas foghlama an pháiste.

Ba chóir baill na foirne a spreagadh chun dul i gcomhairle lena chéile maidir le comhtháthú na drámaíochta sa churaclam agus eagrú gníomhaíochtaí comhoibritheacha drámaíochta. Tá sé tábhachtach freisin go mbainfidh múinteoirí leas as oideachas inseirbhíse dóibh féin chun go gcuirfidís lena scileanna i múineadh drámaíochta. Cuideoidh seo lena dheimhniú go gcuirfear an curaclam i bhfeidhm go rathúil. Tá forbairt inghairme scoile uile go fíoréifeachtach agus ábhartha chun an t-uasmhéid rannpháirtíochta foirne a éascú sa phleanáil agus i bhfeidhmiú chlár drámaíochta na scoile araon.



Páistí ag féachaint ar staidéar carachtair ar bhalla an tseomra ranga.

Tá sé tábhachtach freisin, má thaispeánann ball foirne spéis ar leith nó cumas i ndrámaíocht sa scoil, go gcothóidh an príomhoide agus an bord bainisteoireachta é seo, agus ba chóir deis a chur ar fáil do na múinteoirí seo pé oiliúint bhreise a bheadh de dhíth orthu a bhaint amach.

Sa phróiseas pleanála agus forbartha curaclaim ba mhór an tairbhe é comhordaitheoir i ndrámaíocht do chlár drámaíochta na scoile. D'fhéadfadh sé/sí an curaclam a éascú ar bhealaí mar

- glacadh le freagracht as eagrú drámaíochta sa scoil
- eagrú oideachais inseirbhíse sa scoil i ndrámaíocht
- misneach a thabhairt do bhaill eile foirne i múineadh na drámaíochta agus tacaíocht a thabhairt dóibh.

## Comhordú ar dháileadh an ama don drámaíocht

Beidh impleachtaí ag breitheanna a thabharfar sa phróiseas pleanála curaclaim maidir le heagrú drámaíochta sa scoil. Níos minice ná a mhalairt beidh baint acu seo le húsáid na n-áiseanna difriúla atá ar fáil don scoil. Is iad na láithreacha is dóchúla don drámaíocht ná an seomra ranga agus halla na scoile nó an seomra ilfhóinteach, cé nach bhfuil aon bhac ar ghníomhaíochtaí éifeachtacha drámaíochta a dhéanamh lasmuigh faoin aer le linn soininne.

Is féidir le múinteoirí drámaíocht an-torthúil a dhéanamh sa seomra ranga, ach chomh maith leis sin éilíonn nádúr ilchineálach na gníomhaíochta

*B'fhéidir go mba chuid riachtanach den cheacht drámaíochta an fothram*

*Tá ról luachmhar le himirt ag tuismitheoirí maidir le léirsmaoineamh na bpáistí ar dhrámaíocht.*

drámaíochta an éascaíocht a thagann leis an spás níos mó a bhíonn ar fáil i halla scoile nó i seomra ilfhóinteach. D'fhéadfadh dáileadh ama don áis seo a bheith ina ghné thábhachtach i bpleanáil eagair don drámaíocht sa scoil.

Cé gur cheart riar seachtainiúil ama a bheith ag gach rang le haghaidh drámaíochta i halla na scoile nó sa seomra ilfhóinteach, éileoidh nádúr na drámaíochta agus an éagsúlacht sna gníomhaíochtaí drámaíochta solúbthacht ar gach ball den fhoireann. Mar shampla, nuair nach gá an spás mór a úsáid le linn seachtaine áirithe don saghas gníomhaíochta drámaíochta ina bhfuil an rang páirteach, d'fhéadfaí é a dháileadh ar rang eile ar bhonn *quid pro quo*. Chuige seo bheadh gá le comhoibriú agus le comhchomhairle rialta araon i measc baill foirne. Ba mhór an chabhair múinteoir a bheith ar fáil a d'eagródh drámaíocht sa scoil ina leithéid de chás.




Caidrimh fhicseanacha

## Leibhéil fuaime

Tá sé tábhachtach go dtabharfaidh drámaíocht an oiread saoirse agus rogha do pháistí agus a luíonn le hábhar, le carachtair, le gníomh agus le suíomh sa ghníomhaíocht áirithe drámaíochta ina bhfuil siad gafa. Beidh leibhéil fuaime atá sách ard mar thoradh air seo amanna.

Mar sin féin, ba chóir go n-aithneodh gach ball den fhoireann nach de dheasca easpa smachta a bhíonn dealramh ar an leibhéal fothraim sa seomra ranga go bhfuil sé as cuimse. Ar an taobh eile de, is amhlaidh a d'fhéadfadh fothram bheith mar chuid riachtanach i gceacht rathúil drámaíochta.

## Comhpháirtíocht do thuismitheoirí

Tá sé tábhachtach i gcomhthéacs teagmhála rialta idir tuismitheoirí agus an scoil go gcuirfí tuismitheoirí ar an eolas faoin gcabhair atá le tabhairt ag drámaíocht d'fhoghlaim is d'fhorbairt an pháiste. Sa chur chuige i leith na drámaíochta sa scoil ba chóir go mbeadh tuismitheoirí páirteach i bpleanáil chun tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm churaclam na drámaíochta. Is féidir leo freisin, de réir mar a oireann ar ócáidí, cuidiú le heagrú na gníomhaíochta drámaíochta. Thar aon ní eile ba chóir tuismitheoirí a spreagadh chun eispéiris drámaíochta páistí a phlé leo. Tabharfaidh seo ról luachmhar dóibh chun léirsmaoineamh na bpáistí ar dhrámaíocht a éascú.

# *Spás á úsáid chun an comhthéacs drámaíochta a dhoimhniú*

Roinn 4

# Pleanáil seomra ranga le haghaidh drámaíochta

# Pleanáil seomra ranga le haghaidh drámaíochta



Ina c(h)ur chuige do phleanáil drámaíochta sa seomra ranga, is gá don mhúinteoir roinnt ceisteanna a chur san áireamh:

- an comhthéacs ginearálta pleanála le haghaidh drámaíochta sa seomra ranga
- ábhar na drámaíochta sa ghearrthréimhse agus san fhadtréimhse
- comhtháthú drámaíochta le hachair eile churaclaim
- múineadh drámaíochta do ghrúpaí ilranga.



Ag comhtháthú amharcealaíona agus drámaíocht—cruthaíonn leanaí a sráidbhaile ficseanach

## Comhthéacs ginearálta pleanála le haghaidh drámaíochta sa seomra ranga

Cuireann drámaíocht sa seomra ranga eispéireas ar fáil do pháistí a

- fhorbróidh a scileanna drámaíochta
- fhorbróidh a gcumas chun drámaíocht a úsáid chun cur lena n-eispéireas foghlama in achair eile curaclaim
- chuideoidh lena bhforbairt fhoriomlán.

Beidh gá le pleanáil fhadtéarmach agus ghearrthéarmach chuige seo a chomhshnaidhmfidh páirtíocht rialta le gach ceann de na cuspóirí ábhair sa churaclam drámaíochta agus a chinnteoidh go mbainfear úsáid chomhsheasmhach shamhlaíoch as na trí réamhriachtanas i bpróiseas na drámaíochta:

- ábhar
- an lionsa ficseanach
- cruthú timpeallachta sábháilte.

D'fhonn soláthar le haghaidh an leanúnachais a dheimhniú tá sé tábhachtach go gcuirfidh an múinteoir eispéireas na bpáistí sa drámaíocht roimhe seo san áireamh. Chuige seo beidh gá le dul i gcomhairle le múinteoir a mhúin na daltaí roimhe sin, mar aon le meá ar aon mheasúnú a rinneadh ar dhul chun cinn na bpáistí agus ar a n-eispéireas sa drámaíocht chun a leibhéal cumais agus a n-eispéireas in úsáid drámaíochta le haghaidh foghlama a dhéanamh amach.

Mar sin ba chóir go bpleanálfadh an múinteoir

- eispéireas chomh leathan agus chomh saibhir agus ab fhéidir a thabhairt do pháistí i ndrámaíocht ach é ag teacht lena gcéim forbartha
- an méid seo a shuíomh sna comhthéacsanna éagsúla d'obair na bliana, de thréimhsí roinnt seachtainí agus d'obair gach seachtaine
- cothroime a aimsiú idir gníomhaíocht bunaithe ar eispéireas, cúraimí agus ábhair mhachnaimh ghinearálta na bpáistí agus drámaíocht a éiríonn as agus atá comhtháite le hachair eile churaclaim.

## Ábhar na drámaíochta

### Pleanáil fhadtéarmach

Tá sé tábhachtach corp foriomlán ábhair le haghaidh drámaíochta don bhliain a aithint. Eascróidh sé seo as roinnt foinsí; ina measc tá

- drámaíocht a éiríonn as eispéireas laethúil na bpáistí
- saincheisteanna áirithe mar fhreagracht ar mhaith leis an múinteoir iad a iniúchadh trí dhrámaíocht, b'fhéidir
- gnéithe den saol atá thart, den am i láthair agus den saol a d'fhéadfadh bheith romhainn a spreagfaidh fiosracht na bpáistí
- riachtanais, cúraimí agus ábhair mhachnaimh na bpáistí
- ábhar agus saincheisteanna as achair eile curaclaim.

Beidh sé tairbheach don mhúinteoir liosta díobh seo a aithint agus plean a ullmhú a chuirfidh a gcomhtháthú sa phlean iomlán curaclaim d'obair na bliana san áireamh. Ní mór áit don tsolúbthacht bheith sa phlean, ar ndóigh, ós rud é go maolóidh an múinteoir ábhar na drámaíochta in imeacht na bliana chun freastal ar thosca mar

- méid an dul chun cinn a dhéanann an rang sna hachair dhifriúla curaclaim
- dul chun cinn na bpáistí aonair sa rang
- an méid a bheidh tionchar ag imeachtaí reatha ar eispéireas scoile
- an riachtanas atá ann freastal ar shaincheisteanna, chúraimí agus ábhair spéise ranga agus páistí aonair.

Sa chomhthéacs seo tá sé tábhachtach go mbainfidh an múinteoir lánúsáid as gnéithe na drámaíochta, as na réamhriachtanais chun drámaíocht a chumadh agus as ábhar an churaclaim sna gníomhaíochtaí difriúla drámaíochta. Deimhneoidh seo go mbeidh gnéithe riachtanacha na solúbthachta ann, agus cuirfidh sé le saibhreas eispéireas drámaíochta na bpáistí. Éascóidh sé go mór leanúnachas agus leithne phlean fhadtéarmaigh an mhúinteora más féidir leis/léi liosta eispéireas drámaíochta a aithint is féidir a thionscnamh ó thúsphointí difriúla—ábhar, achtachán, léirsmaoineamh, srl. (Féach 'Cuntais ar ghníomhaíochtaí rathúla drámaíochta', lch 64-91.)

## Pleanáil ghearrthéarmach

D'fhéadfaidís seo a bheith i gceist i bplean seachtaine sa drámaíocht:

- drámaíocht ag éirí as obair na seachtaine roimhe sin
- gníomhaíocht atá mar chuid de ghníomhaíocht drámaíochta níos leathnaithe
- iniúchadh úr drámaíochta.

Pé ar bith é, tá sé tábhachtach go gcinnfidh an múinteoir roimh ré ar fhócas úr dearfa do dhrámaíocht na seachtaine, chomh maith le pé acu túsphointí is oiriúnaí agus is éifeachtacha le roghnú chun an t-ábhar roghnaithe a thionscnamh.

Ní foláir freisin socrú a dhéanamh faoi chomhtháthú na drámaíochta le hachair eile churaclaim. Amanna nuair nach féidir an buntáiste áirithe foghlama a réamhinsint ag an tús, agus nuair a bhraitheann sé b'fhéidir ar an treo a ghabhann na páistí sa dráma, ní gá go mbeidh pleanáil mar sin indéanta. Mar sin féin, tá sé tábhachtach go ndéantar smaoineamh cúramach ar

- mhéid an chomhtháite
- fhad agus mhinicíocht na gníomhaíochta comhtháite
- an gcabhair ar leith is féidir le drámaíocht a thabhairt don eispéireas foghlama a aithint.

Is rud bunúsach é i suíomh ar bith ina dtarlaíonn comhtháthú drámaíochta le hachar eile curaclaim, pé acu an eascraíonn an ghníomhaíocht as an drámaíocht *per se* nó as ábhar i ngné eile léinn, gurb é mianach na drámaíochta an príomhchúram.

Mar a cuireadh i dtreis cheana i Roinn 3, 'Pleanáil scoile le haghaidh drámaíochta', dá fheabhas í an drámaíocht is ea is fearr caighdeán na foghlama.

Ba chóir don mhúinteoir ullmhú le haghaidh gníomhaíochta sa drámaíocht trí aithint shoiléir a thabhairt do

- chuspóirí drámaíochta na gníomhaíochta.
- chuspóirí foghlama na gníomhaíochta.

Ní bheidh rath ar an obair mura mbainfear an dá cheann seo amach.

Ag leibhéal an-phraiticiúil ba chóir go gcinnfeadh an múinteoir ar líon áirithe radharc a bheidh mar bhonn le hobair na seachtaine. Ba chóir iad a roghnú i gcomhthéacs na gceisteanna pleanála atá pléite cheana féin, ach níor cheart an rogha a bheith righin. B'fhéidir go mbeadh sé níos oiriúnaí, radhairc a úsáid seachas iad sin a ndearnadh pleanáil dóibh, cinn a d'éireodh as an saothar drámaíochta féin nó as na hachair eile churaclaim.

## Comhtháthú na drámaíochta le hachair eile churaclaim

Mar a léiríodh sa roinn roimhe seo, 'Ábhar na drámaíochta', tá sé tábhachtach, sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma araon, comhtháthú drámaíochta le hachair eile curaclaim a phleanáil go cúramach. Pé acu ar chóir tabhairt faoi chomhtháthú atá beartaithe, braithfidh an cinneadh go hiomlán ar an méid a chuirfidh an drámaíocht leis an eispéireas foghlama san achar lena bhfuil sé comhtháite. Rachaidh roinnt gnéithe i gcion ar an gcinneadh seo:

- nádúr an ábhair
- conas a chuirfear eispéireas drámaíochta na bpáistí agus castacht an ábhair atá le foghlaim le chéile
- oiriúnacht na drámaíochta chun déileáil le corp eolais in achar eile curaclaim atá níos leithne, mar shampla mar a d'fhorbair cúrsaí iompair
- mothálacht an mhúinteora i leith eispéiris fhoghlama a tharlaíonn gan coinne agus atá spontáineach agus ar féidir le drámaíocht iad a chur ar fáil sa ghníomhaíocht sheachtainiúil sa seomra ranga
- an méid is féidir le drámaíocht deacrachtaí áirithe foghlama nó coincheapúla a d'fhéadfadh a bheith ag an rang nó ag grúpa nó ag páistí aonair a shárú.

Tugann an greille pleanála ar lch 30 treoir faoin gcaoi ar féidir gníomhaíocht drámaíochta a chomhtháthú le hábhair eile. Tá sé seo bunaithe ar ghníomhaíocht drámaíochta 3, ar a bhfuil mionchur síos ar lch 74-79.

# Mar is féidir gníomhaíocht drámaíochta a chomhtháthú le hachair eile churaclaim

Ciorcal laistigh: comhtháthú a tharlaíonn laistigh den cheacht féin

Ciorcal lasmuigh: leathnuithe agus taiscéalta breise a d'fhéadfadh éirí as an gceacht.

**Dráma faoi thuama ursanach: Gníomhaíocht drámaíochta 3 (féach lch 74-9)**

## Ciorcal laistigh

### Stair
Easpa áiseanna

Uirlísí agus gléasanna

Forleithne portaigh

Ganntanas oibrithe

Riachtanas obair agus cnuasú a dhéanamh chun maireachtála

### Matamaitic
Tonnáiste

Meáchan cloch

Fadhbanna matamaitice atá bainteach leis an tuama

### OSPS
Ag déileáil le héad

Ag stiúradh comhráite

Sochar pearsanta faoi pháirt a ghlacadh i réiteach fadhbanna

Smaoineamh sleasach

### Ceol
Fuaimeanna bainteach le hobair

### Corpoideachas
Úsáid léiritheach an choirp

Ag léamh teanga coirp

### Amharcealaíona
Líníocht ar ghnéithe teicniúla, íomhá neamhbheo á léamh mar phictiúr

### Tíreolaíocht
Scálaí agus fad

Portaigh agus carraigeacha

### Teanga
Ag cur idéanna in iúl, mothúcháin agus dearcadh ag leibhéal ficseanach agus réalaíoch. Teanga a bhaineann le réiteach fadhbanna, ag úsáid agus ag léamh teanga an choirp

### OSIE
Na gnéithe innealtóireachta

Cumhacht agus a cuid foinsí

Luamháin agus cuimilt

Soilsiú saorga

Fothain

Eagrú treibheach

## Ciorcal lasmuigh

### Stair
Ogham

Gléasanna scríbhneoireachta

Malartuithe aimsire

Tuamaí Clochaoise

Solas saorga trí na haoiseanna

### Matamaitic
Obair bhreise ar mheáchan ábhar éagsúil

### Ceol
Fuaimrian d'eachtra san eachtra—roghnaigh nó déan

### Corpoideachas
Damhsa bunaithe ar an eachtra

### Amharcealaíona
Pictiúir agus colláisí

D'íomhánna ón eachtra, cláraíonn ealaíontóir na linne sin eachtra éigin

### Tíreolaíocht
Portaigh

Connadh ion-taise

Seandálaíocht agus foinsí maidir le carraigeacha éagsúla

Suímh tuamaí ursanacha agus pasáiste

## Múineadh na drámaíochta do ghrúpaí ilranga

Agus é/í ag dul i mbun drámaíochta le grúpa ilranga ní mór don mhúinteoir tosca agus constaicí a chloí nach bhfuil taithí orthu ag a c(h)omhghleacaí a mhúineann grúpa aon ranga. Is iad na cinn is suntasaí díobh seo ná: na difríochtaí níos leithne in aoiseanna is in aibíocht na bpáistí, na curaclaim dhifriúla a bhfuil na páistí ag déileáil leo, an chastacht bhreise i gcomhtháthú drámaíochta le hachair eile churaclaim, agus iad seo uile a chur san áireamh le gníomhaíocht éifeachtach drámaíochta.

Cé gur féidir leo seo deacrachtaí a chruthú don mhúinteoir ilranga, cuireann na grúpaí seo deiseanna dá gcuid féin ar fáil le haghaidh eispéireas foghlama. Go príomha ina measc seo tá na cinn seo a leanas:

- Is féidir leis na haoiseanna difriúla agus leis na leibhéil éagsúla aibíochta eispéireas saibhir a chur ar fáil i gcumarsáid agus i gcomhoibriú sa drámaíocht
- Is féidir raon eispéireas taobh amuigh de theorainn curaclaim a ranga a chur i láthair páistí níos óige trí mheán na drámaíochta.
- Faigheann páistí níos sine deis ar na páistí atá níos óige a ghríosú agus tacú leo.
- Is féidir le páistí níos sine breis solúbthachta agus oscailteachta a fhoghlaim ina gcur chuige i leith comhoibrithe trí shaothrú le páistí níos óige.

D'fhonn tairbhe a bhaint as na buntáistí seo, agus na deacrachtaí a sheachaint, is féidir leis an múinteoir roinnt straitéisí a úsáid. Is féidir súgradh struchtúrtha a eagrú do na páistí beaga fad is a bhíonn na páistí níos sine ag déanamh drámaíochta. Mar mhalairt, is furasta, má bhíonn ranganna 1 agus 2 ag déanamh píosa drámaíochta, rólanna a aimsiú do na páistí atá níos óige ann, agus tascanna atá ar a gcumas a thabhairt dóibh laistigh den dráma. Is féidir an múnla oibre seo a leathnú, le pleanáil chúramach, chun úsáid na drámaíochta a bheith mar ghníomhaíocht lárnach trínar féidir le páistí foghlaim a dhéanamh de réir a n-inniúlachta agus a gcumas. Is féidir an cur chuige céanna a úsáid i dteagasc ilranganna sna meánranganna agus sna hardranganna.

Chun go n-oibreoidh córas oibre den saghas seo ní mór don mhúinteoir struchtúr a chur ar a lá oibre ar bhealach atá difriúil lena ndéanfaidh an múinteoir aonranga. Beidh sé i gceist anseo tionscadail drámaíochta a roghnú trínar féidir ábhar ar leith atá ní hamháin oiriúnach ach dúshlánach freisin do na haoisghrúpaí go léir atá i gceist a iniúchadh, agus inar féidir tascanna oiriúnacha a leagan síos do gach aoisghrúpa. I nGníomhaíocht drámaíochta 3, mar shampla, (lch 74) is féidir a fheiceáil go bhfuil cuid de na fadhbanna matamaitice atá le réiteach oiriúnach do pháistí níos sine, ach go bhfuil roinnt eile oiriúnach d'aoisghrúpa níos óige. Mar an gcéanna sa ghníomhaíocht drámaíochta faoi iascaireacht na gealaí (lch 80), d'fhéadfadh páistí, ag a

leibhéal féin, pictiúir a líniú de na rudaí iontacha sa domhan nua, nó litreacha a scríobh le seoladh abhaile lena insint dá muintir féin go bhfuil greim beirthe acu faoi dheireadh ar an ngealach agus a bheith ag súil abhaile leo faoi réim.

Ag leanúint leis an gcur chuige céanna, d'fhéadfaí ceachtanna sciobtha ar struchtúir oiriúnacha gramadaí nó ar an gcaoi le líniú agus dath a úsáid a chomhshnaidhmeadh ag leibhéil dhifriúla le linn na gníomhaíochta seo. Tá sé i gceist anseo, le linn foghlama trí dhrámaíocht, go ndéanfaí saothrú amach ón taobh istigh chun na gníomhaíochtaí difriúla forbartha a shníonn ón drámaíocht a thabhairt isteach.

Braithfidh dea-thoradh an mhodha spreagúil seo ar phleanáil an-chríochnúil, san fhadtéarma agus sa ghearrthéarma araon. Ba chóir go gcuirfeadh pleanáil fhadtéarmach an mhúinteora cúraimí mar seo a leanas san áireamh

- na scileanna agus na coincheapa drámaíochta nach foláir a mhúineadh
- na topaicí atá le plé
- a mhéid a bhfuil drámaíocht le comhtháthú le hachair eile curaclaim, agus cén chaoi.

Cuirfidh pleanáil ghearrthéarmach ar a c(h)umas drámaíocht a chomhtháthú leis na hachair uile seo ag leibhéil atá in oiriúint do na daoine aonair éagsúla sa rang. Ba chóir, áfach, go mbeadh pleanáil an mhúinteora i gcónaí solúbtha go leor chun na deiseanna foghlama spontáineacha a thagann chun cinn i ngníomhaíocht drámaíochta a chur san áireamh.

Sa suíomh seo is féidir 'fallaing an tsaineolaí' a úsáid gan dua. D'fhéadfadh sampla de seo tosú leis an múinteoir ag rá, 'An bhfuil eolas ar bith ag aon duine ar NASA? Tá litir agam uathu,—ó, sea, deirtear anseo: Riarachán Náisiúnta Aerloingseoireachta agus Spáis; agus is mian leo a fháil amach an bhféadfaimis comhairle a chur orthu an féidir láthair tuirlingthe a thógáil sa phortach seo againne. Léifidh mé daoibh í.' Chuirfeadh sé sin tús le tionscadal comhtháite inar féidir le gach aon duine bheith páirteach.

San obair seo go léir agus le linn dó/di bheith ag meascadh agus ag athrú na ngrúpaí go minic, dáilfidh an múinteoir gníomhaíochtaí orthu ar bhealach a fhreastalóidh ar chumais éagsúla na ndaltaí. I roinnt gníomhaíochtaí grúpálfaidh sé/sí páistí de chumais chosúla, ach i ngníomhaíochtaí eile roghnófar grúpaí le cumais mheasctha. Má dhéantar meascadh d'aon ghnó ar pháistí le haoiseanna agus cumais dhifriúla is féidir go rachaidh sé chun tairbhe d'fhoghlaim agus d'fhorbairt na bpáistí ar bhealaí éagsúla. Is féidir leis

- cuidiú le páistí níos sine glacadh le freagracht i dtaca le foghlaim páistí níos óige agus a bheith freagrach aisti
- deis a thabhairt do pháistí níos sine ar thaithí a fháil ar an saghas cúraim a bheadh mar bhunús le dea-thuismíocht amach anseo
- léargas a thabhairt do pháistí níos sine agus níos óige, ar na cúraimí agus na hábhair bhuartha a bhíonn ag aoisghrúpa í eile.

Tabharfaidh an múinteoir go leor deiseanna spreagúla eile faoi deara le haghaidh foghlama atá gríosaitheach agus spreagúil de bharr áit a thabhairt don drámaíocht sa churaclam.





Páistí ag socrú an spáis don dráma



*Ag gabháil isteach sa dráma le fonn*

Roinn 5

# Cur chuige agus modhanna múinte

# Cur chuige agus modhanna múinte

Is é aidhm na roinne seo de na treoirlínte cur chuige praiticiúil do theagasc drámaíochta sa seomra ranga a sholáthar do mhúinteoirí. Beidh plé maidir leis na comhpháirteanna riachtanacha sa phroiseas-dráma ann mar aon leis na slite trínar féidir iad seo a ionchorprú i ngníomhaíochtaí praiticiúla drámaíochta.

Tosaíonn an roinn le creat an phrionsabail ar chóir gach gníomhaíocht phróiseas-drámaíochta a bhunú air ar fud na scoile; cothú an chlaonta spontáinigh sa pháiste le haghaidh súgartha cur i gcéill, agus a chaomhnadh mar eispéireas comhlíonta de ghníomhaíocht drámaíochta tríd an mbunscoil ar fad.


Déantar machnamh ar chomhpháirteanna riachtanacha an phróisis-drámaíochta ansin. Is iad seo:

- snáithaonaid an churaclaim (a gcreat leagtha amach cheana i Roinn 2, lch. 9-13)
- na trí réamhriachtanas chun próiseas-drámaíocht a chumadh
- ocht ngné na drámaíochta.

Pléitear go mion conas mar a chuidíonn gach ceann díobh seo le struchtúr agus dinimic na drámaíochta praiticiúla agus conas mar a léiritear le samplaí iad

- i gcur chuige praiticiúil bunúsach i leith drámaíochta sa seomra ranga
- i gcur síos ar chúig ghníomhaíocht drámaíochta a raibh dea-thoradh orthu le grúpaí difriúla páistí.

Ceaptar go mbeidh an cur síos seo ar ghníomhaíochtaí drámaíochta fíorúsáideach do mhúinteoirí. Ní hamháin go dtugtar mionchuntas orthu le tráchtaireacht faoina struchtúr, spriocanna foghlama agus modhanna teagaisc ach déantar anailís orthu maidir lena mbainteacht leis na cuspóirí ábhair sa churaclam. Mar sin bunaítear an roinn iomlán seo de na treoirlínte do mhúinteoirí ar an struchtúr seo a leanas:



## Ó shúgradh cur i gcéill go próiseas-drámaíocht

Bíonn an téacs drámaíochta is simplí le haithint i súgradh cur i gcéill an pháiste, agus is féidir an gaol idir é agus oideachas a thabhairt faoi deara sa sampla seo a leanas.

Tá súgradh tí ar siúl ag beirt pháistí. I gcomhar lena chéile tá an t-imshaol iompaithe ina achar siombalach acu: tá an timpeallacht athraithe sa mhéid go seasann sí do rud éigin eile. Soláthraíonn sí comhthéacs siombalach dóibh chun gníomhartha siombalacha a thriail agus chun teacht ar thátail maidir le réaltacht agus leis an gciall atá léi.

Réaltacht—an comhthéacs réalaíoch, na fíordhaoine inti, agus a gcuid gníomhartha realaíocha: níl tuiscint iomlán acu orthu seo agus níl smacht acu orthu, mar sin cruthaíonn siad saol cur i gcéill ina bhfuil na tosca, na daoine agus na heachtraí ann faoi réir ag a gcumas bainisteoireachta fein. Sa tslí seo, tríd an saol siombalach, is féidir leo iniúchadh a dhéanamh ar an saol réadach, agus iarracht a dhéanamh ar é a thuiscint. Is í seo an tslí atá ag an bpáiste réamhscoile chun tuiscint a aimsiú agus ciall a bhaint as eispéireas, as an timpeallacht agus an saol.

Ní chuirtear an téacs drámaíochta seo 'i láthair' d'aon lucht éisteachta seachtrach, agus ní bhraitheann an fhoghlaim a ghnóthaítear as ar a chur i láthair. Is í freagairt phearsanta na bpáistí ar an méid atá ag titim amach sa drámaíocht, fiú de réir mar a fhorbraíonn sé, an ghníomhaíocht foghlama inti féin, agus is céim ar aghaidh í go torthaí eile foghlama.

Is iad na tréithe is soiléire den súgradh cur i gcéill ná:

- bheith toilteanach a chreidiúint go bhfuil an tsiombail 'réalaíoch'
- dáiríreacht i nglacadh le rólanna agus in imirt carachtar
- glacadh le hiarmhairtí ficseanacha an dráma
- flosc chun iniúchadh a dhéanamh.

Imreoidh páistí óga gan amhras, agus iad dall ar na gnéithe seo, ach tá na gnéithe sin ar chuid díobh siúd riachtanach d'fhoghlaim trí dhrámaíocht.

Tá an cumas chun súgartha ar an mbealach seo ina lán-neart sa pháiste réamhscoile, agus d'fhéadfadh go rachadh sé i léig de réir a chéile ag tuairim is cúig bliana d'aois, cé gur féidir an claonadh seo a thabhairt faoi deara go furasta i bpáistí níos sine sa chlós agus ar an tsráid, mar shampla nuair a dhéanann siad aithris ar phíosaí ficsin bunaithe ar charachtair sna scannáin nó ar an teilifís. Is foirm níos comhfhiosaí agus níos sofaisticiúla de shúgradh cur i gcéill í drámaíocht oideachasúil. Tá a buntréithe mar an gcéanna leo sin thuasluaite. Tá mar chúram ag an gcéad aidhm ábhair i ngach snáithe den churaclam contanam a bhunú ó shúgradh cur i gcéill go dtí drámaíocht agus tréithe is buntáistí foghlama an tsúgartha cur i gcéill maidir le heispéireas an pháiste ar dhrámaíocht oideachasúil ar fud na bunscoile a chaomhnú.

Toisc go dtosaíonn an claonadh nádúrtha chun súgartha cur i gcéill ag dul i léig, tá sé riachtanach go gcuirfidh cur chuige comhsheasmhach i leith na drámaíochta sa churaclam deis ar fáil do pháistí ar na saintréithe inti a úsáid chun leas a bhaint as na buntáistí oideachasúla a chuireann sí ar fáil. Sa chruth is simplí, is é a bheadh i gceist anseo ná an múinteoir ag moladh suímh agus carachtar áirithe do na páistí, agus á spreagadh trí rólghlacadh a dhéanamh ar na carachtair chun iniúchadh a dhéanamh ar cad a thitfeadh amach. D'fhéadfadh an múinteoir a rá, 'Tá an banphrionsa á coinneáil sa chaisleán, agus is mian leatsa í a tharrtháil. Bain triail as slite difriúla trína bhféadfá a áiteamh ar an bhfairtheoir tú a scaoileadh isteach'. Bheadh mar bhunbhrí leis an ngníomhaíocht go nglacfadh na páistí leis an bhficsean agus go leanfadh siad iarmhairtí na drámaíochta pé treo a ghlacann an dráma féin. Tá an coincheap seo, glacadh leis na hiarmhairtí san fhicsean, mar aon le gníomhartha agus freagairt na gcarachtar, an-tábhachtach, mar a fheicfear níos déanaí. Is iad príomhghnéithe na gníomhaíochta, mar sin, ná:

- suíomh ina mbunaítear carachtair ar leith
- dráma a chruthú, trí theanga agus aicsean, ina ndéanann páistí iniúchadh ar réitigh agus iarmhairtí féideartha atá nádúrtha sa suíomh sin.

Sin a bhfuil sa bhunaonad, an bloc tógála san eispéireas drámaíochta, agus braitheann a éifeacht ar spéis is ar dhíograis na bpáistí. Má ghlacann na páistí leis an bhficsean, agus má tá siad sásta na hiarmhairtí ar ghníomhartha is ar fhreagairt na gcarachtar a leanúint, is féidir leis ní hamháin bheith taitneamhach ach bheith luachmhar mar eispéireas foghlama. Mar sin féin ní féidir a acmhainn le haghaidh foghlama a chur i gcrích go hiomlán murar eol don mhúinteoir conas radharc a thógáil ar radharc ar mhaithe le torthaí inmhianaithe foghlama a ghnóthú. Chun an méid seo a bhaint amach, ní mór don mhúinteoir bheith i gcónaí aireach go bhfuil gach dráma, pé acu sa seomra ranga é nó san amharclann, bunaithe ar iniúchadh ar an saol (cad a tharlódh dá …?). Mar atá i ngach gníomhaíocht chruthaitheach treoraíonn fiosracht, imfhios nó loighic roghnú na dtaiscéalta atá le déanamh, agus braitear go minic go mbíonn an fhírinne nó oiriúnacht na dtátal i gceart, ar bhonn aeistéitiúil, fiú amháin sular féidir í a chomhshamhlú go loighciúil.


Is gné den drámaíocht í gníomhaíocht fhisiceach

Ar fud speictream iomláin na drámaíochta, is féidir raon a bheith sna téacsanna, ó thaobh scála agus castachta ábhair, ag síneadh ó thobchumadh simplí sa seomra ranga go dráma de chuid Shakespeare, agus tá an luach siamsa i dtéacs ina ghné thábhachtach i spreagadh agus i gcumadh na freagartha. Sa phróiseas-dráma nó dráma sa seomra ranga cruthaítear 'dráma' ar mhaithe leo siúd atá páirteach ann, agus eascraíonn gné an tsiamsa as an sult a thagann le páirtíocht—an sult céanna a fhaigheann an páiste as a d(h)ráma cur i gcéill.

Na réamhriachtanais i ndéanamh drámaíochta

- ábhar
- an lionsa ficseanach
- timpeallacht shábháilte

## Na réamhriachtanais chun drámaíocht a dhéanamh

Comhshnaidhmeann an cuntas thuas ar an mbunaonad, an bloc tógála, in eispéireas na drámaíochta, na trí réamhriachtanas chun próiseas-drámaíochta a dhéanamh sa seomra ranga. Is iad sin:

- ábhar
- an lionsa ficseanach
- timpeallacht shábháilte a chruthú sa seomra ranga.

Soláthraíonn an chéad dá cheann, ábhar agus an lionsa ficseanach, an cur chuige, an tslí isteach i ngníomhaíocht drámaíochta sa seomra ranga. Tá an tríú ceann, timpeallacht shábháilte, riachtanach amach is amach má tá rath i ndán don drámaíocht.

### Ábhar

Bíonn ábhar na drámaíochta bunaithe i gcónaí ar ghné éigin den saol. Tá a bhunábhar mar theaglaim

- d'ábhar a raibh taithí air, a samhlaíodh nó ar léadh faoi
- de ghnéithe den saol ón am atá thart, ón am i láthair nó sa todhchaí fhéideartha a spreagfaidh fiosracht na bpáistí
- de riachtanais, cúraimí agus ábhair bhuartha na bpáistí
- de shaincheisteanna, mar chaidrimh ba mhian leis an múinteoir a iniúchadh trí dhrámaíocht
- d'ábhar curaclaim, ar féidir le drámaíocht a léirmhíniú, agus ar gá an ghné dhaonna de a iniúchadh go gníomhach, b'fhéidir.

Seolfaidh an múinteoir na páistí i dtreo an ábhair, a thabharfaidh treoir chuig saincheisteanna, téamaí agus eolas a cheaptar a bheith tábhachtach do na daltaí ag a leibhéal ar leith forbartha. Ag an tús ba chóir go gcuideodh an t-ábhar seo le páistí óga teacht ar chomhréiteach agus ar thuiscint faoina bhfaitíos, a n-imní agus a gcorraitheacht i saol nua atá mór, dainséarach agus iontach. Beidh sé i gceist ann cabhrú leis an bpáiste déileáil leis an ngarshaol sa bhaile agus ar scoil agus caidrimh a fhorbairt laistigh de. Ba chóir freisin go gcuideodh an t-ábhar i leathnú eolas an pháiste d'fhonn tuiscint a fháil ar an bpobal go forleathan agus ar an saol mór, agus na scileanna a bheidh de dhíth air/uirthi a fhorbairt chun dul in oiriúint don saol sin agus é a chomhshamhlú.

De réir mar a fhásann an páiste beidh an múinteoir eolach ar na riachtanais phearsanta agus shóisialta ar leith atá ag forbairt ann/inti. Ba chóir go bhfreastalódh téamaí drámaíochta, gníomhaíochtaí agus saincheisteanna atá le hiniúchadh ar an méid seo, agus cabhair a thabhairt don pháiste déileáil le deacrachtaí pearsanta agus sóisialta trí sheasamh siar uathu sula n-éiríonn sé/sí cleachtach iontu. Úsáidfear ábhar na drámaíochta freisin chun cuidiú le agus spreagadh a thabhairt i bhfoghlaim ábhair churaclaim atá oiriúnach.

De réir mar a aibíonn an páiste forbraíonn sé/sí coincheap éigin faoin tionchar a bhí ag am ar an domhan seo. Is féidir le hábhar na drámaíochta cuidiú leis/léi chun breathnú ar stair mar chontanam de ghníomhaíocht dhaonna ar mhair daoine tríd, agus imeachtaí an ama i láthair a fheiceáil mar fhórsa ag brú ar aghaidh go dtí todhchaí ar féidir fós dul i gcion uirthi. Is féidir leis an bpáiste éirí feasach faoi ghné dhaonna an eolais ina iomláine, agus is féidir drámaíocht a úsáid chun comhcheangal a dhéanamh idir eispéireas an pháiste agus an t-eolas nua seo, agus sa tslí sin taighde a spreagadh ar achair ábhartha eolais. Is féidir freisin déileáil le fadhbanna pearsanta agus sóisialta mar bhulaíocht agus fhulangacht atá ag tosú ar iad féin a léiriú.

Faoin am a sroicheann an páiste na ranganna sinsearacha is féidir drámaíocht a úsáid chun fíricí a mheabhrú agus, trí úsáid scripte, cur i gcéill maidir le fíorimeachtaí a bhunú. Níor cheart script a úsáid ach go tíosach, agus fiú ansin i gcomhcheangal le dea-chleachtas drámaíochta amháin. Is féidir leis an drámaíocht dul i gcion go láidir ar leathnú stór focal na bpáistí freisin agus ar mhúineadh scileanna sainiúla teanga. Mar sin féin níor mhiste a mheabhrú, pé acu an bpléann sé le hábhar as achair eile an churaclaim nó le hábhar a bhfuil ábharthacht ar leith aige le grúpa áirithe páistí, gur chóir go dtabharfadh drámaíocht daoine i dtreo na tuisceana agus chuig foilsiú patrúin agus brí i gcónaí.

### *Roghnú ábhair*

Agus ábhar á roghnú, ba chóir don mhúinteoir roinnt cúinsí a ghlacadh mar stiúir, agus baint acu go léir le mianach ar leith an eispéiris foghlama a chuireann sí ar fáil. Ba chóir go gcuideodh ábhar drámaíochta chun

- fiosracht faoi eolas a chothú sna páistí
- scileanna taighde a spreagadh agus cuidiú leo, agus ionad an fhiosrúcháin phearsanta a thaispeáint go gníomhach maidir le sealbhú eolais
- an gaol idir dúil chun rud éigin a fháil amach agus an cumas chun an t-eolas sin a shealbhú a thaispeáint don pháiste
- an páiste a chur ar an eolas faoin ngné dhaonna atá ina cuid dhílis den eolas ina iomláine
- tuiscint an pháiste ar thopaicí is ar théamaí na beatha a mhéadú
- imfhios a thabhairt don pháiste i ngnéithe den saol atá ríthábhachtach dá f(h)orbairt

- eolas a chur i gcomparáid le heispéireas
- cuidiú leis an bpáiste trí na céadfaí go léir a tharraingt isteach, agus trí eispéireas iomlán coirp, an chuimhne a fhorbairt, agus go mór mór an fhadchuimhne maidir le fíricí agus sonraí.

## An lionsa ficseanach

Nuair a bhíonn an t-ábhar roghnaithe, scrúdaítear é trí mheán an lionsa fhicseanaigh. Is é seo an bealach ina n-aistrítear an t-ábhar ina scéal. Tá ciall dhúbailte leis an gceist 'Cad é an scéal?' agus is é sin 'Cad é an fíorshuíomh?' agus 'Cad é an ficsean?' Breathnaíodh riamh ar chumadh plota (sraith d'imeachtaí) agus ar théama (fócas ar mhachnamh ar eisint is ar phatrún), ó mhiotas go finscéal go Shakespeare go sraithscéal teilifíse, mar shlí dhlistineach chun réaltacht a thuiscint. Mar shampla, d'fhéadfaí saincheist na bulaíochta a scrúdú trí fhicsean a chumadh faoi bhuachaill agus a mhadra, a chairde, a thuismitheoirí, a gcineáltacht agus a gcruálacht. Tabharfaidh scéalaíocht den saghas seo deis don pháiste a bhfuil claonadh chun bulaíochta ann/inti, chomh maith leis na páistí úd a bhfuil bulaíocht fulaingthe acu, ar ionannú a dhéanamh leis an mbuachaill ficseanach atá ag fulaingt bulaíochta, agus na saincheisteanna atá i gceist a scrúdú, gan an chosaint phearsanta a dhéanamh a bheadh riachtanach dá dtabharfaí go díreach faoin ábhar. Coinníonn lionsa an fhicsin an tsaincheist fada go leor amach chun gur féidir leis na rannpháirtithe í a láimhseáil le braistint sábháilteachta, ach ag an am céanna í a chur i láthair ar chaoi a mbíonn na gnéithe riachtanacha intí soiléir. Mura mbeadh anseo ach scéal a léadh, d'fhéadfadh duine éigin, a raibh bulaíocht déanta aige/aici rogha a dhéanamh éirí as an díospóireacht, agus dá thoradh sin as plé gníomhach ar na saincheisteanna. Tá an modh gníomhach spraíúil dearfach ina gcruthaíonn drámaíocht scéalta ina bhaoite a tharraingíonn an uile dhuine isteach i rannpháirtíocht.

Sna ranganna naíonán agus sna ranganna sóisearacha, is iad na scéalta agus na himeachtaí ficseanacha an lionsa ficseanach trína ndéantar idirghabháil leis an ábhar, na scéalta faoi ainmhithe, bhréagáin, aithreacha, mháithreacha, thurais simplí, stopanna bus agus claochlaithe eile ficseanacha go léir a thugann deis don pháiste triail a bhaint, go sábháilte, as suímh a dtagtar trasna orthu san fhíorshaol. Níos déanaí, nuair nach mbeidh faitíos a thuilleadh ar an bpáiste roimh fhantaisíocht ná fhinscéalaíocht, is féidir iad seo a chur leis an bhficsean atá in úsáid. Ó na meánranganna ar aghaidh, bainfear úsáid níos leithne fós as fíorscéalta ón stair nó ó chúrsaí reatha (a bhíodh in úsáid i gcónaí ón tús). Ag an gcéim seo tá sé tábhachtach go dtugann cumadóireacht ar leith an eachtra dhrámatúil deis don pháiste, ar pháirt a ghabháil sa drámaíocht gan bheith teoranta do léiriú lom ar na fíorais.

Faoin am a sroicheann siad rang 6, ba chóir go mbeadh tús tuisceana curtha ag na páistí ar an ngaol riachtanach atá ag drámaíocht leis an saol, agus ba cheart go mbeadh an bonn leagtha síos le haghaidh roghnú dea-eolach ar ghníomhaíocht shuntasach. Ba cheart freisin go mbraithfeadh páistí conas mar a ghníomhódh genres difriúla (tragóideach, coiméideach, áiféiseach) mar lionsaí idirdhealaithe ar an réaltacht. Tabharfaidh sé seo treoir dóibh chun léirthuiscint bharántúil a fháil ar litríocht dhrámatúil mar mhacasamhail le haghaidh gníomhaíochta drámatúla. Is féidir, go mór mór sna ranganna sinsearacha, ficsin atá ann cheana, mar scéalta, dánta, scripteanna nó físeáin léirithe, a úsáid mar réamhthéacsanna, agus mar sin ábhair a sholáthar a bhfuil idirghabháil déanta ina leith tríd an lionsa ficseanach ag an scríbhneoir nó ag an stiúrthóir.

Ní mór a thuiscint áfach, go bhfuil cumadh scéalaíochta i gceist i bpróiseas na drámaíochta agus gur mó ná léiriú ar scéalta bunaithe é. Cé gur féidir le scéalta, drámaí srl. atá ann cuidiú leis an múinteoir chun teacht ar an lionsa ficseanach atá in oiriúint dá rang, ba cheart athchumadh a dhéanamh ar ábhar atá ann i gcónaí chun riachtanais grúpa ar leith páistí agus cuspóirí oideachasúla an mhúinteora a chur le chéile. Tógfaidh na páistí na carachtair isteach i suímh nua, aimseoidh siad aincheisteanna nua, triailfidh siad réitigh eile, agus tabharfaidh siad focail agus beatha nua dóibh de réir mar a leanann siad ábharthacht na gcarachtar i leith riachtanais agus cúraimí a n-óige féin.

Is féidir le heispéireas an chur chuige i leith drámaíochta, trí raon leathan de lionsaí ficseanacha, cabhrú le forbairt ar aireachtáil na bpáistí maidir leis an ngaol atá ag drámaíocht, ina cruthanna uile, leis an saol. Agus lionsa oiriúnach ficseanach á roghnú ba cheart go bhféachfadh an múinteoir chuige go gcuirfeadh sé ar chumas na bpáistí

- bun-nádúr ficsin a thuiscint trí rannpháirtíocht ghníomhach, mar aon leis an ngaol idir plota agus teáma
- an gaol faoi leith atá ag drámaíocht leis an saol a thuiscint, agus sa tslí sin bunús a chruthú le haghaidh dearcaidh dhea-eolaigh, chriticiúil sa staidéar ar gach téacs drámatúil ar stáitse na drámaíochta, san amharclann, sa phictiúrlann nó ar an teilifís
- nádúr na litríochta drámatúla a thuiscint agus mar a iarrann sí ar an rannpháirtí téacsanna drámatúla a chruthú a shoiléiríonn an aois inar scríobhadh an dráma agus ag an am céanna a aimsíonn gaol leis na cúraimí uilíocha a bheadh bainteach leis an am i láthair
- ionad miotais, finscéalaíochta agus drámaíochta i bhforbairt mhorálta, chultúrtha, aeistéitiúla agus spioradálta daoine a thuiscint
- ionad siombaile agus comhartha in iniúchadh na réaltachta a thuiscint.

## Cruthú timpeallachta sábháilte

Braitheann cumadh drámaíochta ar ghabháil isteach i saol na drámaíochta leis an oiread dáiríreachta, údarachta agus spontáineachta agus is féidir. Beidh méid na spontáineachta i gcomhréir díreach leis an tsábháilteacht mhothúchánach agus fhisiceach a mhothaíonn an páiste. D'fhéadfadh neamhdhaingne éirí as meon an pháiste, as a c(h)úlra teaghlaigh, as caidrimh shóisialta sa rang, nó as cé chomh sábháilte ina m(h)othúcháin a bhraitheann sé/sí i gcomhluadar an mhúinteora. Is féidir leis an múinteoir tabhairt faoi na fadhbanna seo go díreach sa rang drámaíochta trí fhicsin a chruthú a dhéanfaidh iniúchadh ar shaincheisteanna mar chothroime idir fir agus mná, féinmheas, luach a chur ar dhifríochtaí, agus glacadh le freagracht nó dearcadh dearfa a fhorbairt i leith réiteach fadhbanna. Mar sin féin ní aimseoidh sé/sí obair fhíorspontáineach agus machnamh úrnua ón rang mura gcothaítear an dearcadh seo de shíor ag leibhéal praiticiúil sa cheacht drámaíochta.



Beidh leibhéal na spontáineachta i gcomhréir leis an tsábháilteacht mhothúchánach agus fhisiceach a mhothaíonn an páiste

Ós rud é go bhfuil riachtanais dhifriúla mhothúchánacha agus fhisiceacha ag páistí, beidh béimeanna difriúla sa phróiseas i ranganna difriúla agus le grúpaí difriúla páistí. Ós rud é go mbíonn páistí óga an-fhisiceach agus gan srian de ghnáth ina gcuid súgartha, is féidir a rá go mbíonn cuid mhaith de na scileanna sóisialta atá ag teastáil le haghaidh oibre i ngrúpaí beaga gan fhorbairt i gcoitinne. D'fhéadfadh an páiste mar sin a mhothú go bhfuil sé/sí faoi bhagairt ag na suímh shóisialta i ndrámaíocht le grúpaí beaga. Ina theannta sin, ós rud é go mbíonn roinnt dearcrachta fós ag an bpáiste idirdhealú a dhéanamh idir cur i gcéill agus réaltacht, agus os rud é go dtrasnaíonn drámaíocht an teorainn seo go nádúrtha, tharlódh go mbeadh ar an múinteoir cuidiú leis an bpáiste an difríocht seo a thuiscint uaireanta.

In am agus i dtráth cuirfidh scileanna sóisialta atá ag forbairt, ar chumas an pháiste páirt a ghlacadh go suaimhneach i ngrúpaí beaga ag obair go comhuaineach gan mothú bagartha. Mar sin féin ba cheart go gcuirfí abhaile ar pháistí nár chóir d'aon pháiste, san fhíorchomhthéacs sóisialta, duine eile a ghortú go fisiceach, go mothúchánach nó go hintleachtúil.

Rachaidh an mhian láidir nádúrtha sa chur i gcéill i léig de réir mar a ghluaiseann an páiste ar aghaidh trí na ranganna naíonán agus na ranganna sóisearacha. Tá sé tábhachtach go gcruthóidh an múinteoir comhthéacsanna beo gríosaitheacha a choimeádfaidh an claonadh le cur i gcéill beo i rith na tréimhse seo d'fhorbairt an pháiste. Muna ndéanann sé/sí é sin sroichfidh an páiste an chéim ina m(h)achnamh nach bhfuil sa chur i gcéill agus drámaíocht ach amaidí agus as seo eascróidh eagla roimh 'amadán a dhéanamh díom féin' 'nó 'staicín áiféise a dhéanamh díom féin' trí bheith páirteach sa dráma. Is féidir leis an múinteoir é/í féin, mar rannpháirtí sa dráma (múinteoir sa ról), an-chabhair a thabhairt chun an dearcadh seo a dhíbirt.


Ag pleanáil cad a dhéanfaimid

Ag an gcéim seo freisin, is féidir go dtosóidh páistí ar scileanna drámaíochta a mheascadh le taispeántas. Cuireann sé seo lagmhisneach ar na páistí is mó atá indírithe iontu féin agus ag an am céanna stiúrann sé na heisdíritheoirí ar strae ó rannpháirtíocht dháiríre sa drámaíocht agus aon mhachnamh úsáideach uirthi araon. Ag an tráth seo tosóidh páistí freisin ar shábháilteacht a lorg i gcoiméide. Níor chóir beaguchtacht a chothú ina leith seo. A mhalairt ar fad: ba chóir go gcuirfeadh sé an múinteoir ar a (h)aire faoin ngá atá le breis sábháilteachta fós má táthar chun mothúcháin a iniúchadh leis an bhfírinne atá tuillte acu agus leis an doimhne atá de dhíth ar na páistí. Ba chóir freisin go gcuirfeadh sé ar a s(h)úile don mhúinteoir gur féidir genre na coiméide a úsáid go héifeachtach chun topaicí agus ábhair thábhachtacha a iniúchadh.

De réir mar a aibíonn páistí is féidir obair i ngrúpaí beaga a úsáid go héifeachtach chun buachaillí agus cailíní a chur i dtaithí ar chomhoibriú agus ar idéanna is moltaí a roinnt ar a chéile. Tá an malartú seo ríthábhachtach san fhorbairt chun ógántachta. Tharlódh go mbeadh brú ó phiaraí agus bulaíocht mar chuid


d'eispéireas na bpáistí freisin ag an gcéim seo. Feicfidh an múinteoir géarchúiseach léiriú ar an gclaonadh seo sa rang drámaíochta, agus is féidir leis déileáil leis ar bhealach neambhreithiúnach. Ba chóir go bhfásfadh atmaisféar sláintiúil as seo inar féidir leis an bpáiste taithí a fháil ar chaidreamh oscailte le breis is an beagán tofa sa rang, agus feabhsóidh sé seo ann féin mianach na drámaíochta.

Tá cruthú timpeallacht drámaíochta sábháilte bainteach go speisialta le forbairt idirphearsanta agus inphearsanta, agus is fiú a aithint cad é atá le bronnadh ag drámaíocht ar gach achar díobh seo.

### *Forbairt inphearsanta*

Is féidir le drámaíocht cabhrú leis an bpáiste

- a c(h)uid iompraíochta a thuiscint agus a mhaolú
- éirí níos spontáiní agus níos féinmhuiníní ina c(h)uid teagmhála le daoine eile
- mothú maidir lena (h)uathúlacht féin a chothú ar bhealach praiticiúil agus, mar thoradh treallús dearfa a fhorbairt mar bhonn chun coimhlint agus réiteach ar fhadhbanna a lámhseáil
- luach a chur ar a c(h)uid cumais agus infheidhmeachta féin
- tuiscint a ghnóthú agus teacht chun réitigh, ag leibhéal an-phraiticiúil, le haon mhíbhuntáiste a fhásann as timpeallacht an pháiste
- gnéithe dearfa is diúltacha sna mothúcháin a aithint mar aon lena dtábhacht ina s(h)aol
- teacht chun réitigh le gnéithe oiriúnacha dá c(h)uid fáis agus forbartha.



Líníocht pháistí ar an gcoimhlint ag éirí as an drámaíocht

*Forbairt idirphearsanta agus sóisialta*

Is féidir le drámaíocht cabhrú leis an bpáiste

- iontaoibh, meas agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine eile sa ghrúpa, i dtreo is go leagfar síos bonn le haghaidh comhoibrithe i gcumadh drámaíochta
- oscailteacht a mhothú le daoine eile agus féin-nochtadh agus féin-chur in iúl a chleachtadh gan eagla
- meas agus fonn caomhnaithe a bheith aige/aici i leith na ndifríochtaí idir dhaoine
- a bheith compordach agus in ann ciall a chur in iúl le teanga labhartha agus neamhlabhartha araon
- atmaisféar a mhothú agus a chruthú inar féidir idéanna, agus mothúcháin a chur in iúl, coimhlint a láimhseáil go dearfa agus suímh na beatha a iniúchadh go hoscailte is go macánta
- caidreamh oscailte sláintiúil a mhothú le baill uile an ranga seachas leis an mbeagán atá tofa nó leithleasach.


## Gnéithe na drámaíochta

Tá roinnt tréithe sainiúla ag an drámaíocht. Is iad seo gnéithe na drámaíochta. Is iad a leagann síos struchtúr an chrutha dhrámatúil, agus tugann siad a modh sainiúil léirithe don drámaíocht. Tá siad gach pioc chomh hábhartha do phróiseas-drámaíocht sa seomra ranga is mar atá do chorpas na hamharclainne domhanda. Is iad seo a leanas gnéithe na drámaíochta:

- creideamh
- ról agus carachtar
- aicsean
- am
- suíomh
- teannas
- suntas
- genre.

Is léiriú ar a dtábhacht sa churaclam go ndéantar freastal dlúth orthu sna cuspóirí indibhidiúla ábhair sa snáithaonad 'Iniúchadh agus déanamh drámaíochta'. Tá dlúthghaol ag an gcéad dá réamhriachtanas i ndéanamh próiseas-drámaíochta—ábhar agus an lionsa ficseanach—leis na gnéithe, agus ag an am céanna tá cruthú timpeallachta sábháilte ina tháthchuid riachtanach i ndrámaíocht uile an tseomra ranga.

## An gaol idir ghnéithe na drámaíochta



## Gnéithe na drámaíochta

- creideamh
- carachtar
- aicsean
- suíomh
- am
- teannas
- suntas (plota agus téama)
- genre

## Creideamh

Tá gné an chreidimh i ndrámaíocht, mar atá sa litríocht ar fad, fréamhaithe san fhírinne shamhlaíoch. Freastalaíonn saol na samhlaíochta ar líon do-áirimh na bhféidearthachtaí daonna a luíonn thar acmhainn an ghnátheispéiris laethúil, agus fiú thar eispéireas saoil. Is féidir linn na féidearthachtaí seo a iniúchadh trí thuairimíocht a dhéanamh fúthu agus ár ndearcadh ar an saol mór a leathnú. Chuige seo ní mór dúinn glacadh le bailíocht na fírinne atá á tairiscint ag an tsamhlaíocht agus leis an muinín atá againn ina chumas chun an t-eispéireas daonna a shaibhriú.

Is í an scéalaíocht bunchloch na drámaíochta, cruthú domhain fhicseanaigh, ina maireann carachtair áirithe trí iarmhairtí suímh ar leith. San amharclann forbraítear na carachtair agus an suíomh, mar is dual i script dráma ina gcuireann an stiúrthóir agus na haisteoirí 'beocht' ar an stáitse i rith taispeántais i láthair lucht éisteachta. Is ficsean é téacs an dráma atá curtha le chéile ag an údar, agus luíonn gné an chreidimh sa chéad áit i dtuairim láidir an údair gur tógáil dhrámatúil é, a léiríonn, nó a labhraíonn faoi, nó a thugann brí do ghné éigin den bheatha dhaonna pé acu an an ndéantar go réalaíoch nó go meafarach é. Tá creideamh riachtanach freisin nuair a ghlacann an stiúrthóir agus na haisteoirí le hinsint an údair ar an saol ficseanach, agus nuair a dhéanann siad iarracht beatha a chur ann ar an stáitse. I rith an taispeántais aontaíonn an lucht éisteachta, trí ghlacadh le coinníollacha agus loighic an dráma, leis an bhficsean, agus comhlánann siad an ciorcal creidimh. Tá lárnacht gné an chreidimh sa dráma chomh hábhartha céanna i sraithscéal teilifíse is atá i dtraigéide Ghréagach.

Maidir le drámaíocht ar scoil, is in iontaoibh an pháiste agus ina c(h)ompord le súgradh cur i gcéill is mó atá creideamh an pháiste le tabhairt faoi deara. Is é mianach an chreidimh seo ar mian leis an gcuraclam drámaíochta a chothú agus a chaomhnú i rith réim an pháiste ar scoil. Beidh tionchar nach beag ag a c(h)umas chun dul isteach i saol na samhlaíochta trí ghlacadh le ficsean an dráma ar fheabhas a (h)eispéiris drámaíochta agus ar an eispéireas foghlama a bheidh mar thoradh air.

Sa ghnáthdhrámaíocht tá sé mar nós go nglacann daoine páirt i bpróiseas chun téacsanna léirithe a dhéanamh leis an gcuspóir go gcomhlíonfaí ceann de na trí fheidhm seo a leanas:

- an t-aisteoir: ag déanamh aithrise ar iompraíocht bheatha go dtí go n-éiríonn leis/léi géilleadh don fhicsean agus é/í féin a iompar amhail is dá mbeadh sé/sí ag maireachtáil sa nóiméad eiseach ficseanach
- an stiúrthóir: ag cinntiú go bhfuil léiriú na beatha go cruinn agus go ndéanann sé ciall don chluas agus don tsúil
- an t-údar: ag tochailt le haghaidh brí agus ag cur tús le nóiméid drámaíochta a d'fhéadfadh dul i dtreo tuisceana a d'fhéadfadh bheith suntasach.

Sa phróiseas-drámaíocht tugtar faoi na trí fheidhm go léir le chéile chun go mbeadh an múinteoir ag imirt i ról agus go bhféadfadh na páistí léirmhíniú a dhéanamh ar an méid a thagann as pictiúr neamhbheo nó radharc nó a mholadh cár cheart don dráma dul sa chéad chéim eile. Méadaítear ar chreideamh sa saol drámaíochta tríd an rannpháirtíocht éasca seo agus forbraíonn drámaíocht saol dá cuid féin as ar féidir linn hipitéisiú faoin saol réadach a bhunú dúinn féin.



Déanann páistí forbairt ar thuiscint agus ar chomhbhá de réir mar a bhogann siad ó ról a ghlacadh go carachtracht

## Ról agus carachtar

Sna céimeanna tosaigh i nglacadh le carachtair sa dráma ní dhéanfaidh an páiste aon rud thar ról a ghlacadh chuige féin. I nGníomhaíocht drámaíochta 2 (lch 70), glacann an páiste le ról an aoire gan eolas ar bith aige/aici ar an dóigh ina ngníomhaíonn an t-aoire aonair. Trí ghlacadh leis an ról tá sé/sí ag rá, dáiríre, 'Dá mba aoire mé is mar seo a iompróinn mé féin sa suíomh seo'. Is leor seo lena chur ar chumas an pháiste bheith páirteach sa dráma. De réir mar a théann sé/sí ar aghaidh, áfach, tiocfaidh sé/sí ar thuiscint faoi mar a smaoiníonn an t-aoire, faoin aoire san am atá thart, faoina uaillmhianta, faoina dhearcadh ar an saol. De réir mar a théann an páiste ar aghaidh chun eolas a ghiniúint agus a chnuasach faoin aoire, bíonn sé/sí gafa i gcarachtracht, ar próiseas é chun glacadh chuige/chuici féin chomhdhéanamh fisiceach, mothúchánach agus intleachtúil an charachtair fhicseanaigh. Tá mar bhuntáiste le carachtracht go bhfoghlaimíonn an páiste conas breathnú ar shaol na drámaíochta ó dhearcadh duine éigin eile seachas uaidh/uaithi féin. Cothaíonn sé seo tuiscint agus ionbhá, agus mar thoradh air cuirfidh an t-ionbhá seo le cumas an pháiste tuiscint a aimsiú ar charachtair atá i gcónaí is de shíor i bhfad amach óna p(h)earsantacht féin.

Tá sé tábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir ról a imirt agus an rud ar a dtugtar go minic rólghlacadh. Is é is rólghlacadh ann ná aithriseoireacht ar ghníomhaíocht theoranta d'fhonn nósanna agus dearcadh a chruthú agus

a léiriú, mar shampla druil ar shábháilteacht bóthair nó cleachtadh a thabhairt le haghaidh eachtra atá le tarlú mar bhréag agallamh. D'fhéadfaí é a úsáid freisin chun meabhrú fíoras atá sealbhaithe cheana a dhaingniú. D'fhéadfaí rólghlacadh ar an gcomhrá idir Diarmaid Mac Murchú agus Strongbó a úsáid chuige seo. Is é atá i gceist le ról a ghlacadh i ndrámaíocht, ar an taobh eile, ná páirt a thógáil sa saol ficseanach agus cuidiú lena dhéanamh amach cad a tharlaíonn sa saol sin, chun go dtuigfear patrúin iompraíochta daonna atá taobh thiar d'eachtra ar leith.

B'fhéidir go mbeadh carachtracht—iarracht ar thréithe, mhianta, phróisis, smaoinimh nó cháilíochtaí fisiceacha duine eile a ghabháil chugat féin—i gceist anseo.

I súgradh cur i gcéill cruthaíonn páistí carachtair ar bhealach an-spontáineach agus gan machnamh orthu. De réir mar a aibíonn siad, áfach, forbraíonn mothú níos géire indibhidiúlachta iontu mar aon le tuiscint níos grinne ar an difríocht i ndaoine eile. Is féidir le carachtracht níos comhfhiosaí tarlú ag an gcéim seo. Cuidíonn sé seo go mór le hiniúchadh ar chaidreamh, i bhforbairt an chumais chun sainréimeanna difriúla teanga a úsáid agus in úsáid modhanna neamhlabhartha chun ciall a chur in iúl.

Trí rannpháirtíocht chomhsheasmhach le héagsúlacht leathan rólanna agus charachtrachta i raon suíomh, atá spreagúil agus dúshlánach, is féidir le páistí forbairt a dhéanamh

- ar an gcumas gabháil isteach sa chomhthéacs ficseanach go fisiceach, go hintinneach agus go mothúchánach agus comhoibriú le daoine eile in 'imirt timpeall ar' an suíomh ficseanach chun go n-aimseoidh siad na féidearthachtaí ar leith atá á gcur ar fáil aige
- ar an ionbhá le daoine eile agus an tuiscint fúthu atá riachtanach chun ról nó carachtar a ghlacadh chucu féin
- ar thoilteanas glacadh le freagracht.

Is féidir leis seo na tréithe pearsanta a chothú is gá chun a dheimhniú go bhfuil téacs an dráma úr agus ina léiriú fírinneach ar an mbeatha: spontáineachas, solúbthacht, scileanna briathartha agus neamhbhriathartha, scileanna comhoibrithe, tionscnamh, samhlaíocht agus cumais chruthaitheacha.

## Aicsean

Eascraíonn aicsean as an idirghníomhaíocht idir carachtar agus suíomh. Sa dráma, roghnaítear carachtair agus suímh i dtreo is go dtiocfaidh coimhlintí áirithe, teannas, ceisteanna nó roghanna nár réitíodh astu. Is sa réiteach, nó iarracht ar réiteach, a dhéantar orthu seo a luíonn an t-aicsean sa dráma. Gníomhaíonn agus idirghníomhaíonn na carachtair lena chéile agus dúil acu an suíomh inar fágadh iad a réiteach. I rith an aicsin tagann athrú agus forbairt ar an suíomh tosaigh, ficseanach, agus ag éirí as seo, tiocfaidh forbairt ar na carachtair dhifriúla. Is é bunús na drámaíochta mar sin ná, na mionathruithe a tharlaíonn i dtosca agus i ndearcadh grúpa carachtar i suíomh ar leith, agus is tríd an aicsean i rith na drámaíochta a tharlaíonn an mionathrú seo.


Eascraíonn aicsean as carachtar agus suíomh

Mar sin féin, tar éis dóibh páirt a ghlacadh san aicsean ní foláir do pháistí glacadh leis na hiarmhairtí drámatúla a bhaineann leis nó caillfear bailíocht agus éifeacht an dráma. B'fhéidir go mbeidh seo ag teacht trasna ar an toradh a mbeadh súil acu féin leis; ach caithfear iad a spreagadh chun 'cloí leis' an gcarachtar agus an loighic dhrámatúil a dhearbhú chun go ndeimhneofaí iomláine an dráma. Nuair a tharlaíonn sé seo, nuair a bhíonn siad gafa go hiomlán le carachtar is le haicsean sa drámaíocht, is féidir le páistí teacht ar imfhios úrnua, eolas nua a ghnóthú agus tuiscint bhreise a bhaint amach. Tá gaol dílis ag aicsean sa drámaíocht le coincheap an téacs. Sa saol atá inniu ann tá forleathnú mór tagtha ar shainmhíniú ar théacs, a bhí bunaithe roimhe seo ar an bhfocal scríofa amháin, ach úsáidtear anois é chun cuntas a thabhairt ar dhráma a léirítear, ar scannán nó ar fhíseán, pé acu ficseanach nó fáisnéiseach é. Tá gaol ag úsáid an fhocail 'téacs' sa churaclam drámaíochta leis an mbrí seo. Ní chiallaíonn sé script ach ficsean léirithe, a thiteann amach ar urlár na drámaíochta. Chun téacs na drámaíochta a dhéanamh, cruthaíonn páistí saol drámaíochta agus tógann siad páirt ann, agus cruthaíonn siad gníomh ficseanach sa saol sin. Ní ghnóthaítear comhtháthú an aicsin trí aithris líneach ach trí léiriú a dhéanamh ar nóiméid roghnaithe suntasacha (radhairc), a shoiléiríonn, i gcomhar lena chéile, ábhar na drámaíochta.

*Is é an téacs an léiriú ficseanach a tharlaíonn sa spás leagtha amach don dráma*

Is féidir leis an múinteoir tús a chur leis an bpróiseas-drámaíochta trí réamhthéacs a thabhairt isteach—rud, dán, scéilín, píosa scripte srl.—a bheidh mar thúsphointe chun saol drámatúil a láinseáil ar bhealach go mbeidh ar chumas na rannpháirtithe a rólanna agus a bhfreagrachtaí a aithint agus tosú ar chomhthéacs drámatúil a thógáil le chéile a luaithe agus is féidir, ag úsáid an réamhthéacs mar chomhthéacs agus mar phreabchlár araon. Ní bheidh ról na bpáistí teorannaithe, áfach, le léiriú ar an méid atá molta ag an múinteoir: glacfaidh siad páirt freisin i gcomhar leis an múinteoir mar mhúnlaitheoirí, daoine a thugann cabhair, mar chruthaitheoirí, roghnóirí agus mar mheastóirí sa phróiseas drámaíochta.



Tá an múinteoir agus é i ról tar éis teacht ar chuspaí mistéireacha

Athróidh nádúr rannpháirtíocht an pháiste sa drámaíocht ar aon chéim lena c(h)éim forbartha. Ach, trí phleanáil agus mhachnamh cúramach ar na gnéithe eile—creideamh, carachtar, aicsean, suíomh, am, teannas, suntas agus genre—is féidir leis an múinteoir an t-uasmhéid páirtíochta a thabhairt don pháiste sa léiriú (i gcumadh an téacs dhrámatúil), ag aon chéim nó ag aois ar bith ina f(h)orbairt.

## Am

Tarlaíonn gach aicsean drámatúil, ar nós na beatha daonna ar fad, i ndiminsiún ama. Cuireann cuspóir ábhair an churaclaim, 'Breathnaigh conas a théann an t-am ficseanach atá thart agus an todhchaí inmhianaithe fhicseanach i gcion ar ghníomh drámatúil an ama i láthair', scáthán ar ghné an ama.

Tosaíonn dráma stáitse le carachtair áirithe i suíomh ar leith, agus bíonn sé i gceist ann go dtiocfaidh mionathrú ar na carachtair sin, agus ar an suíomh ina bhfuil siad. Is gné é an t-am go príomha sa mhéid go dtosaíonn gach ceann de na carachtair le cúlra áirithe agus gur féidir leo forbairt a ghnóthú amach anseo trí ghníomh na drámaíochta. Caomhnaítear an méid a tharlaíonn roimh an aicsean i gcuimhne fhicseanach na gcarachtar.

Tá siad seo ar fad sa chuimhne fhicseanach:

- a ndearna na carachtair roimhe seo, b'fhéidir

- na smaointe agus na mothúcháin a bhí ag na carachtair, b'fhéidir
- gaoil a bhí idir na carachtair roimhe seo, b'fhéidir
- áit a raibh na carachtair, b'fhéidir
- cad a tharla do charachtar áirithe, b'fhéidir
- cad a tharla do na carachtair eile sa dráma, b'fhéidir.

Cuimsíonn an chuimhne fhicseanach síol na carachtrachta, an bonn ar ar féidir leis an aisteoir an carachtar a fhorbairt, chun beatha iomlán fhicseanach a thabhairt dó. Má thugann an méid atá tite amach san am ficseanach atá thart cruth don charachtar mar atá sé faoi láthair, tugann am atá thart cruth freisin don todhchaí a réamhtheilgeann an carachtar agus ina bhfuil dúil aige. Tugann sé cruth freisin don bhealach inar mian leis an gcarachtar a t(h)odhchaí féin a mhúnlú. Dá thoradh seo cuireann eolas faoin gcarachtar san am atá thart ar chumas an aisteora a thomhas conas a théann an carachtar ar thóir a t(h)odhchaí san am i láthair.

Cé go bhfuil sé seo chomh fíor i bpróiseas-drámaíocht agus atá san amharclann, tá dhá dhifríocht shuntasacha eartarthu:

- Is saoráidí leis an bpáiste páirt a ghlacadh, trí thodhchaí a shamhlú don duine a bhfuil ról bunaithe air agus atá á imirt aige/aici
- Ní furasta do pháiste glacadh le heispéireas carachtair san am atá thart gan eispéireas mar é a bheith aige/aici féin.

I ngeall air seo is gnách i bpróiseas-drámaíocht an páiste a éascú isteach i ról trí thnúth le toradh amach anseo, agus deis a thabhairt dó/di ar theacht ar thaithí ar shaol an charachtair, de réir mar a théann an dráma ar aghaidh. Is féidir an tslí a n-oibríonn sé seo go feidhmiúil a thabhairt faoi deara in 'Cuntais ar ghníomhaíochtaí rathúla drámaíochta' (lch 64-91). I nGníomhaíocht drámaíochta 2 (lch 70) mar shampla iarrtar ar na carachtair ag an tús rogha a dhéanamh maidir lena ngar-thodhchaí: a dhul go Beithil nó gan dul. Tagann méadú ar líon na n-imeachtaí i rith an turais, agus cruthaítear am atá thart i dtreo is nuair a shroicheann siad an t-am ar deireadh chun breith a thabhairt maidir le cabhair a thabhairt do Mhuire is do Iósaef, go ndéanann siad an cinneadh sin i riocht na gcarachtar atá san am atá thart agus ní ina riocht pearsanta féin.

Cuidíonn am freisin le heagar a chur ar an aicsean agus is féidir leis teorainn a chur leis an aicsean (go mór, minic go leor). Is amhlaidh a bheidh má bhraitheann nádúr an aicsin ar ghné an ama:

- Conas is féidir linn an abhainn a thrasnú sula dtagann an namhaid i láthair?
- Cá fhad a bheidh orainn feitheamh sula dtagann cabhair chugainn?
- Mura sroichfimid an caisleán in am an mbeidh an banphrionsa tógtha ar shiúl?

Sa chomhthéacs seo, gan amhras, cuireann am le gné an teannais freisin.

Cé go mbíonn deacracht ag páistí uaireanta tobchumadh aonarach a choimeád ar siúl, is féidir cur ar a gcumas trí fheidhm a bhaint as sraith de léirithe, eispéireas níos faide drámaíochta a chur le chéile a thabharfaidh isteach réim níos faide ama. Nuair a thógtar céim ar chéim ar na radhairc cuirtear soiléireacht ar fáil agus cuidítear le díograis do dhrámaíocht agus creideamh inti a mhéadú. Léirítear an méid seo i nGníomhaíocht drámaíochta 3, maidir le tógáil dolmain. Sa chomhthéacs seo cnuasaítear líon de léirithe gairide, comhdhlúite, gaolmhara chun téacs drámaíochta a chruthú, a thiteann amach thar thréimhse leathnaithe. Ar dtús is féidir leis na radhairc a bheith fada nó gairid, ach de réir mar a fhásann siad as a chéile, cruthaítear scéal leathnaithe, agus sa tslí sin tugtar gléineacht agus ábharthacht don eispéireas ina iomláine. Cabhraíonn sé seo freisin le léirthuiscint an pháiste ar ghnéithe eile ama:

- Athraíonn daoine thar am.
- Athraíonn tosca agus riachtanais thar am.
- D'fhéadfadh rud atá inmhianaithe ag am áirithe gan a bheith inmhianaithe níos déanaí.
- Is comhpháirt dhosheachanta den saol is den stair é an t-athrú.
- Bíonn sé riachtanach uaireanta ligean d'am imeacht chun athrú a bhaint amach.
- Sa dráma tá an rud anaithnid mar chuid de ghné ama, agus is aisteoir trí am é eispéireas an dráma, le linn an dráma agus isteach sa suíomh anaithnid.

## Suíomh

Is iad carachtar, aicsean agus am a sholáthraíonn an 'cé hé', 'cad é' agus 'cathain' i ndrámaíocht. Áiríonn gné an tsuímh an 'cén áit'. Cé go dtarlaíonn drámaíocht i ndiminsiún ama, tá láthair aici freisin: tarlaíonn sí in áit éigin. Tá dhá thréith shainiúla ag an ngné seo, suíomh, i ndrámaíocht:

- an suíomh ina dtarlaíonn an t-aicsean ficseanach
- an úsáid a bhaintear as fíorshuíomh nó as an spás atá ar fáil, chun an méid seo a léiriú.

Tá comhbheith agus idirghaol an tsuímh réalaigh agus an tsuímh fhicseanaigh idir chasta agus sholúbtha araon.

Sa chiall nach maireann carachtar i bhfolús, go bhfuil am thart agus am i láthair ag carachtair, tugann a mbeith fhicseanach tagairt spásúil le tuiscint. Cár chónaigh an carachtar? Cá bhfuil an carachtar anois? Cad iad mionsonraí agus tosca na háite inar mhair agus ina maireann an carachtar?

I script do dhráma cuirfidh an t-údar an méid seo in iúl trí threoracha stáitse a chruthóidh an fhoireann agus an stiúrthóir i mbunú an dráma ar stáitse. Ní bheidh an léiriú stáitsiúil ar shuíomh ar fáil do na haisteoirí le linn cleachtaidh. B'fhéidir nach mbeidh acu ach spás folamh, a shamhlaíonn siad mar an áit ina dtarlaíonn an t-aicsean.


Bealach amháin le machnamh ar an dráma

Is anseo a thugaimid an chosúlacht idir drámaíocht agus gné an ionaid i bpróiseas-drámaíocht faoi deara sa seomra ranga. Ar an gcaoi chéanna, nuair a mholann an múinteoir lionsa ficseanach an aicsin, is féidir go gcuirfidh sé/sí in iúl cá dtarlóidh an t-aicsean, agus bainfidh na páistí úsáid as pé spás atá ar fáil dóibh chun go samhlóidh siad mionphointí faoi spás an aicsin. Ar an taobh eile, is féidir lionsa ficseanach a chur i láthair gan aon chur in iúl oscailte ar shuíomh, agus caithfear tátal a bhaint as an suíomh ina bhfuil na carachtair caite.

Chomh maith le páistí a spreagadh chun eolas ar am thart na gcarachtar a chnuasach, de réir mar a dhéanann siad teagmháil leo sa ghníomh ba chóir freisin iad a spreagadh chun gné an ionaid ina gcónaíonn agus inar chónaigh na carachtair a shamhlú dóibh féin: conas a mhair agus a mhaireann na carachtair, agus cén áit? Cabhróidh sé seo leo doimhne agus creideamh ficseanach a thabhairt do charachtar is d'aicsean araon. Ba chóir iad a spreagadh chun pé gnéithe atá ar fáil dóibh sa spás atá in úsáid don drámaíocht a úsáid leis an oiread samhlaíochta agus is féidir.



Páistí ag leagan amach spáis le haghaidh dráma

- Cé mhéad den spás ar chóir a úsáid?
- Conas is féidir gnéithe ar leith a úsáid mar léiriú ar mhionphointí spásúla san fhicsean?
- Conas is féidir troscán nó tacaí eile a úsáid mar léiriú ar mhionphointí ar an suíomh ficseanach?
- Conas is féidir fuaim a úsáid chun cur le hatmaisféar is le timpeallacht an tsuímh fhicseanaigh?

Mar shampla, nuair a mholann an múinteoir, 'Caithfimid an abhainn seo a thrasnú sula dtagann saighdiúirí an rí,' d'fhéadfadh sé/sí a fhiafraí freisin

- Cé chomh leathan is atá an abhainn?
- Cén doimhne atá inti?
- Cé chomh hard is atá na bruacha?
- An bhfuil ábhair ar fáil chun rafta a thógáil?
- Cé chomh héifeachtach is chomh fada ar féidir linn fanacht i bhfolach?

Sa tslí seo hí hamháin go rachaidh gné an ionaid i gcion ar an léiriú, ach spreagfaidh sí páistí chun gléineacht agus práinn bhreise a thabhairt di.

## Teannas


Tá teannas riachtanach don drámaíocht, toisc gurb é an teannas a thiomáineann gníomh na drámaíochta ar aghaidh. Eascraíonn sé nuair a thugann carachtair aghaidh ar riachtanais, roghanna agus mianta contrártha, agus eascraíonn éiginnteacht as seo. Beidh foinse an teannais mar chuid nádúrtha de shuíomh an dráma agus i bhfreagairt na gcarachtar ina leith. Ag eascairt as an gcoimhlint maidir le riachtanais, roghanna agus mianta, is mian le carachtar amháin nó breis, nó tá ceangal air/uirthi, mian a chur in iúl, chun an aincheist a réiteach agus éalú ó na ceangail san éiginnteacht fhicseanach atá ann anois. Tiomáinfidh sé seo an t-aicsean ar aghaidh agus forbróidh sé na carachtair i dtreo na todhchaí ficseanaí.

Gan amhras, gineann sé seo ann féin breis teannais, toisc nach eol toradh an réitigh a trialadh, ná a iarmhairtí féideartha, nó ar a laghad ní féidir iad a thuar go hiomlán. Is féidir éifeacht an teannais a fheiceáil sa sampla seo a leanas.

De réir mar atá na páistí ag rámhaíocht ina mbáid phollta i dtreo an oileáin, eachtraíonn an múinteoir mar seo a leanas:

'An féidir libh an ciúnas sa bhád a mhothú? Táimid ag fanacht toisc go bhféadfadh lapadaíl maide rámha nó cogar ró-ard a chur in iúl do pé duine atá ar an gcladach go bhfuilimid anseo. Rámhaígí go ciúin, smaoinígí go ciúin, análaígí chomh ciúin agus is féidir libh. Cad é sin! Cad é! Cad as ar tháinig an tsaighead sin?'

Gnéithe na drámaíochta




Is ó theaglaim de na gnéithe aicsean, ról agus carachtar, am agus suíomh a eascraíonn teannas na drámaíochta

Bhain an múinteoir úsáid as an aicsean chun an suíomh tinneallach seo a chruthú. Ba í an fhreagairt nádúrtha i ndrámaíocht nó sa saol réadach sa chás seo ná go mbeadh anbhá orthu go léir agus go dtosóidís uile ag béiceadh, ach tá ceangal orthu sa mhéid nach mian leo a sceitheadh go bhfuil siad ann. Eascraíonn an ceangal seo agus a bhfaitíos roimh an todhchaí fhicseanach as ionramháil ar an suíomh ficseanach. Chun cur leis an teannas, tá gné an ama ann freisin. Níl moilliú mar rogha acu, mar tá a mbád pollta. Is ionramháil ama é freisin teacht na saighde, mar go dtugann sé a dtodhchaí fhéideartha isteach san am i láthair. Is ionramháil ar spás í an tsaighead chomh maith, toisc go dtugann sí réaltacht na fírinne do na páistí go bhfuil siad cóngarach don oileán, agus go gcaithfear mionathrú éigin spásúil a dhéanamh má tá siad chun éalú ó aire na muintire ar an gcladach. Eascraíonn teannas freisin as gné an charachtair, toisc go dteastóidh ó charachtair dhifriúla sa drámaíocht beartais dhifriúla gnímh nó seachanta a leanúint. Is as teaglaim de ghnéithe an aicsin, ról agus carachtar, am agus suíomh a dhíorthaíonn teannas, agus tiomáineann sé seo an t-aicsean ar aghaidh. Socróidh nádúr chomhpháirtíocht na bpáistí sa phróiseas seo an méid a chuimsítear creideamh mar chuid den chomhthéacs.

## Suntas

Sainmhíniú ab fhéidir a thabhairt ar shuntas ná an ábharthacht bhunúsach atá ag píosa drámaíochta le gné éigin den saol. Chomh maith le gach iarracht ealaíonta eile, lorgaíonn drámaíocht soiléiriú, soilsiú, míniú nó athshainmhíniú a dhéanamh ar eispéireas daonna. Beidh éagsúlacht ollmhór ar mhéid is ar dhea-thoradh na hiarrachta seo, agus braithfidh siad, i measc rudaí eile, ar chuspóir an léirithe dhrámatúil áirithe. Mar sin féin, pé acu traigéide, an choiméide is éadroime nó próiseas gníomhaíochta dráma í an drámaíocht sa seomra ranga, tabharfar a ábharthacht, bíodh sí beag nó mór, don eispéireas daonna faoi deara fós.

Beidh an suntas nó an domhainbhrí seo i ndrámaíocht mar chuid den eispéireas iomlán drámatúil, ach is féidir é a chur i gcomparáid ar an mbealach is dírí le téama na drámaíochta agus an phlota, trína ndéantar athraonadh air. D'fhéadfaí cur síos ar an téama mar achoimre theibí ar cad tá ar siúl sa drámaíocht, ach ní féidir le drámaíocht suntas a aimsiú ach amháin nuair a dhéantar léiriú coincréiteach drámatúil ar an téama sin, trí charachtar, aicsean, am, suíomh agus na gnéithe eile i ndrámaíocht nuair, i bhfocail eile, a 'thagann beocht' ann i bhficsean drámatúil faoi leith.

D'fhéadfaí a rá i dtéarmaí ginearálta go bpléann an dá dhráma de chuid Shakespeare *Macbeth* agus *Richard III* le téama na huaillmhéine mar aon leis na hurchóidí a d'fhéadfadh bheith mar thoradh uirthi. Mar sin féin, tugann an dá dhráma acu míniú an-difriúil ar an mbunús, ar an gcumhacht, is ar thorthaí na huaillmhéine. Ar thaobh amháin géilleann Macbeth, fear ionraic ar an iomlán, do chathú na huaillmhéine mar thoradh ar idirghabháil osnádúrtha agus thionchar duine cheannasaigh láidir eile, ach cuirtear a mhí-éifeacht agus a loitiméireacht abhaile air. Sa chás eile, déanann Richard, fear atá go dearg-uaillmhianach ón tús, urchóid ar aon chéim le Macbeth, ar a dtagann an saghas céanna anró daonna dá bharr, ach ag deireadh an dráma níl dada foghlamtha aige.

*Life's but a walking shadow, a poor player*

*That struts and frets his hour upon the stage,*

*And then is heard no more. It is a tale*

*Told by an idiot, full of sound and fury*

*Signifying nothing*

Tá na focail éadóchasacha sin de chuid Macbeth i gcodarsnacht le gáir thruamhéalach dhúshlánach Richard:

*A horse! A horse! My kingdom for a horse!*

Tá suntas gach cáis díobh ag brath, ceaptar, ar cé chomh domhain nó éadomhain is atá an nádúr daonna uaireanta, agus conas a oiriúnaíonn daoine difriúla, i dtosca difriúla, iad féin d'eispéireas, agus conas ar deireadh a fhoghlaimíonn siad uaidh. Níl sa mhéid sin, gan amhras, ach léamh teoranta ar na drámaí, ach is féidir go léireoidh sé feidhm ghné an tsuntais sa dráma.

Tá an gaol idir plota, téama agus suntas chomh tábhachtach céanna i bpróiseas-drámaíocht sa seomra ranga. Go hiondúil is é/í an múinteoir a roghnóidh an téama, ar chúiseanna éagsúla. B'fhéidir go mba mhaith leis/léi:

- gné thábhachtach éigin d'eispéireas an tsaoil a scrúdú
- saincheist ábhartha éigin a iniúchadh
- cur le heispéireas foghlama in achar éigin eile curaclaim.

Seolfaidh an múinteoir an ghníomhaíocht trí roghnú a dhéanamh ar an ábhar is ar an lionsa ficseanach, nó trí réamhthéacs a sholáthar, agus is as an méid sin a fhorbróidh an plota. De réir mar a bhíonn na páistí gafa sa léiriú, i gcumadh théacs na drámaíochta, beidh siad páirteach i machnamh leanúnach ar an drámaíocht de réir mar a tharlaíonn sí, agus rachaidh sé seo i gcion ann féin ar chúrsa a forbartha. Níos déanaí, nuair a bheidh an dráma críochnaithe, is féidir na páistí a threorú trí mhachnamh breise staidéar a dhéanamh ar an dráma atá déanta acu, conas mar a d'éirigh leis an bplota, conas a d'fhreastail sé seo ar théama, agus cén tábhacht is féidir a tharraingt as an léiriú áirithe sin den téama.

Ní bheidh sé oiriúnach iarmhachnamh drámaíochta chomh fairsing sin a dhéanamh i gcónaí, agus b'fhéidir gurb amhlaidh a thiocfaidh sé salach ar a chuspóir féin. Is fiú freisin a thabhairt faoi deara nach mbíonn an suntas i bpíosa drámaíochta i gcónaí oiriúnach lena athinsint. Go minic ní bhíonn ach mothú an tsuntais ag na páistí, gan aon chur in iúl air. Is é eispéireas an chuid is tábhachtaí de phróiseas-drámaíocht do na páistí, mar atá i ngach gníomhaíocht ealaíonta eile.

Sa dráma faoin tuama ursanach i nGníomhaíocht drámaíochta 3 (lch 74) is follasach go mbaineann an plota le treibh ar mian leo leacht a thógáil do thaoiseach marbh, leacht a sháróidh na leachtanna atá ag treibheanna atá in iomaíocht leo. Eascraíonn seo as an téama ómós a thabhairt do na mairbh, agus go háirithe ómós do dhaoine mór le rá nuair a fhaigheann siad bás. Threoraigh an cleachtadh an-fhairsing drámaíochta seo na páistí chun a fháil amach nach mbaineann cuid, ar a laghad, dá shuntas leis an tábhacht atá le hómós a thabhairt do na mairbh amháin ach pé acu an bhfuil sé seo oiriúnach ar chor ar bith nó nach bhfuil, agus má tá, cén cruth ba chóir a chur ar an gceiliúradh sin.

## Genre

Is í an drámaíocht nádúraíoch an genre a dhéanann an aithris is cruinne ar mhionsonraí an tsaoil. Is éasca an genre seo do pháistí ná aon cheann eile. Tá sé seo an-soiléir sa luí atá ag páistí óga le súgradh cur i gcéill. I súgradh cur i gcéill cruthaíonn siad réalachas siombalach, trínar féidir leo iniúchadh a dhéanamh ar an bhfíorshaol agus teacht chun réitigh lena choimhthíos, ach ag fanacht i gcónaí laistigh den tsábháilteacht ina saol ficseanach féin.

I gcothú agus i gcaomhnú an dúchais le haghaidh súgartha cur i gcéill trí ghníomhaíocht chomhsheasmhach drámaíochta, tar éis don chlaonadh

spontáineach ina leith a bheith imithe i léig, cuireann an genre nádúraíoch deis den saghas céanna ar fáil do pháistí ar nuaíocht an eispéiris a iniúchadh, mar aon leis na saincheisteanna a tharraingíonn sé anuas.

Tá sé tábhachtach mar sin féin go gcuirfear lánacmhainn na drámaíochta ar fáil don pháiste, agus chuige seo, ba chóir go mbeadh leathnú diaidh ar ndiaidh ar a c(h)uid eispéiris drámaíochta, ag cur san áireamh genres seachas an genre nádúraíoch. Is í an traigéide an genre is cóngaraí dó. Fásfaidh sé seo as an genre náduraíoch de réir mar a ghlactar mar ábhar le téamaí níos tromchúisí, agus de réir mar a shocraítear gné na traigéide laistigh den lionsa ficseanach. Ba chóir go mbeadh céim na gcarachtar traigéideach, na bplotaí agus na dtéamaí ó thaobh doimhne is nádúir de ag leibhéal ar féidir le haibíocht mhothúchánach agus intleachtúil an pháiste cuimsiú a dhéanamh air. I bhfocail eile, ba chóir go mbeadh teagmháil ar bhealach suntasach ag iarmhairtí ficseanacha na traigéide le machnamh is le mothúcháin an pháiste, ach i gcomhthéacs inar féidir leis/léi dul i gcomhpháirt leo go sábháilte. Ceann de bhuanna na drámaíochta, gan amhras, is ea go dtugann sí deis don pháiste ar dhruidim cóngarach go leor don ábhar chun scrúdú staidéartha a dhéanamh air, ach ag an am céanna á choimeád fad sábháilte ar shiúl trí fhicsean.

Tá saol na fantaisíochta ar fáil freisin do na páistí, ar dtús trí fhinscéalaíocht agus mhiotas agus níos déanaí trína n-eispéireas le scannáin agus an teilifís. Cuireann sé seo ar fáil dóibh freisin bealach chun eispéireas a fháil ar chuid de scanradh cianaoiseach agus d'aonsmaoineamh an chine dhaonna trí shaol atá ar shiúl óna saol féin. Tá an diúltú ag an leasmháthair, an bhagairt ón saol ainmhíoch, scáthíomhánna áille agus gráinneachta, cumhacht leighiste an ghrá ar fáil go huile do pháistí i genre na fantaisíochta. Tugann sábháilteacht shaol na fantaisíochta, a chuireann an-chuid de na ceangail san fhíorshaol ar fionraí, rud a thugann deis dóibh breathnú isteach trí ghloine an iontais ar chuid d'fhorimill an eispéiris dhaonna. Cé gur chóir cúram a chleachtadh chun an sult is féidir le páistí a bhaint as fantaisíocht agus as eispéireas ar genre na fantaisíochta i ndrámaíocht a chaomhnú, tá sé tábhachtach chomh maith go dtarbharfaidh gné an mhachnaimh, atá bunaithe go tuisceanach, imfhios éigin dóibh ar a fhoinsí níos doimhne.

Faoi na meánranganna bíonn luí ag páistí le coiméide a úsáid mar ghléas sábháilteachta, agus go minic bíonn claonadh iontu i dtreo suíomh agus carachtar áiféiseach. Freastalóidh sé seo ar pháistí chun saol ar a mian a thriail; mar shampla, cuirtear ansmacht ar mhúinteoirí, bíonn tuismitheoirí dallintinneach, agus bíonn páistí gaoiseach.

Níor cheart drámaíocht dá leithéid a chur ó bhailíocht toisc nach bhfuil sí 'fíor sa ghnáthshaol'. A mhalairt ar fad: is amhlaidh gur chóir don mhúinteoir í a úsáid chun tús a chur le forbairt ar an idirdhealú idir genres na coiméide, na drámaíochta áiféisí agus na nádúraíochta.

## Cur chuige na gníomhaíochta drámaíochta

Go dtí seo pléadh

- an contanam ó shúgradh cur i gcéill go drámaíocht. Tá sé seo lárnach d'fhorbairt chumas is éascaíocht an pháiste i ndrámaíocht, agus tá sé mar fhócas ar an gcéad chuspóir ábhair ag gach leibhéal
- na trí réamhriachtanas i ndéanamh próiseas-drámaíochta. Beidh siad seo, faoi mar a chuireann a n-ainmneacha in iúl, ina ngné de gach gníomhaíocht drámaíochta
- feidhmeanna ocht ngné na drámaíochta. Soláthróidh na gnéithe seo struchtúr agus cumhacht beogachta do ghníomhaíocht drámaíochta
- an garghaol atá idir na gnéithe agus na cuspóirí ábhair sa churaclam. Cuirtear an t-ábhar i láthair ar bhealach a chinntíonn lárnacht na ngnéithe i bpróiseas na drámaíochta.

Bheadh sé úsáideach a mheá conas a d'fhéadfaí freastal orthu seo uile i ngníomhaíocht drámaíochta sa seomra ranga.

Is féidir le gníomhaíocht drámaíochta an-chuid túsphointí a bheith aici. Mar a chuirtear in iúl go soiléir sna cúig shampla a leanas (lch 66-91), agus tá sé tábhachtach go dtuigfí gur cheart don mhúinteoir túsphointí difriúla a úsáid go rialta don ghníomhaíocht drámaíochta. Mar sin féin is í an tslí ab fhearr a bhféadfaí míniú a thabhairt ar an gcur chuige ná cúrsa cuibheasach soiléir a d'fhéadfaí a leanúint le gníomhaíocht drámaíochta a thaispeáint ag tosú le hábhar.

Tá an moladh seo a leanas bunaithe ar cheann de na heiseamláirí a thugtar sa churaclam do ranganna 1 agus 2. Níor mhiste a threisiú mar sin féin go bhféadfaí é a úsáid leis an éifeacht chéanna ag aon cheann den dá leibhéal is airde.

San eiseamláir léitear:

> *déan léiriú ar an radharc ina n-áitíonn an mangaire ar Sheán gur cheart dó an bhó a dtugann sé grá di a dhíol ar mhála pónairí, agus déan iniúchadh ar an saghas duine é an mangaire agus ar an saghas duine é Seán.*

Anseo is ionann an t-ábhar lenar thosaigh an múinteoir agus an t-imfhios féideartha sa chaidreamh idir tuismitheoirí agus páistí, déileáil chluanach agus idirghaol cumhachta atá mar chuid den scéal. Ós rud é go bhfuil idirghabháil déanta cheana ar an ábhar seo trí lionsa ficseanach an scéil, ceadaítear do na páistí agus don mhúinteoir araon, struchtúr an scéil mar atá a leanúint go dtí gur mian leo imeacht uaidh agus athrú a dhéanamh air chun freastal ar an méid atá ag titim amach.

Má leagtar síos rialacha sóisialta soiléire don drámaíocht, agus meas a léiriú ar idéanna agus ar a bhfuil le rá ag na páistí, agus má thugtar go leor deiseanna dóibh ar pháirt a ghlacadh sa dráma gan aon duine ag faire orthu, beidh *timpeallacht shábháilte* ann don obair.

Agus treo nua á ghlacadh seachas cloí leis an mbunscéal, b'fhéidir go molfaidh dalta go bhfuil Seán ceanúil ar an mbó seo agus go dteithfidh sé léi. Mar fhreagairt air sin, b'fhéidir go molfaidh an múinteoir go roinnfear na páistí ina dtriúir agus an radharc seo a shocrú.

Tá Seán ar a bhealach chun an aonaigh chun an bhó a dhíol ach tá sé chomh ceanúil sin uirthi go bhfuil sé beartaithe aige teitheadh ó bhaile seachas í a dhíol. Tá sé ina shuí anois ar thaobh an bhóthair (*suíomh*), agus tá sé ag insint di cad tá faoi a dhéanamh agus cén fáth. Fad atá sé seo ar siúl tagann comharsa an treo agus fiafraíonn sé de cad tá á dhéanamh aige agus cén fáth a bhfuil sé chomh huaigneach. Déanfaidh an chomharsa iarracht a áiteamh air gan teitheadh.

Tugtar *frámáil* ar an leagan amach seo ar radharc an dráma.

Déanann an múinteoir frámáil ar an ngníomhaíocht ar bhealach go mbeidh sí cóngarach go leor don pháiste chun gaolú léi agus fada go leor uaithi chun dul i ngleic go sábháilte léi.

Is féidir leis an ngníomhaíocht forbairt ón lionsa ficseanach seo. D'fhéadfadh a leithéid seo a bheith ann: insíonn an chomharsa do mháthair Sheáin faoina iarracht ar theitheadh. agus téann sí á chuardach. Chun ceangal go díreach le téama na macántachta agus na mímhacántachta, d'fhéadfadh go rachadh Seán trí log an mhargaidh agus é ag teitheadh (forbairt eile ar ghné an tsuímh), mar a bhfuil mangairí agus cleasaithe agus iad ag tairiscint 'margaí speisialta' don lucht díolta. Sna léirithe seo ba chóir go spreagfaí na páistí chun gabháil go samhlaíoch isteach sna *carachtair.*

Nó d'fhéadfaí an dráma a leathnú amach trí charachtar eile a thabhairt isteach. Gan na páistí i ról Sheáin agus an mhangaire a chur ar an eolas, d'fhéadfadh an múinteoir beirteanna a fháil i log an mhargaidh agus treoir mar seo a chur orthu: 'Tuigeann sibh cad tá ar bun ag an mangaire. Rinne sé an rud céannna cheana, ach ní heol dó go bhfuil a fhios agaibhse faoi. Seasaigí agus éistigí leo, agus féach an féidir libh Seán a chosc ar a bheith amaideach.' Seo sampla de *threoir a chur ar dhaoine.*

Dá mba mhian leis an múinteoir an dráma a thabhairt ar ais níos cóngaraí don bhunscéal, d'fhéadfadh sé/sí, mar shampla 'seasamh ar bhalla' agus a fhógairt go raibh daoine áirithe ag díol pónairí neamhchoitianta ina raibh cumhachtaí ar leith agus go raibh daoine eile ag díol gnáthphónairí agus ag ligean orthu go raibh cumhachtaí neamhghnácha acu. Seo sampla den mhúinteoir *ag gníomhú i ról.*

D'fhéadfaí gné an *ama* a úsaid chun breis teannais a chur ar fáil má thugann an múinteoir an leid do Sheán: 'D'inis an chomharsa sin do do mháthair faoi do phlean chun teitheadh agus tá sí ag teacht ar do lorg. B'fhearr duit an bhó a dhíol chomh pras agus is féidir.'

Thiocfadh *suntas* an dráma do na páistí ón méid a d'fhoghlaimeoidís faoi spreagthaí agus dearcthaí daoine tríd an eispéireas a bheadh acu as dráma a chur i ngníomh. De réir mar ba chuí, d'fhéadfaí é seo a chíoradh a thuilleadh i machnamh iardhrámaíochta trí dhíospóireacht ghrúpa nó ranga a chur ar siúl.

Cé go bhfuil an dráma sa sampla seo bunaithe ar shíscéal aithnidiúil genre is féidir le stíl na haisteoireachta a bheith nádúraíoch amach is amach. Beidh tionchar ag éifeacht an dráma ar chomh réalaíoch is a dhéanfaidh na páistí na carachtair agus an ghníomhaíocht.


Ag pleanáil an turais drámaíochta

## Cuntais ar ghníomhaíochtaí rathúla drámaíochta

Leanann cúig chuntas ar ghníomhaíochtaí rathúla drámaíochta anseo, ag taispeáint conas a thionscnaíonn drámaíocht as pointí difriúla tosaithe.

Tá mar chuspóir acu mionchuntas ar an méid atá indéanta i gceachtanna drámaíochta a thabhairt don mhúinteoir. Níor mhiste a rá áfach, nach bhfuil siad ag iarraidh an méid ba chóir don mhúinteoir a dhéanamh a ordú dó sa cheacht drámaíochta, ina mbíonn tionchar ag na páistí ar roghanna agus treonna trína moltaí féin agus tríd an ngá atá le riachtanais faoi leith agus a gcumas a chur san áireamh. Déanann siad cur síos chomh mion agus is féidir ar chúig ghníomhaíocht drámaíochta a tharla go fíor. Soláthraíonn na nótaí a ghabhann leis seo tráchtaireacht ar an struchtúr, an fhorbairt, na straitéisí teagaisc agus na spriocanna teagaisc i ngach cás dóibh.

Ní mór a rá nach ceachtanna eiseamláireacha iad seo ar a ndéanfaidh an múinteoir athris. Níl iontu ach soláthar ar shamplaí de ghníomhaíochtaí rathúla drámaíochta a raibh cleachtadh ag múinteoirí áirithe orthu agus iad ag idirghníomhú le grúpaí ar leith de pháistí i staideanna faoi leith. Ní hionann is a rá nach bhféadfadh múinteoir eile aon cheann de na túsphointí a roghnú agus deis a thabhairt do na páistí ar é a fhorbairt mar ghníomhaíocht éifeachtach drámaíochta. Bheadh a

rathúlacht ag brath go mór, áfach, ar phearsantacht agus ar oilteacht an mhúinteora, i gcomhcheangal le heolas, leibhéal aibíochta agus taithí drámaíochta na bpáistí.

Mar aon leis na treoirlínte faoi chur chuige i ngníomhaíocht drámaíochta (lch 62-64), taispeánann na cuntais seo ar ghníomhaíochtaí drámaíochta go samplach na gnéithe i bpróiseas-drámaíocht a sheasann amach, agus cur chuige an mhúinteora ina leith sa seomra ranga.



Na páistí ag caitheamh éadaí difriúla a thugann leid dá gcarachtair

Is féidir bun-chomhphatrúin na drámaíochta—na gnéithe a chuireann struchtúr agus treoir ar dhrámaíocht, na réamhriachtanais le haghaidh dráma a dhéanamh agus na snáitheanna agus na snáithaonaid—agus an gaol atá eatarthu, is féidir rud a fheiceáil ag oibriú i ngach ceann de na cúig Ghníomhaíocht drámaíochta. De bhreis air sin d'fhonn an tsolúbthacht a léiriú atá ina tréith den chur chuige i leith na drámaíochta tosaíonn gach ceann de na gníomhaíochtaí ó phointe tosaithe éagsúil. Is iad seo a leanas iad in ord:

- an t-ábhar (bulaíocht agus gnáthóga)
- an léiriú (an múinteoir ag rólghlacadh, ag tosú láithreach ar théacs drámaíochta a dhéanamh i gcomhar leis na páistí)
- cuardach ar lionsa ficseanach as a n-eascraíonn breathnú ar thógáil tuama ursanaigh trí lionsa ficseanach scéil faoi threibh
- machnamh (dán)
- riachtanas na bpáistí comhoibriú a dhéanamh le chéile chun réamhthéacs scripte a athrú i gcló ina théacs drámaíochta.

D'fhéadfadh an chomhpáirt atá ar lár ar an liosta seo, is é sin imní maidir le timpeallacht shábháilte, a bheith mar thúsphointe chomh maith céanna don chéad ghníomhaíocht. Ina theannta sin, tá na gníomhaíochtaí in oiriúint do leibhéil dhifriúla. Toisc go gcuireann siad síos ar ghníomhaíochtaí drámaíochta a tharla go fíor, déantar tagairt don mhúinteoir mar *é* agus *í* de réir mar a oireann.

# Gníomhaíocht drámaíochta 1

## Ag tosú le hábhar

ranganna naíonán

| | |
|---|---|
| Ábhar beatha: | Cognaíoch: Gnáthóga, teangacha ainmhíocha |
| Mothaitheach: | Ag déileáil le bulaithe agus le daoine nach ndéanann idirghabháil; réiteach fadhbanna. |
| Ábhar drámaíochta: | Ag dul isteach i saol eile agus a chuid fadhbanna a ghlacadh chugainn féin.<br>Buncharachtracht mar choiníní. |
| Ionad: | Halla na scoile nó an seomra uilefhóinteach |

*Ba chóir don leibhéal creidimh agus dianmhachnaimh sa chluiche seo a bheith soiléir i ngach saothar drámaíochta, más féidir, agus léiríonn an t-athrú ón gcluiche seo go dtí an chéad ghníomhaíocht eile an gaol idir súgradh cur i gcéill agus drámaíocht.*

Imir cluiche faoi 'phaicéid bheaga'. Seasann grúpaí de thriúr páistí i líne agus a n-aghaidh ar an lárphointe céanna, iad uile ar comhfhad uaidh. Is sealgaire agus an tseilg iad beirt pháistí nach bhfuil sa líne. Caithfidh an tseilg teitheadh ón sealgaire. Aon uair a bhíonn an chéad duine i mbaol a ghabhála is féidir leis/léi áit an duine ag barr nó ag bun na líne a thógáil. Má sheasann sé/sí ag barr na líne, déantar an tseilg den duine ag bun na líne sin agus ní mór dó/di éalú. Má théann sé/sí go bun na líne, déantar an tseilg den duine ag a barr agus caithfidh sé/sí éalú. Má bheireann an sealgaire ar an tseilg, malartaíonn siad rólanna láithreach agus imríonn leo ar aghaidh.

Deir an múinteoir, 'Imrímis an cluiche céanna ach anois samhlaímis gur coiníní sinn. Conas a dhéanann coiníní cumarsáid agus caint? Conas a ghluaiseann siad?'

*Anseo tá an múinteoir ag saothrú ar son dhá rud: ar dtús tá sí ag cruthú do na páistí léiriú ar an ngnáthóg agus ag tabhairt taithí dóibh uirthi. Oibríonn sé seo freisin mar chosc trínar féidir leis an múinteoir smacht a choimeád ar an rang ach uas-saoirse a thabhairt dóibh chun iniúchadh a dhéanamh ar an saol samhailteach. Tá an ceistiú ag an deireadh ar mhaithe le forbairt teanga, rud a bheidh mar chuid d'obair drámaíochta i gcónaí.*

Imríonn na páistí ar a gceithre boinn, agus glacann an múinteoir le pé leibhéal 'carachtrachta ar choiníní' a chuireann na páistí ar fáil. Níor cheart béim a chur ar 'léiriúcháin'.

Líníonn an múinteoir an spás samhailteach, ag roinnt an halla ina dhá leath. Tá féar gairid ar leath amháin agus tá sé seo sobhlasta le hithe. Sa leath eile, an t-achar taobh thiar de na 'poill' agus ar a mbarr, tá driseacha aimhréidhe, a shíneann suas cúig oiread airde coinín. Tá sceacha deilgneacha ann freisin agus tá an féar an-fhada. 'Cé na plandaí eile a bheadh ag fás ann? Toisc go bhfuil an oiread sin plandaí agus driseacha ann, conas a bheidh ar na coiníní gluaiseacht tríd?' (Tabhair an focal 'lúbarnaíl'). Molann an múinteoir tascanna éagsúla dóibh san achar seo (mar shampla, 'Faigh rud éigin a chaill tú. Téigh ar lorg cara coinín') go dtí go dtagann siad ar thuiscint chruinn ar an saghas gluaiseachta teoranta atá oiriúnach sa chás. Is féidir leis an múinteoir cabhrú leo trína mheabhrú dóibh, de réir mar a théann siad ar aghaidh, go bhféadfaidís dealga a fháil ina sróna, go ngreamófaí a bhfionnadh sna sceacha, srl. Ina dhiaidh seo go léir cuir ceisteanna ar na páistí faoin eispéireas: 'Ar sracadh thú? Conas a tharla?' srl.

*Mar fhreagra ar an gceist dheireanach is dócha go n-aontóidh páistí gurb é an spás oscailte an ceann is fearr.*

*Tugann sé seo taithí dóibh ar shaol na drámaíochta.*

Ar deireadh fiafraíonn an múinteoir: 'Cá n-imreodh na coiníní a gcuid cluichí, meas sibh?'

Imríonn na coiníní roinnt babhtaí de 'phaicéid bheaga' sa leath mhín den achar.

*Anseo tá an múinteoir ag druidim le páirt a ghlacadh mar shionnach. Ní foláir a rá nach gá don mhúinteoir gabháil ar a ceithre boinn, cé nach bhfuil bac uirthi más mian léi. Pé scéal, é ba chóir di taispeántas 'aisteoireachta' a sheachaint a dhéanfadh lucht éisteachta de na páistí seachas rannphártithe. Níl bac uirthi a guth féin a úsáid le glanchompord.*

Deir an múinteoir: 'B'fhéidir go mbeadh na coiníní á imirt seo lena chinntiú go mbeidh siad ar a n-aire, má thagann fíorshealgaire. Cé hé an fíorshealgaire seo, meas sibh? Agus cá rachaidís dá dtiocfadh an sionnach?' Ansin aontaíonn an múinteoir agus na páistí le chéile, gurb é go deimhin an sionnach nuair a thugann sé ruaig isteach sa láthair, agus scaif, hata nó ball áirithe éadaigh á chaitheamh aige agus é ag bualadh ar thambóirín. Tá aon duine a dteagmhaíonn sé leis/léi marbh agus caithfidh sé/sí fanacht marbh. Ní mór do na coiníní fanacht ina bpoill go dtí go n-imíonn sé leis agus bualadh an druma níos moille aige anois. Imríonn siad cluiche nó dhó agus an sionnach ag filleadh, é á shrianadh ag an gcaschoill, agus ag imeacht leis go mall arís.

Cuireann an múinteoir iachall ar na 'mairbh' fanacht i gcúinne. Cuirfidh seo cosc lena mian go mbéarfaí orthu ar son spóirt, agus cuideoidh sé leo 'bás' a fheiceáil mar rud nach bhfuil inmhianaithe. Ansin filleann an sionnach, agus in áit imeacht leis suíonn sé agus fanann sé. Is ábhar iontais é seo do na páistí, mar anois beidh eispéireas acu ar chuid den fhrustrachas a leanann an réabadh ó chéile atá déanta ag an sionnach ar a saol is ar a súgradh. Ansin nuair atá na páistí ag éirí míshuaimneach, deir an múinteoir i ról an tsionnaigh, 'Mora dhaoibh, a choiníní. I ndáiríre is sionnach cairdiúil mé. Tagaigí amach as na driseacha sin. Ba mhaith liom labhairt libh.'

*Is é an chaoi a bhfuil na páistí anois go gcaithfidh siad iontaofacht duine éigin eile a mheas.*

*Tabhair faoi deara ról athraitheach an mhúinteora. Is féidir léi bheith mar í féin go hiomlán sa dá ról ar an gcoinníoll go dtugtar comhartha dearfa faoi pé ról díobh atá á imirt aici. Tá sí á suíomh féin chun na páistí a mhealladh amach mar ullmhúchán le haghaidh seasamh in aghaidh an tsionnaigh.*

*Faoin am seo tá na 'coiníní' tar éis maireachtáil trí eispéireas as ar féidir leo a gcúis a phlé.*

Caithfidh na páistí cinneadh a dhéanamh pé acu an gcuirfidh siad iontaoibh inti nó nach gcuirfidh. Mar shionnach déanann sí iarracht iad a mhealladh amach, ach ag an am céanna tugann sí noda go mb'fhéidir nach bhfuil sí iontaofa. 'B'fhéidir nach bhfuil iontaoibh agaibh asam, agus deir daoine go bhfuilim glic, ach an bhfuil dealramh orm go maróinn sibh?' Ansin ar deireadh, nuair a thriallann cuid díobh amach, meallann sí chuici féin iad agus 'maraíonn' sí go fealltach iad. Ansin luíonn sí síos mar a bheadh sí ag dul a chodladh.

Anois nuair atá an leamhsháinn bunaithe aici, baineann an múinteoir scaif an tsionnaigh di agus insíonn sí do na páistí gurb í an múinteoir athuair í. Fágann sí an scaif ina háit féin lena chur in iúl go bhfuil an sionnach fós ann. Anois deir sí gur mhaith léi bheith ina coinín. Cuireann sí uirthi ball éadaigh a sheasann don choinín agus, ag lámhacán go faichilleach isteach sa mhuine di, deir sí i gcogar, 'Á, seo áit inar féidir linn suí suas cuibheasach díreach, agus nach féidir leis an sionnach teacht orainn. Bailígí timpeall anseo, ach ná satailígí an iomad, mar ní fada go n-éireoidh leis an sionnach a shlí a dhéanamh trí na driseacha seo.' Filleann na 'mairbh'. Nuair atá siad go léir cruinnithe deir sí i gcogar 'Ná labhair os ard nó cloisfidh sé sinn, ach cad a dhéanfaimid faoin sionnach seo?'

*Má dhéanann na páistí iarracht labhairt i ngíoga, deir an múinteoir, 'Ligimis orainn go fóill gur féidir leis na coiníní seo labhairt.' Má labhraíonn siad i nathanna gíogacha, nó má choimeádann siad tréithe de ghuth coiníní, glac leis seo mar bhuntáiste breise fad is a úsáidtear é mar mhodh cumarsáide agus gur mó é ná 'guth greannmhar'. Pé acu ceann é ná habair aon rud ina thaobh; éist leis an méid atá á rá, is cuma faoin nguth. Is dea-charachtracht í seo i dtús fáis.*

Mar chomrádaí dá gcuid, cabhraíonn an múinteoir leis na coiníní a bhfrustrachas agus a bhfearg a chur i bhfocail agus roghanna gnímh a chur le chéile. Faoi dheireadh, is iad na roghanna atá ar fáil ná idirghabháil (dainséarach), cuir an sionnach chur báis (conas? fadhb mhór), nó teacht ar bhealach éigin chun déileáil leis. Ós rud é nach mbeidh a chur chun báis ina rogha (is dócha), b'fhéidir go gcinnfidh siad ar idirghabháil a dhéanamh leis ar dtús. 'Cad a déarfaimid leis?' a cheistíonn an múinteoir, ag tabhairt deise dóibh ar a gcuid argóna a chleachtadh. Ansin, 'Agus ní ghéillfimid dó go furasta,' a deir sí leo. Ansin ar deireadh deir sí, 'An ndúiseoimid é, agus an iarrfaimid air gan cur isteach orainn? Ceart go leor, ach bí cinnte de, is cuma cad a deir sé, nach bhfágfaidh sibh na driseacha. Ná déan béiceadh leis: dúisigh go mín é, nó beidh drochghiúmar air.'

*Is féidir leis an múinteoir i ról an tsionnaigh a fhios a bheith aici, agus idirghabháil ar siúl aici, gur féidir léi trí fhrásaíl srl. cuidiú leis na páistí a mhealladh chun cosaint a dhéanamh ar loighic is ar cheart a ndearcadh.*

*Ba chóir di áfach, dúshlán a thabhairt dóibh agus a gcuid mothúchán a thabhairt i dtreis. Is forbairt é seo ar intleacht mhothúchánach.*

Anois filleann an múinteoir ar a ról mar shionnach, a dhúisíonn nuair a ghlaonn na páistí air. Déanann siad iarracht ar idirghabháil a dhéanamh leis. Tá iarracht á déanamh ag an sionnach a bheith réasúnta, agus ba mhian leis go mbeadh na coiníní réasúnta agus scaoileadh leis dul sa tóir ar chuid díobh agus iad a ithe. Tar éis iarracht gan toradh ar idirghabháil, imíonn an sionnach leis, agus deir sé go bhfanfaidh sé go dtí go mbíonn siad ag súgradh uair éigin, agus ansin go mbéarfaidh sé orthu.

*Tá mar chuspóir anseo éagsúlacht a chur ar fáil do na páistí agus iad a ghríosú chun oibriú i ngrúpaí. Níl cumas maith comhoibrithe iontu ag an aois seo, agus tá deiseanna de dhíth orthu chun an scil seo a fhorbairt. Is tús é seo ar mhothú freagrachta in obair le grúpaí beaga. Cuirfidh sé béim, ar an difríocht idir rudaí a chur i bhfocail chumarsáide, idir chomhrá agus dráma.*

Caithfidh na coiníní breith a thabhairt anois maidir le dul amach arís. An bhfuil sé ró-dhainséarach? Má chinneann siad ar dhul amach arís ceadaigh é seo, agus ar an ócáid seo lig do na coiníní i ngrúpaí beartú ar chluiche éigin a imirt mar choiníní. Imríonn siad na cluichí seo san achar le féar gairid, sna poill nó sna driseacha, ag brath ar a n-oiriúnacht. Spreagann an múinteoir iad chun réalachas gach achair a chaomhnú agus, ón uair a bhunaítear an cluiche, cumarsáid a dhéanamh chomh fada agus is féidir i ngíoga agus i ngeáitsíocht choinín. Ansin, nuair a bhíonn siad socraithe isteach ina gcluiche, tagann an sionnach i láthair go glórach arís, agus arís tá sé ag smúrthacht mórthimpeall agus é ag iarraidh lúbarnaíl isteach san fhál, agus ansin imíonn sé leis go mall.

*Faoin am seo tá glactha ag na páistí le fadhbanna agus le beatha na gcoiníní agus tá siad ag maireachtáil tríd an eispéireas. Tá foghlaim ag tarlú ag leibhéal na réaltachta agus an fhicsin araon.*

*Ba chóir glacadh le pé réitigh a thairgtear agus iad a mheas. Ar deireadh bain triail as na réitigh, leis an múinteoir i ról an tsionnaigh.*

Anois cuidíonn an múinteoir, ina ról mar choinín arís, leis na coiníní a thuiscint nach mór dóibh córas éigin luath-rabhaidh a cheapadh

- nach ndéanfaidh aire a dhíriú orthu féin—agus dá bhrí sin caithfidh siad a bheith cuibheasach tostach
- a thabharfaidh tuairim ar cé chomh cóngarach dóibh atá an dainséar
- a cheadóidh dóibh súgradh agus ithe a dhéanamh go saoráideach go dtí go dtagann an dainséar i ngar dóibh
- a thabharfaidh sábháilteacht d’fhairtheoirí
- a oibreoidh go maith sa ghnáthóg áirithe seo
- a chuirfidh san áireamh nach féidir le coiníní caint a dhéanamh i ndáiríre.

*Tá sé i gceist anseo béim a chur ar mhothú na bpáistí tar éis rud a chur i gcrích agus freisin tús a chur le próiseas i dtreo fisiciúlachta agus solúbthachta guthaí atá chomh tábhachtach sin i ndrámaíocht.*

Tar éis triail a bhaint as na réitigh a chur i gcrích, déanann na páistí léirmheas orthu arís, lena fháil amach an féidir feabhas a chur orthu. Ansin ceiliúrann na coiníní trí amhráin a chasadh i nguthanna coinín agus iad á dtionlacan le rince mar a dhéanfadh coiníní é, dar leo.

*Tabhair faoi deara nár úsáideadh an drámaíocht chun an t-eolas seo a thabhairt amach ach chun an t-eispéireas a chruthú a chuirfidh ar a gcumas tuiscint ar na saincheisteanna riachtanacha san ábhar a bhaint amach, ag cruthú crúcaí eispéiris ar ar féidir leis an bpáiste an t-eolas úr a chrochadh.*

Tabhair deis dóibh ar mhachnamh ar an méid a thit amach agus labhairt faoi, mar aon leis na braistintí a bhí ag na páistí ar uaireanta éagsúla. Ansin insíonn an múinteoir dóibh faoi fhíorghnáthóga coiníní agus faoi fhíorchórais rabhaidh ag coiníní, agus déanann sí iontas faoi chomh cliste is a bhí coiníní, ar a shon is gur éirigh leo na rudaí seo a oibriú amach.

# Gníomhaíocht drámaíochta 2

## Ag tosú le léiriú nó téacs drámaíochta — ranganna 1 agus 2

*Is teicníocht í seo ina gcoinnítear siar gnéithe den scéal a bheadh ar eolas ag na páistí agus ar féidir le múinteoirí a leanúint le scéalta eile atá ann cheana féin. Mar sin is féidir le múinteoirí nach mbeadh iontaoibh cumadóireachta acu astu féin chun drámaíocht a chruthú brath ar struchtúr i scéalta atá ar fáil mar thacaíocht ar a gcuid oibre.*

Deir an múinteoir leis na páistí go bhfuil sé ag glacadh le ról, agus iarrann sé orthu freagairt a dhéanamh ar an méid a fhorbraíonn as. Glacann sé le ról mar shaighdiúir Rómhánach agus deir sé, 'Ceart go leor, baineann sibh uile anseo le muintir Dháibhí. Sula dtéimid ar aghaidh, an bhfuil aon duine anseo nach mbaineann le muintir Dháibhí?' Má deir duine éigin nach mbaineann, breathnaíonn an saighdiúir ar a liosta agus deir sé, 'Cinnte, baineann tú léi. Fan go bhfeice mé—gruaig dhubh, súile gorma: sea, tá tusa ar mo liosta ceart go leor.' Insíonn sé dóibh go gcaithfidh siad taisteal go baile mór atá dhá chéad míle uathu. Is é seo cinneadh an Impire Ágastas, mar gur mian leis a fháil amach cé mhéid díobh atá ann agus cér díobh iad, toisc nach dteastaíonn aon réabhlóidí uaidh. Taispeánann sé léarscáil an turais dóibh, ar pháipéar ar nós páir más féidir, agus insíonn sé dóibh go gcaithfidh siad dul ann agus a n-ainm a shíniú. 'Ceist ar bith ag aon duine?'

*Ní hionann seo agus 'scéal a léiriú' mar nach nglacfaí leis seo mar an gcleachtadh drámaíochta is éifeachtaí.*

Fiafraíonn páiste an dtiocfaidh bus faoina gcoinne. Deir an múinteoir, 'Bus? Bus? Níor chuala mé riamh an focal sin, ach más saghas éigin ainmhí é, ní bheidh camal nó asal ar bith ag teacht faoi bhur gcomhair. Má tá asail de bhur gcuid féin agaibh is féidir libh iad a thabhairt libh. Mura bhfuil, is féidir libh siúl.' Fiafraíonn páiste amháin cá fhad uathu é.

*Cuireann na páistí le réaltacht na drámaíochta trí fhadhbanna matamaitice a réiteach*

Stiúrann an múinteoir, ina ról fós, díospóireacht faoin bhfad a d'fhéadfaidís siúl in aon lá amháin sula mbeidís caite traochta le cloig ar a mboinn. Ansin fiafraíonn sé díobh an bhféadfaidís é seo a dhéanamh suas na sléibhte agus síos arís, agus ar uairibh in áiteanna gan bóithre. Ansin ar deireadh, nuair a chinneann siad go bhféadfaidís tuairim is fiche míle a shiúl i lá amháin, oibríonn siad amach cén fad a thógfadh sé orthu an dá chéad míle go Beithil a chur díobh.

'Anois,' arsa an saighdiúir, 'cén socrú a dhéanfaidh sibh le haghaidh bia?' Nuair a deir duine de na páistí, 'É a cheannach sna siopaí,' deir an saighdiúir, 'Is ar an ábhar sin a tharraing mé anuas an cheist. Na ceannaithe úd a chasfaidh oraibh ag iarraidh bia a dhíol libh, robálfaidh siad sibh, go mór mór leis an oiread sin daoine ag taisteal leo go Beithil agus bia de dhíth orthu. Mar sin b'fhearr daoibh an méid bia a bheidh ag teastáil uaibh a mheas agus an méid is féidir libh a iompar a thabhairt libh.'

*Níor chóir ualach mór d'fhadhbanna matamaiticiúla a chur anuas ar an drámaíocht, ach is féidir an-chuid a dhéanamh maidir le fadhbanna matamaitice i gcomhthéacs na drámaíochta.*

*Trí na socruithe seo á ndéanamh toisc gur leo féin iad. Glacann siad de réir a chéile le húinéireacht ar shaol na drámaíochta.*

Tagann an múinteoir as a ról chun a insint dóibh go tapa go bhfuil sé seo ag titim amach tamall fada ó shin, agus nach raibh aon chalóga arbhair ná siopaí ar fáil. Ansin, ag athrú róil, glacann sé páirt mar dhuine dá muintir, agus deir sé, 'B'fhearr dúinn a dhéanamh amach cé mhéad a bheidh de dhíth orainn, mar ní theastaíonn uainn aon chuid thar ár riachtanais a iompar.' Déanann siad amach cé mhéad de na rudaí a bheidh ag teastáil uathu, agus scríobhann an múinteoir síos iad, mar aon le meáchan achomair gach ruda díobh. Ansin cuireann sé paca den mheáchan céanna le chéile chun tuairim a thabhairt do na páistí ar a throime. An bhféadfaidís an méid sin a iompar an fhad slí sin? Faigheann siad amach go bhfuil sé an-trom. An dtabharfaidh siad níos lú bia agus dul sa seans go mbeidh siad in ann é a cheannach ar phraghsanna an-arda ar an mbóthar ('Tá aithne agam ar chuid de na ceannaithe sin freisin. Tá siad an-daor,' arsa an múinteoir), nó asail a thabhairt leo chun é a iompar? 'Ach má thugaimid go léir asal linn, ní bheidh go leor féir dóibh go léir feadh an bhealaigh, agus chaithfimis féar nó rud éigin a bhreith linn.' Cuidíonn an múinteoir leo na roghanna a shoiléiriú, agus beartaíonn na páistí ar cad a dhéanfaidh siad.

‘An chéad fhadhb eile: cá gcuirifmid fúinn? Tá na hóstáin cuibheasach costasach.’ Moltar pubaill agus rudaí eile ach feictear go mbeadh siad rófhuar istoíche. Cinneann na páistí tar éis don mhúinteoir, ina ról, na saincheisteanna a shoiléiriú, idir siúlóid de thríocha míle in aghaidh an lae a dhéanamh, fiú má thagann cloig ar a mboinn i dtreo is gur lú na laethanta agus na hoícheanta dóibh ar an mbóthar, agus mar sin go mbeadh níos lú le híoc acu agus gluaiseacht ar luas níos éasca d’fhiche míle in aghaidh an lae, agus dá bhrí sin go mbeadh orthu an t-óstán a íoc as líon níos mó oícheanta. Ag dealú go leanúnach dóibh in áit roinnte, déanann siad amach go dtógfaidh sé seacht lá orthu an turas amach a dhéanamh agus seacht lá chun filleadh ar ais.

*Beidh fáilte roimh an bhfuascailt seo mar fhaoiseamh ó fhadhbanna níos troime. Ní lúide í réaltacht fhadhb na gcaorach áfach. Cur i gcéill atá ann ar fad i gcónaí.*

Anois radharc grinn ina n-imríonn na páistí mar chaoirigh a gcaithfear a chur i gcró sular féidir leis na haoirí imeacht leo. Cuirtear ceithre ‘dhoras’ ar an gcró, agus níl ach ceathrar aoirí ann chun na caoirigh a sheoladh isteach. Mar a mbeadh súil leis, ealaíonn siad. Beidh deis ag gach ceathrar bheith ina n-aoirí, i dtreo is go mbeidh an t-eispéireas céanna acu go léir ar an bhficsean as a dtarraingeoidh siad níos déanaí.

Pacálann na páistí, faoi threoir an mhúinteora, a málaí samhailteacha leis na bianna ar aontaigh siad fúthu. Nuair atá siad ullamh le himeacht tagann strainséir an tslí (an múinteoir le hata eile, nó rud éigin chomh difriúil sin, go mbeidh cuimhne air mar an gcarachtar ceannann céanna, nuair a fhilleann sé níos déanaí) agus fiafraíonn sé díobh ar chuala siad aon scéala faoi rí ag teacht. Deir sé go raibh sórt taibhrimh aige anois díreach gur tháinig rí agus gur mhaith leis a fháil amach ar chuala siad aon rud ina thaobh. Nuair a fhaigheann sé amach nár chuala, imíonn sé leis, ag rá go gcaithfidh sé fiafraí de dhaoine eile, ach ar bhealach aisteach tá sé dearfa ann féin; tá sé á aibhsiú dó.

*Deis neamhbhagrach í seo ar radharc a léiriú do dhaoine eile. Nuair atá na léirithe á ndéanamh, má ghlactar páirt iontu chomh hiomlán is dá mba go comhuaineach é, beidh na páistí ag cur tús le tuiscint ar léiriú mar dhul isteach athuair sa dráma.*

*Tugann sé seo deis ar na coincheapa agus stór focal, trína dtarlaíonn an mhargaíocht sa chéad radharc eile a fhorbairt.*

*Is iarracht í seo ar eispéireas a thabhairt do na páistí ar an saghas aistir a bhí ann agus nach gá dóibh ‘a ligean orthu go bhfuil siad tuirseach agus traochta.’*

Anois ina dtriúir, agus duine amháin i ról an asail, déanann beirt díobh iarracht cuidiú leis an asal suas fána shleamhain, ach tá an t-asal agus na daoine ag sleamhnú siar go bun an t-am go léir.

Taispeáin roinnt díobh seo, tofa gan aird. Seans go mbeidh siad greannmhar.

In dhá ghrúpa, pléann feirmeoirí na straitéisí ar cheart dóibh a úsáid chun an phingin is airde a fháil ar an bhféar is ar an mbia a dhíolann siad le taistealaithe; agus pléann na haoirí na straitéisí ar chóir dóibh a úsáid chun bia a fháil dóibh féin agus dá n-asail chomh saor agus is féidir leo. Cuidíonn an múinteoir leis an dá ghrúpa.

Ina mbeirteanna déanann feirmeoirí agus aoirí margaíocht faoi dhíol féir agus bia.

Tar éis tamaill athraíonn gach beirt pháistí a rólanna.

Déanann an múinteoir cur síos ar chuid de chruatain an aistir; fánaí géara, bearnaí caola dainséaracha mar a bhfuil baol titime, ag iarraidh dul faoi charraigeacha ísle srl. Ansin cuireann an múinteoir fadhb os comhair na bpáistí, saghas cúrsa de chonstaicí a leagadh amach trí úsáid a bhaint as fearas corpoideachais srl. agus a chuideodh leo eispéireas a fháil ar na saghsanna seo cruatain. Tar éis an cúrsa de chonstaicí a leagan amach téann siad thairis agus a gcuid meáchain ar iompar acu, agus ag tabhairt a gcuid asal leo, de réir mar a aithrisíonn an múinteoir an t-aistear agus ag críochnú le, 'Bhí siad fuar, tuirseach traochta nuair a shroich siad Beithil. Bhain siad triail as seacht n-óstán déag, ach bhí siad uile lán go doras, agus is ar éigean a bhí siad in ann dul ar aghaidh níos faide, nuair a tháinig siad ar óstán faoi dheireadh ina raibh roinnt leapacha ach ní raibh an t-úinéir rólách.'

*Athneartaíonn sé seo an fhírinne go bhfuil spás an-ghann agus cruthaíonn sé aincheist freisin níos déanaí do na páistí.*

*Anseo táimid ag meabhrú do na páistí go bhfuil an strainséir ann agus á bhuanú ina n-aigne go mb'fhéidir go dtarlóidh rud éigin amach anseo.*

Deir an múinteoir, atá ina óstóir anois, go bhfuil roinnt leapacha aige, ach nach foláir dóibh roinnt ceisteanna a fhreagairt. Ar dtús, an rí é aon duine díobh i mbréagriocht? 'Mar tháinig fear anseo a dúirt go raibh rí ag teacht.' 'Ó, bhuail tusa leis freisin?' Ínsíonn siad don óstóir faoin teagmháil. Is ait leis an óstóir an scéal, ach suaimhnítear é nuair a chloiseann sé nach rí i mbréagriocht aon duine díobh. Ansin caitheann sé leo go dona, mar ba dhual dó i gcás aoirí, agus gearrann sé táillí arda orthu; admhaíonn sé go bhfuil siad ard ach deir sé go dtiocfaidh daoine eile agus nach bhfuil aon leaba in aon cheann de na hóstáin. Comhaireann sé iad. Ní féidir leis freastal orthu mura gcodlaíonn triúr i ngach leaba. Aontaíonn siad leis seo, tá siad chomh traochta sin. Ach, a deir sé, ná bíodh aon ghearán faoi dhuine éigin ag tabhairt cic duit, nó faoi leapacha crua, nó gan oíche shuanmhar codlata a fháil. Stiúrann sé iad chuig seomra, cúinne den halla, agus fógraíonn sé dóibh ar deireadh má thagann aon duine eile an treo gan é a scaoileadh isteach ar aon chúinse. Má dhéanann, díbreoidh sé iad go léir agus tabharfaidh sé na leapacha do dhaoine eile. Fágann sé iad chun socrú isteach agus áit a eagrú dá gcuid bagáiste, srl.

*Is fiú a thabhairt faoi deara anseo go bhfuil eispéireas ficseanach bainte amach ag na páistí faoin am seo ar ar féidir leo a rogha a bhunú seachas bheith ag braistint faoi dhualgas bearta ar an rud 'ceart' a dhéanamh a mbeadh súil ag an múinteoir leis.*

*Dá mbeartódh na páistí ar gan iad a ligean isteach, bheadh an dráma difriúil agus bheadh ar an múinteoir athrú a dhéanamh chun freastal ar an gcinneadh sin.*

Tá siad go díreach ag socrú isteach nuair a thagann an múinteoir chucu ina ról mar Iósaef. Ní thugann sé a ainm, ach iarrann sé orthu é a ligean isteach. Nuair a mhíníonn siad a gcás, taispeánann sé mála dóibh a d'iompair sé dhá chéad míle. Ligeann sé dóibh an meáchan atá sa mhála a mheas. Thaistil sé lena bhean chéile, atá ag iompar clainne, mar sin tá sí ag iompar oiread an mhála de mheáchan ina bolg, agus tá sí an-tuirseach. Caithfidh na haoirí cinneadh ar rud a dhéanamh, iad a ligean isteach nó diúltú dóibh. Sa chás seo roghnaíonn siad iad a ligean isteach. Téann Iósaef amach agus filleann sé agus a lámh crochta mar a bheadh mórthimpeall ar ghualainn duine eile, agus cuireann sé a bhean in aithne dóibh (glacann na páistí go fonnmhar leis an mbean chéile dhofheicthe). Tugann siad áit le luí síos di, agus fágann Iósaef iad chun cóir a chur ar an asal.

*Is é atá taobh thiar de chinneadh an mhúinteora í a aimsiú ná braistint ciontachta na bpáistí faoi sceitheadh uirthi a sheachaint. B'fhéidir go gceadódh múinteoir eile díobh í a bhrath agus go ndéanfadh sé déileáil ar shlí éigin leis na hiarmhairtí, féidearthacht spreagúil ann féin ar threo difriúil don dráma.*

Filleann an t-óstóir (an múinteoir arís), agus deir sé go bhfuil drochamhras air gur lig siad duine éigin isteach. Cuireann sé bréaga ina leith, agus fágann sé faoi aincheist iad: bréaga a insint nó an bhean a bhrath. Nuair a mhothaíonn an múinteoir go bhfuil siad ar tí í a bhrath, aimsíonn an t-óstóir í agus caitheann sé amach í. Deir sé leo gan smaoineamh ar aon duine eile a ligean isteach nó go mbeidh siad féin amuigh ar mhullach a gcinn. Déanann sé iarracht gealltanas a bhaint nach ligfidh siad aon duine isteadh—fadhb eile le réiteach ag na páistí. Ní thugann siad an gheallúint. Imíonn sé leis.

*Méadaíonn an múinteoir an teannas.*

Anois filleann an múinteoir mar Iósaef, agus iarrann sé ar na páistí aontú faoi cad a dhéanfaidís, dá bhféadfaidís cabhair a thabhairt dó féin agus dá bhean in aon slí. Tá a bhean an-chodlatach, an-tugtha agus i bpian. D'fhéadfadh sí breith a thabhairt don leanbán gan ró-mhoill. Fágann sé iad chun plé a dhéanamh faoi eatarthu féin.

*Dá mbeadh an scéal ar eolas ag na páistí roimh ré ní bheidís gafa sa drámaíocht mar eispéireas trínar mhair siad.*

Nuair a bhíonn tamall díospóireachta déanta acu filleann an t-aoire a raibh taibhreamh aige faoin rí. Deir sé go bhfios dó go bhfuil an rí anseo ar an mbaile seo, Beithil, anocht. Faoin am seo aithníonn na páistí an scéal, trína bhfuil siad ag maireachtáil, agus insíonn siad dó go raibh Iósaef ar an láthair acu. Fiafraíonn sé díobh cad a tharla, agus insíonn siad an scéal dó. Sea, ar sé, fiú amháin san insint féin tá a fhios aige go saolófar a leanbán anocht agus go mbeidh an leanbán sin ina rí ar an domhan.

Aithrisíonn an múinteoir scéal na breithe, agus ag an bpointe a dtagann na haoirí tagann an múinteoir isteach, mar Iósaef, agus iarrann sé ar na haoirí suí i gciorcal, agus taispeánann sé an leanbán dóibh (blaincéad). Iarrann sé ar gach duine díobh smaoineamh ar rud éigin gairid ar mhaith leo a rá i gcogar leis an leanbán. Deir sé go bhfuil fiú na réaltaí ag cantaireacht toisc gur saolaíodh an leanbán seo, agus seinneann sé Hósanna ar an téipthaifeadán de réir mar a chuirtear an leanbán mórthimpeall, agus deir gach duine an cúpla focal leis i gcogar.

Bheifí ag súil go múinfeadh an dráma seo don pháiste, is cuma cé chomh hindíreach é, go n-eascraíonn an rud diaga as gnáthchúrsaí an tsaoil.

Nóta: Ba chleachtadh úsáideach é na topaicí agus na hábhair léinn d'fhéadfaí a chomhtháthú leis an gceacht seo a liostú. Feicfear gur féidir tadhall a dhéanamh le gach achar den churaclam leis an gceacht seo mar eispéireas lárnach.

# Gníomhaíocht drámaíochta 3

## Ag cuardach lionsa ficseanach — ranganna 3 agus 4

Is cuntas é an méid seo a leanas ar ghníomhaíocht drámaíochta a thosaíonn le cuardach ar fhicsean agus a chríochnaíonn mar thionscadal lánscála comhtháite. De bharr easpa taithí an ghrúpa, agus toisc an bhéim a bheith ar fhoghlaim, ní ghlacann na daltaí páirt rófhisiceach san fhicsean, ach bíonn siad rannpháirteach go láidir ag an leibhéal intleachtúil. Cé nach féidir 'fallaing an tsaineolaí' a ghairm i bhfírinne ar na teicníochtaí atá á n-úsáid, mar sin féin úsáideann an múinteoir roinnt teicníochtaí i rith an cheachta atá gaolmhar leis an modh sin. Tá an ghníomhaíocht drámaíochta oiriúnach do bhuachaillí, do chailíní is do ghrúpaí measctha.

*Anseo tá sampla againn de dhrámaíocht ag cur tús le hábhar. I dtreo is gur féidir rogha chomh leathan sin a thabhairt do na daltaí ní foláir don mhúinteoir tuiscint mhaith a bheith aige ar fhráma is struchtúr a chur ar radhairc.*

Cuireann an múinteoir tús le díospóireacht maidir leis an ábhar ar chóir dóibh drámaíocht a bhunú air. Cuirtear moltaí éagsúla i láthair. Rud is annamh, tá tuamaí ursanacha dolmainí ar cheann de na topaicí a chuirtear ar aghaidh. Is í an chúis leis seo ná go bhfuil tuama ursanach mór sa dúiche, agus b'fhéidir freisin go dtiocfadh míthuiscint sa bhealach faoin gciall atá le drámaíocht féin. (Ní raibh taithí cheana ag na páistí ar dhrámaíocht.)

*Tá imní ar an múinteoir nuair a bhíonn sé i ról áirithe go mbeidh air teacht as an ról de shíor chun a rá leo, 'Ní hea, ní raibh tóstaeir acu san am úd,' agus rudaí eile mar sin.*

Tá cuid mhaith den ghrúpa i bhfách leis an idé, agus beartaíonn an múinteoir ar aontú leo. Ar an gcéad dul síos, d'fhonn mí-aimsearthacht a sheachaint, insíonn sé do na páistí nach raibh, san am ar tógadh na tuamaí seo, aon teilifís, aon charr, aon mheaisín ná aon ghunna ann, agus gur bhain daoine úsáid as uirlisí cloiche nó iarainn, agus gur throid siad le sleánna a raibh reanna cloiche ar chuid acu. Insíonn sé do na páistí go labhróidh sé leo amhail is dá mba dhuine difriúil é, agus gurb amhlaidh dóibh féin é in am agus in áit eile.

*Tá sé tábhachtach a thuiscint nach bhfuil 'aisteoireacht' ar siúl ag an múinteoir ná taispeántas á thabhairt aige ar a chumas aisteoireachta. Sa chás sin déantar lucht éisteachta de na páistí seachas rannpháirtithe.*

Deir an múinteoir, gan aon ghuth ar leith a tharraingt chuige, 'A dhaoine muinteartha, tá a fhios agam go bhfuil sibh ag an am seo ag caoineadh bás Odhráin bhur dtaoiseach. Bhí grá againn go léir dó agus bhí meas againn air mar mhórlaoch agus mar cheann réitigh. Tá a fhios agaibh nach mór dúinn, mar onóir a oireann dó, tuama a thógáil le trí ghallán chloch dhín agus cloch ollmhór mar is é sin tuama ursanach. Ach, sula ndéanaimid fiú smaoineamh air sin, ba mhaith liom a mheabhrú dúinn féin na móréachtaí a rinne sé. Is cuimhin liom féin mar a throid sé i gcoinne threibh na Mari, agus mar a rinne sé síocháin leo, síocháin atá i réim le seachtó ré den ghealach. Táim cinnte go bhfuil cuimhní ag go leor agaibh air, agus má tá, ba mhaith liom go n-inseofá dúinn iad agus sinn go léir a chur ag cuimhneamh.'

*I rith na gníomhaíochta seo tá na daltaí, diaidh ar ndiaidh, ag dul isteach i saol na drámaíochta agus ag cruthú eispéiris air dóibh féin.*

Soláthraíonn na páistí 'cumhní' eagsúla air. Cuireann a bhformhór béim ar a chalmacht laochúil, agus cuidíonn an múinteoir leo trí iad a threorú i dtreo a chuid iarrachtaí réitigh. Fíoraíonn an ceannaire gach rud a deirtear. Is lena linn seo a luaitear ainm treibheanna eile. Treibh amháin ar thréaniomaitheoirí le treibh Odhráin iad is ea na Runa.

*Tabhair faoi deara go scaoileann an múinteoir thairis an mhí-aimsearthacht faoi thonnaí agus mhílte. Ní mian leis an drámaíocht a mhoilliú le béim ar chruinneas. Is féidir déileáil leo seo níos déanaí.*

Anois deir an múinteoir, agus é ina cheannaire fós, gur thóg na Runa an tuama ursanach is mó sa dúiche os cionn a dtaoisigh. Molann na páistí go dtógfaidís ceann níos mó fós os cionn Odhráin. Aontaíonn gach duine gur chóir an méid seo a dhéanamh. Beartaíonn siad, má tá 150 tonna sa chloch ar dhíon thuama Runa, nár mhór dóibh féin caidhp de 200 tonna a dhéanamh. Má bhíonn an tuama is mó acu féin sa dúiche máguaird, glacfar leis go mbeidh céim níos airde acu ná aon treibh eile. Iarrann an ceannaire ar a threibh scaradh amach ina ngrúpaí agus tosú ag smaoineamh ar na fadhbanna ba mhó a bhainfeadh leis an méid seo a chur i gcrích, go mór mór ós rud é nach bhfuil aon chloch den mhéid sin i ngiorracht seacht míle dhéag dóibh. Le linn dóibh na fadhbanna a d'fhéadfadh teacht sa bhealach orthu a phlé i ngrúpaí, téann an múinteoir, i ról an cheannaire, thart timpeall ina measc ag tabhairt nod agus ag mionscrúdú, ag cabhrú leo chun na fadhbanna a fhuascailt.

*Tá scileanna ceistithe thar a bheith tábhachtach anseo chun freagraí a mhealladh. Fíoraíonn agus leathnaíonn sé ar na moltaí go léir. Diaidh ar ndiaidh, trí bhreathnú ar na fadhbanna ó léargas na treibhe, stiúrtar na páistí níos faide fós isteach i saol na drámaíochta.*

Tagann siad le chéile chun a gcuid eolais a roinnt agus na fadhbanna a phlé. Aontaíonn siad gur fadhb mhór í an chloch dhín a ardú, agus pléitear bealaí éagsúla chun seo a dhéanamh. Tar éis an-chuid cíortha ar an bhfadhb, aontaítear go bhféadfaidís, tríd an gcloch a rolladh ar shaileanna, ag aistriú saileanna go dtí an tús—níl sé seo furasta mar nach mór do na saileanna bheith ollmhór—an chloch a chur ag gluaiseacht go mall thar an seacht míle dhéag. Aontaíonn siad freisin go gcaithfidh siad fánán cré a dhéanamh chun teacht ar an gcloch dhín. Ní bheidh sé seo furasta leis na huirlisí atá ar fáil dóibh.

*Tá an méid seo riachtanach toisc nach bhfuil aon taithí ag na daltaí ar dhrámaíocht.*

Anois tagann an múinteoir amach as a ról agus iarrann sé orthu, i ngrúpaí de sheachtar, pictiúr neamhbheo a dhéanamh de ghníomhaíocht éigin a bheadh ar siúl acu mar chuid de bhogadh na cloiche dín.

*Tá na páistí ag fáil taithí ar an gciall atá intreach sa ghné fhisiceach.*

Filleann siad, agus 'léann' an grúpa gach pictiúr ag an ngrúpa, agus scrúdaíonn an ghníomhaíocht. Ansin molann an múinteoir dóibh pictiúr eile a dhéanamh faoi na daoine céanna leathnóiméad níos déanaí.

*Bealach tapa isteach i léiriú le daltaí gan taithí.*

Breathnaítear go han-tapa orthu seo agus ansin molann an múinteoir an gníomh a chruthú a nascfadh an dá phictiúr le chéile.

*Cuireann sé seo in iúl go soléir nach bhfuil 'léiriú' d'aon duine ar aicsean i gceist sa drámaíocht.*

Tar éis comhartha a thabhairt léiríonn na grúpaí go léir an t-aicsean ag an am céanna. Toisc go ndéanann siad an méid seo go ciúin, molann an múinteoir go gcuirfidh siad fuaim leis an ngníomh. Arís léiríonn siad an t-aicsean ag an am céanna le fuaim.

Pléann siad na haicsin éagsúla agus conas mar a réitíonn siad leis an bplean iomlán.

*Gluaiseann an múinteoir isteach, agus amach as a ról go simplí trí phlé a dhéanamh faoin bhfadhb mar 'ár bhfadhb' nó 'a bhfadhb'.*

Anois, agus é/í ag gluaiseacht isteach agus amach as ról de réir mar is gá, stiúrann an múinteoir iad chun breathnú ar chuid de na fadhbanna matamaitice agus innealtóireachta. Conas a aimsímid saileanna ar aon mhéid? An gá dóibh bheith ar aon tiús? An mbeadh gá le breis daoine chun é a rolladh suas ar chnoc seachas síos le fána? An féidir leo déileáil le cnapóga ar an talamh? (Glactar leis nach bhfuil bóithre ann.) An féidir leis na daoine céanna atá ag tarraingt na cloiche ar aghaidh na saileanna a aistriú chun tosaigh? An gá do dhaoine a bheith ag aistriú saileanna ar aghaidh i gcónaí? Cá fhad a ghluaisfidh siad ar aghaidh in aon lá amháin (gan soilse ar fáil istoíche)? Cé mhéad tonna is féidir le leoraí mór a iompar? Mar sin, cé mhéad leoraí a bheadh ag teastáil, fiú amháin dá scoiltfí an chloch ina píosaí, chun an chloch dhín a iompar (chun tuairim a thabhairt faoi mhéid na faidhbe)? Conas a thabharfar bia chuig na hoibrithe? An iompróimid na trí ghallán go dtí an suíomh ag an am céanna leis an gcloch dhín? Conas a ardóimid iad? Conas a chuirimid an chloch dhín in airde ar na trí ghallán? I ngrúpaí, déan ríomh ar an líon daoine a bheadh ag teastáil chuige seo. Filleann na grúpaí, agus cuireann siad figiúirí i gcomparáid. Aontaítear go mbeidh gá le míle duine don fhiontar ina iomláine.

*Tá saol leathnaithe na drámaíochta á chrúthú agus táthar ag glacadh páirte ann.*

Admhaíonn an ceannaire gur dócha go bhfuil an ceart acu, ach fiafraíonn sé, 'Cad ba chóir dúinn a dhéanamh ón uair nach bhfuil ach 312 inár dtreibhne?'

Moltaí éagsúla, iad uile i ról, iad uile ag breathnú ar an bhfadhb mar 'ár bhfadhb'. Faoi dheireadh aontaíonn siad go mbeidh orthu iarracht a dhéanamh a áiteamh ar chuid de na treibheanna sa chomharsanacht cabhair a thabhairt dóibh. Fiafraíonn an ceannaire díobh cén t-eolas atá acu faoi thréithe na dtreibheanna mórthimpeall orthu, cé acu treibheanna a chuideodh leo b'fhéidir, cé acu treibheanna a mbeadh éad orthu leo agus nár mhian leo go n-éireodh leo féin.

*Is féidir déileáil níos déanaí leis an mí-aimsearthacht a bhaineann le páipéar, péinteáil agus líníocht.*

I ngrúpaí (comhtháthú le hobair ealaíne) cuireann siad ar fáil sraith de phéintéireachtaí is de líníocht a chuideodh le míniú do na treibheanna atá go mór ar gcúl maidir leis an mbeart atá ar aigne acu. Cuireann siad tionól orthu seo, agus roghnaíonn siad seicheamh de phictiúr a chuimseoidh an plean faoi mhodh tógála an tuama ursanaigh.

Anois gur féidir an ghné theicniúil a mhíniú, iarrann an múinteoir orthu, i ngrúpaí, beartú na n-argóintí a úsáidfidh siad leis na treibheanna eile chun a áiteamh orthu siúd cabhair a thabhairt. Comhroinneann siad a n-idéanna.

*Tugtar aisiompú róil ar an 'dráma laistigh de dhráma' seo, agus ná measctar é le malartú rólanna i gcumadóireacht gan ullmhú nó i miondráma aonarach.*

Anois roinntear an rang ina ngrúpaí, agus tugtar an tasc do ghrúpa amháin argóintí 'ár dtreibhne' a chleachtadh, a fhad is a iarrtar ar na grúpaí eile dearcadh na dtreibheanna eile a ghlacadh chucu féin agus beartú ar chúiseanna nár chóir dóibh comhoibriú a dhéanamh, nó cad ba chóir dóibh a lorg mar chúiteamh. Déanann siad iniúchadh ar riachtanais a dtreibhe féin, cé mhéad duine ar féidir leo a thabhairt don fhiontar, ar mhian leo go n-éireodh leis an iarracht, agus cén fáth.

*Is féidir breathnú air seo mar aisiompú róil ina bhfuil 'ár dtreibhne' ag léiriú páirteanna a gcomharsan, ar mhaithe le hiniúchadh a dhéanamh ar conas mar a d'fhreagródh siad, nó mar fhíorléiriú ar an bhfíortheagmháil.*

Anois deir an múinteoir le gach grúpa gan géilleadh go furasta d'éilimh na ngrúpaí eile. Ansin bíonn an chuid eile ag faire nuair a dhéanann an fhoireann idirghabhála ónár dtreibhne iarracht socrú a dhéanamh leis na toscaireachtaí ó threibheanna eile. Ina dhiaidh sin, labhraíonn siad faoi cé acu ar ghéill an grúpa seo nó an grúpa siúd go rófhuarasta, agus cad iad na hargóintí breise a d'fhéadfaidís a úsáid.

*Ba dhráma chomh suimiúil céanna é dá dtosódh an múinteoir ar bheatha agus éad na dtreibheanna eile a scrúdú, ach caithfear roghanna a dhéanamh cheal ama.*

Cuireann an múinteoir an scéal chun cinn nuair a deir sé gur críochnaíodh na comhráite agus gur thosaigh na treibheanna ar an gcloch mhór a bhogadh ar aghaidh. Anois iarrann an múinteoir orthu, i ngrúpaí de sheachtar nó thart air sin, leathnóiméad aicsin a chumadh a léireoidh tionóisc a d'fhéadfadh a tharlú agus iad ag tarraingt na cloiche tríd an dúiche. Déanann siad iad seo in éineacht, agus b'fhéidir go dtaispeánann siad dá chéile iad. Pléann siad a dhóichí go bhféadfadh tionóiscí dá leithéid a thitim amach.

*Má ghlacann an múinteoir leis mar riachtanas, d'fhéadfaí an roinn seo a dhéanamh trí dhá phictiúr neamhbheo a cheangal mar atá thuas.*

Mar an gcéanna cruthaíonn siad, i ngrúpaí, leathnóiméad gnímh ina bhfuil baill na treibhe ag fulaingt dianchruatain. Taispeánann siad dá chéile iad, agus 'léann' an lucht féachana iad.

*Tabhair faoi deara go bhfuil an spás eagraithe chun réaltacht eile a chruthú agus chun treoir isteach a thabhairt ar eispéireas fisiceach na heachtra.*

Eagraíonn na páistí agus an múinteoir an spás ar an urlár mar seo a leanas: tá an chloch ina stad i lár portaigh. Mura mbogann sí go luath rachaidh sí faoin bportach. Ach tá na hoibrithe traochta. Gach coiscéim a thógann siad téann siad síos fad a nglúine sa mhóin. Titeann siad le tuirse, ach ní mór dóibh éirí. Iarrann an múinteoir orthu beartú a dhéanamh faoina ról i mbogadh na cloiche, 'tarraingteoir nó aistritheoir saileanna', agus cruthaíonn siad nóiméad nó breis den ghníomh seo (a fhad is a leanann creideamh agus dúthracht). Glacann an múinteoir le ról an tsaoiste sa ghnó seo i dtreo go mbeidh ar a chumas iarrachtaí an dá ghrúpa a chomhordú agus cabhrú le réaltacht na drámaíochta a fhorbairt.

*Cabhraíonn cur síos ar an aicsean le dianmhachnamh ar a ngníomh chomh maith le forbairt ar theanga*

Cuireann an múinteoir an t-aicsean chun cinn arís. Déanann siad a slí trasna an phortaigh, agus tá siad ocrach, tartmhar, fuar agus fliuch. Tá sé ag cur báistí. Déanann gach aon duine iarracht fothain a dhéanamh dó/di féin, ag déanamh cur síos os ard ar gach aicsean de réir mar a dhéanann siad é.

*Tá na daltaí ag éirí feasach maidir le fo-théacs, an tslí inar féidir samoineamh neamhlabhartha a léamh sa taobh fisiceach.*

Roinneann an múinteoir an rang ina dhá leath. Iarrtar ar leath amháin luí síos i gcomhair na hoíche ar an mbealach is fearr a chuireann a n-idéama agus a gcuid mothúchán in iúl. Tá an leath seo ina dtost fad is a théann an múinteoir timpeall ag leagan láimhe ar ghualainn gach duine i ndiaidh a chéile. Agus an méid seo á dhéanamh aige insíonn na daltaí sa leath eile na hidéanna agus na mothúcháin atá acu siúd sa chéad leath.

Malartaíonn an dá leath áiteanna agus déantar an cleachtadh athuair.

*Tabhair faoi deara go leanann teannas an cosc a chuirtear ar gach duine sa radharc, agus ina theannta sin cruthaíonn sé deacracht sa réiteach, agus mar sin ní féidir é a chríochnú go tapa. Ós rud é nach eol do A agus B an mionteagasc a tugadh don duine eile, cuirtear le cáilíochtaí beaga na teagmhála, agus tugann sé i bhfad níos mó réaltachta don téacs mar a bhaineann sé leis na rannpháirtithe.*

Anois roinntear an rang ina mbeirteanna, a thugann A agus B mar ainmneacha orthu féin. Insíonn an múinteoir dóibh gur riail sa treibh é má fhágann duine éigin go gcaithfear duine muinteartha leis a chur ina áit. Ní ceadmhach dóibh riamh áfach iarratas a chur isteach ar dhuine a chur ina n-áit. Ansin déanann sé mionteagasc ar A agus B, ach gach duine ina aonar.

Miontasc A: Tá B ag teacht ó bhaile ar cuairt chugat. Inseoidh tú dó cé chomh huaigneach is atá tú is cad tá a tharlú anseo, agus an tnúth mór atá ort filleadh abhaile chun bualadh le do theaghlach. Cuir tuairisc orthu siúd go léir, agus conas mar atá ag éirí leo srl. ar bhealach go bhfeicfidh B an dúil atá ionat don bhaile. Is é ba mhian leat ná go dtairgfeadh B d'áit a thógáil, ach ní féidir é sin a iarraidh air, de réir rialacha na treibhe.

*Eispéireas an chuardaigh agus arís níl aon bhéim ar thaispeántas*

Miontasc B: Bhí ganntanas mór bia i do thír, agus dá bharr, fuair teaghlach iomlán A bás. Tá a fhios agat dá mbeadh an t-eolas seo ag A gur mhian leis bás a fháil nó filleadh abhaile. Caithfidh tú a rá go bhfuil siad ar fónamh, agus caithfidh tú rudaí a rá a cumadh ina dtaobh. D'fhonn é a mhealladh chun fanacht, ní foláir duit móráil mhór a mhúscailt ann faoin obair atá ar bun anseo aige, agus go mbreathnódh na daoine sa bhaile ar na hoibrithe anseo mar laochra.

Tosaíonn na radhairc seo leis na hA-nna ina luí ar an talamh agus iad traochta agus na B-anna ag teacht isteach agus ag beannú dóibh. Déantar na radhairc ar aon uain le chéile.

*Tabhair faoi deara gur fhanamar le baill 'ár' dtreibhne. Dá gcinnfimis béim a chur ar éad na n-oibrithe eile, a bhfuil a ngradam á íobairt ar luach saothair beag, d'fhéadfaimis iniúchadh a dhéanamh ar an gcaimiléireacht agus ar an gceannairc a d'eascródh as éad.*

Anois filleann na daltaí go léir ar ais mar bhaill 'dár dtreibhne' agus tagann an múinteoir isteach mar theachtaire, agus é tuirseach ocrach. Deir sé ón uair gur cuireadh an oiread sin daoine chun oibre ar an rud seo, agus toisc go raibh an oiread sin bia de dhíth orthu, go bhfuil an ganntanas bia an-ghéar. Cuireann sé síos go hachomair ar na heispéiris a bhí aige ar dhaoine ag fáil bháis srl. Ansin molann sé iad as a muintir féin a íobairt, agus is dócha anois a mbeatha féin chomh maith (toisc go mbeidh bia gann as seo amach), ar son ghlóire a dtaoisigh, Odhrán. Má fhaigheann siad bás i mbun na hoibre seo, beidh cuimhne orthu i gcónaí. Cuireann sé ar a súile dóibh go bhfuil onórú na marbh chomh tábhachtach sin don treibh nár cheart go gcuirfeadh an cruatan isteach orthu. Ní bheidh orthu ach dhá ré gealaí d'ocras a fhulaingt sula mbeidh an chloch ollmhór ina háit. Iarrann sé orthu má tá aon rud le rá acu é a rá láithreach, agus fanann sé go dtí go labhraíonn daoine amach.

*Ní thugann an múinteoir treoir anseo agus tá sé sásta glacadh le pé socrú a dhéanann baill na treibhe.*

Ós rud é go bhfuil siad beagán tostach, cinneann an múinteoir go bhfuil siad éiginnte maidir le labhairt nó gan labhairt amach i gcoinne an mhéid atá ráite ag an teachtaire. Dá bhrí sin deir an múinteoir, mar an teachtaire, 'Ceart go leor mar sin, is féidir liom glacadh leis nach bhfuil aon duine anseo a cheapann gur cheart dúinn an chloch a fhágáil anseo chun dul faoi sa phortach, agus dul abhaile chun bia a bhailiú agus barra a chur.'

*Toisc gur fhulaing na daltaí na heispéiris as a bhfuil siad ag tarraingt, tá na hachainní an-réalaíoch.*

Spreagann sé seo freagairt dhifriúil, agus áitíonn cuid de na páistí go paiseanta gur cheart dóibh dul abhaile. Áitíonn daoine eile gur cheart dóibh fanacht agus an tasc a chomhlíonadh. Is féidir leis an múinteoir mar an teachtaire taobhú le ceachtar díobh ar bhealach neodrach, ar nós cathoirligh, ag spreagadh smaoinimh agus argóna. Ar deireadh beartaítear ligean don chloch dul faoi sa phortach.

*D'fhéadfadh an múinteoir treoir a thabhairt do na daltaí an saol a bhfuil baill na treibhe ag filleadh air a iniúchadh, ach mothaíonn sé go bhfuil a chuid cuspóirí oideachasúla bainte amach aige.*

Deir an múinteoir, i ról an cheannaire, ós rud é gur bheartaigh siad ar seo a dhéanamh nárbh fholáir dó rabhadh a thabhairt dóibh nach mbeidh spiorad Odhráin faoi shíocháin, agus go mbeidh an-fhearg air. Ansin iarrann sé orthu deasghnáth a dhearadh faoi nóiméid dheiridh na cloiche ag dul faoi, deasghnáth a chiúnóidh spiorad Odhráin.

Le cabhair an treoraí, cinneann siad ar insint shimplí a thabhairt don spiorad ar gach a ndearna siad, agus iarrann siad air glacadh leis an rogha atá déanta acu. Comhlíonann siad an deasghnáth.

Anois aithrisíonn an múinteoir nóiméid dheireanacha na cloiche agus í ag dul faoi, an meall ollmhór láibe á clúdach, boladh na móna taise, fuaim an tsláthaigh ag úscadh, agus ar deireadh an fhuaim dhiúlach de réir mar a imíonn an chloch as radharc faoin bportach go deo.

Anois iarrann sé go scríobhfaidh gach aon duine cuntas ar an gcruatan a d'fhulaing siad, i dtreo is gur féidir leo iad a leagan síos i gciorcal timpeall ar an áit a ndeachaigh an chloch faoi, chun go rachaidh siad sin freisin faoi sa phortach. 'Maisígí an cuntas seo chomh galánta agus is féidir libh mar is íobairt é do spiorad an mhórthaoisigh, Odhrán.'

*Ní foláir straitéisí dá leithéid seo a úsáid go spárálach. Tá sé tábhachtach an tuairim a sheachaint gurb é cuspóir na drámaíochta ná tascanna scríofa a chur ar fáil do na daltaí.*

Críochnaigh le deasghnáth, ag leagan na gcuntas seo i gciorcal timpeall an phortaigh.

Anois tugann an múinteoir faoi na mí-aimsearthachtaí a raibh teagmháil leo sa drámaíocht, agus iarrann sé ar na páistí smaoineamh ar a thuilleadh díobh.

Sa cheacht Gaeilge cumann na daltaí agus an múinteoir cuntas ar ar tharla sa drámaíocht ar agus greamaítear iad seo, mar aon leis na cuntais eile ar an drámaíocht, den bhalla.

# Gníomhaíocht drámaíochta 4

## Ag tosú le machnamh (dán)

ranganna 3 agus 4

Cé go gcuidíonn sé le daltaí tosú le drámaíocht chun an chiall atá le dán a bhaint amach, ar nós an tslí ar féidir réaltacht na dtuamaí ursanacha a fhoghlaim tar éis rannpháirtíochta i nGníomhaíocht drámaíochta 3, is féidir chomh maith céanna leanúint ó dhán isteach i ndrámaíocht. Léiríonn an ghníomhaíocht drámaíochta seo a leanas an méid seo.

Tá dán léite ag na daltaí anois díreach, agus tosaíonn sé mar seo:

*'In a boat to sea went wise men three*

*On a brilliant night in June;*

*They carried a net and their hearts were set*

*On fishing up the moon.'*

Leanann sé ar aghaidh le cuntas ar conas a chuir siad chuig scáil na gealaí ar an bhfarraige a ghabháil agus nuair a chaith siad an líon amach san uisce,

*'And at the throw the moon below*

*In a thousand fragments flew.'*

Baineann siad triail as i rith na hoíche ar fad, agus ar deireadh filleann siad abhaile ar mearbhall agus in ísle brí toisc nár éirigh leo.

Ag deireadh an taiscéalta deir na páistí: 'Ní raibh siad gaoiseach i ndáiríre' agus 'Is dubhach an scéal é mar ní fhéadfaidís breith air' agus 'Bhí siad dúr.' Úsáideann an múinteoir na machnaimh seo mar thús le seisiún drámaíochta.

*Ós rud é go gcuirfeadh sé trí cinn de chúlraí éagsúla ar fáil do na carachtair éagsúla, spreagadh an múinteoir chun glacadh le trí cinn de na moltaí.*

Deir an múinteoir, 'B'fhéidir nach raibh siad gaoiseach, agus b'fhéidir nach raibh siad dúr ach oiread, agus b'fhéidir nach gá críoch mar sin a chur leis. An mbunóimid dráma air, agus féachaimis le hathrú a chur air?'

Tá dúil ag na páistí ceann acu a dhéanamh. Deir an múinteoir, 'N'fheadar cén fáth nárbh eol dóibh nach bhféadfaidís breith ar an scáil?' Cuirtear tuairimí éagsúla chun cinn. Ina measc tá:

1. Baineann siad le scannán coiméide.
2. Is ó phláinéad eile dóibh.
3. Ní raibh siad amuigh istoíche riamh roimhe sin.
4. Ní fhaca siad uisce riamh roimhe sin.

*Is féidir a fheiceáil go dtosóidh ábhar an tseisiúin seo laistigh den drámaíocht seachas ó aon chuspóir réamhshocraithe cognaíoch de chuid an mhúinteora. Mar sin féin is féidir leis an múinteoir teacht roimh na hachair go suntasach, ina cuid pleanála, toisc gur dócha go dtreoróidh an drámaíocht seo chucu sin iad.*

*Anseo táimid ag tógáil ar réaltacht na gcarachtar agus a saol agus ag soláthar eolais orthu ar a ndéanfaidh siad a gcinntí níos déanaí.*

Cinneann an múinteoir, má thoghann siad uimhir 1 gur baolach go gcuirfeadh siad chuige ar bhealach éadrom. Aontaíonn na páistí más é uimhir 2 nó 4 atá i gceist nach mbeadh a fhios ag na carachtair conas bád a úsáid agus go mbeadh orthu é a fhoghlaim. Más é uimhir 3 é, bheadh orainn a oibriú amach conas a tharla nach raibh siad amuigh istoíche roimhe sin. I ndeireadh na dála aontaítear gur gá dúinn an saghas domhain as ar tháinig siad a thaighde.

Roinntear an rang i ngrúpaí de thriúr, agus iarrtar ar gach ceann de thrí ghrúpa radharc a chruthú bunaithe ar an bpláineád eile (Domhan 2), ar thrí cinn eile radhairc a chruthú a mhíníonn cén fáth nach raibh siad riamh amuigh istoíche (Domhan 3), agus ar an trí ghrúpa deiridh radhairc a chruthú a mhíníonn cén fáth nach bhfaca siad uisce riamh (Domhan 4). Pléitear iad seo sna grúpaí agus ansin léiritear iad comhuaineach le chéile.

*Is gá go mbeadh a fhios ag an múinteoir go dtógann léiriú oibre gach grúpa an-chuid ama agus go mbeadh lucht féachana neamhghníomhach lena linn.*

Ós rud é go dtógfadh sé an iomad ama breathnú orthu go léir, toghann gach grúpa leathnóiméad a léiríonn, dar leo, rud éigin tábhachtach faoina ndomhan éagsúil. Téann na trí ghrúpa atá ag plé le gach domhan go dtí láthair dhfriúil sa halla, agus taispeánann siad a leathnóiméid léirithe dá chéile.

Ansin ullmhaíonn gach grúpa de naonúr liosta de na gnéithe suntasacha sa domhan as ar tháinig siad. Ar son na caoithiúlachta ainmnímid na trí ghrúpa mar spásairí, aineolaithe mara agus aineolaithe oíche.

*Arís is é an cuspóir ná eispéireas na gcarachtar san am atá thart a fhorbairt.*

Anois ar comhuain le chéile, léiríonn na spásairí na haineolaithe mara agus oíche radharc a thaispeánann cén fáth ar mhian le daoine óna ndomhan féin breith ar an ngealach.

*Faoin am seo ba chóir go mbeadh na daltaí sciliúil i gcruthú droichid isteach i saol na drámaíochta.*

Ansin iarrtar orthu ionad na drámaíochta a leagan amach i dtrí shuíomh scartha ó chéile, agus ansin ar comhuain le chéile arís, radharc a chumadh ina seoltar an laoch amach chun tabhairt faoi bhreith ar an ngealach. Cé a sheolann amach é? Cén fáth a seoltar amach é? Ar cuireadh amach ina aonar é? Cén saghas sláin a chuirtear leis? Conas a thaistealóidh sé? Ní thaispeántar iad seo do na grúpaí eile.

*Cuidíonn teorannú ag an múinteoir le fócas a leagan ar an teannas, seachas na páistí bheith ag réabadh leo tríd an eachtra chun teacht ar an ngníomh spreagúil.*

Tá a fhios againn go sroicheann an laoch an Domhan. Conas a thit sé seo amach? Ar tharla tionóisc éigin? Cad é? Ní dhéanann an fhoireann léiriú ar an tionóisc féin ach ar na nóiméid theannasacha roimhe sin, ag tosú le haithint an dainséir agus go mb'fhéidir go bhféadfaí gníomh éigin a dhéanamh. Méadaíonn ar an teannas de réir mar a dhéanann siad iarracht rud éigin a shábhálfadh iad a dhéanamh. Pé rud a thiteann amach, ní cuid den radharc seo é, agus an múinteoir go láidir den tuairim go gcaithfidh siad bheith fós ag iarraidh iad féin a tharrtháil, nuair a chuireann sí deireadh leis an radharc.

*Is é an bunús atá le mallghluaiseacht ná deis a thabhairt don lucht féachana ar é a fheiceáil. Ar dtús d'fhéadfaí é a chleachtadh ag lánluas. D'fhéadfadh sábháilteacht bheith ina fachtóir i roinnt somraí ranga.*

Anois déan radharc a thaispeánann an tionóisc (nó pé rud a chuireann dá gcúrsa iad chun an Domhain) go mallghluaiste. Léirítear é seo agus déanann an lucht féachana tomhas faoin gcúis a bhí leis an tionóisc. Ní dhearbhaíonn ná ní shéanann na rannpháirtithe cruinneas na dtomhas. Ní cineál 'fiche ceist' é.

*Is forbairt í seo freisin ar chreideamh i saol aisteach na drámaíochta.*

Bhraithfeadh na daoine seo go bhfuil gnáthshaol an uisce agus na talún aisteach, díreach mar a bhraithfimísne go bhfuil a saolna aisteach. Ag an am seo comhtháthaítear an léiriú le hobair ealaíne na seachtaine nuair a iarrtar ar na spásairí, ar na haineolaithe mara is na haineolaithe oíche colláis a chur le chéile, nó taipéis, ag léiriú an tsaoil aistigh seo againne mar a d'fheicfí é trí shúile na gcoimthíoch úd.

*Tabhair faoi deara cinneadh na bpáistí a ordaíonn treo na drámaíochta.*

Deir an múinteoir, 'Cuir i gcás gurb iad an triúr fear a thagann chun iascaireacht a dhéanamh ar an ngealach, ná spásaire amháin, aineolaí mara amháin agus aineolaí oíche amháin. Conas agus cén áit a mbuaileann siad le chéile, agus cad iad na tosca a d'fhéadfadh baint leis an teagmháil sin?' Aontaítear go mbuaileann siad le chéile ar chnoc os cionn na farraige.

*D'fhéadfaí seo a dhéanamh mar agallamh ar raidió leis an laoch agus é ar tí tuirlingt.*

Anois iarrtar ar gach grúpa scéal a chumadh a mhíníonn conas a tháinig a laoch i láthair agus conas a bhain sé ceann scríbe amach ar an gcnoc seo os cionn na farraige.

*Tá comhtháthú le OSPS go glan, soiléir. Anseo nílmid ag caint faoi chaidreamh: taímid á chleachtadh.*

Anois labhraíonn na páistí agus an múinteoir faoi chomh deacair agus atá sé uaireanta cairde a aimsiú. Aontaíonn gach aon duine go mbíonn claonadh ionainn bheith faichilleach nó cuntas a lorg go hindíreach maidir le háit dhúchais daoine eile, rudaí a thaitníonn leo, srl. Is é is dóichí go rachaidh sé dian ar an triúr cairdeas a dhéanamh, mar, ag cur a n-am atá thart san áireamh, go mbeidh siad thar a bheith faichilleach sa tír aisteach seo.

Anois i ngrúpaí de thriúr ar a mbíonn aineolaí mara, spásaire agus aineolaí oíche, déanann siad, i gcomhuain lena chéile, léiriú ar an radharc ina mbuaileann siad le chéile agus ina gcuireann siad aithne ar a chéile, ach fós tá siad an-airdeallach agus faitíosach. Ba chóir a chur in iúl nach é a gcuspóir scéalta a chéile a roinnt amach orthu go léir go tapa ach taithí a fháil ar an bhfaichill a bhaineann le cairdeas a dhéanamh.

Anois filleann na haineolaithe mara, na spásairí agus na haineolaithe oíche ar a ngrúpaí féin. Cuireann siad an t-eolas a cruinníodh ag a mbaill faoi na grúpaí eile i gcóimheas, chun a fháil amach cé mhéad atá ar eolas acu. Anois insíonn gach grúpa go gairid an méid atá ar eolas acu faoi na grúpaí eile agus faoina saol. Ansin déanann siad machnamh ar a laghad nó a mhéid a d'inis na baill éagsúla dóibh. Cad is dóichí a thitfidh amach: aithris shaoráideach nó bheith an-airdeallach?

*D'fhéadfaí radharc a chruthú a bheadh bunaithe air seo.*

Ina gcultúr féin tá rud éigin ag gach grúpa atá dealraitheach le bád, ach tá feidhm dhifriúil ar fad aige. Cad a bheadh ann? Cén fáth a bhfuil sé dealraitheach le bád, agus an féidir leo scéal a chumadh ina thaobh?

*Cuireann radhairc a dhéantar sa tslí seo fáthmheas maith ar fáil ar chumas na bpáistí bheith rannpháirteach sa drámaíocht. Tá sé tairbheach i gcuidiú le páistí chun breathnú ar dhrámaíocht mar eispéireas agus mar atheispéireas.*

Anois, le moltaí ón ngrúpa, leagtar amach suíomh, agus marcáiltear go soiléir é: an t-uisce, talamh, roinnt gnéithe eile den radharc tíre a mbeadh deacrachtaí de shaghas éigin ag baint leo. Ar an ócáid seo, seachas an radharc a léiriú i gcomhuain le chéile toghtar grúpa de thriúr gan aird, agus a fhad is a dhéanann an chuid eile faire, déanann siad léiriú ar an radharc ina bhfeiceann an triúr an dara gealach san uisce den chéad uair.

*Tabhair faoi deara nach gá go dtoghfadh an múinteoir grúpaí a chuirfeadh 'taispeántas' maith ar fáil.*

Pléann an lucht féachana é, ní i dtéarmaí 'taispeántais' ach cé chomh fiúntach is a bhí a bhfreagairt ar an eispéireas ficseanach a bhí ag gach carachtar go dtí sin. Leantar an cur chuige céanna le grúpaí eile agus iad tofa gan aird.

*Tá baint ag an athrú minic ar na grúpaí le foghlaim in OSPS. Ba chóir go dtabharfadh an drámaíocht cleachtadh do pháistí saothrú le gach ball eile den ghrúpa.*

Ansin cuirtear grúpaí nua de thriúr leis an gcomhdhéanamh céanna, ach le pearsanra difriúil, le chéile. Glacaimid leis go bhfuil aithne réasúnta maith ag an triúr ar a chéile faoin am seo. Dréachtann agus marcálann gach grúpa a shuíomh féin i spás na drámaíochta ar bhealach oiriúnach: an láthair ina bhfuil an t-uisce, láthair an bháid, agus aon ghné eile den radharc tíre a mbeadh deacracht acu a shocrú dóibh féin. Ansin ar comhuain le chéile, léiríonn siad an radharc ina dtagann an triúr ar bhád ar an gcladach. I dtosca a n-eispéireas roimhe seo ar rudaí atá dealraitheach le báid, cad a tharlaíonn?

Pléigh conas mar atá cuma na héagsúlachta ar na carachtair dhifriúla, cé acu díobh atá ceannasach, cé acu lenar deacra oiriúnú a dhéanamh don saol seo, agus mar sin de.

Deirtear sa dán:

*The wise men with the current went*

*Nor paddle nor oar had they*

*But still as the grave they went on the wave*

*That they might not disturb their prey.*

Seolann leath an ranga a mbád ar an sruth, sna trí ghrúpa chéanna a bhí ann roimhe seo, agus ag an am céanna déanann an chuid eile den rang na himeartais fuaime a chuirfidh teacht i gcóngar tostach go dtí an ghealach in iúl. Glacann na daoine sna báid sealanna chun imeartas fuaime a dhéanamh don chuid eile. Ansin malartaíonn siad siúd sna báid a n-áiteanna chun na himeartais fuaime a dhéanamh don chuid eile.

Anois, agus comhtháthú á dhéanamh le ceol, cumann siad píosa ceoil le huirlisí, rudaí, guthanna srl. a chuirfidh in iúl saol ait dhraíochta na drámaíochta (mar a léirítear ina gcuid colláisí) agus ag an am céanna a thugann tuairim faoin teannas de réir mar a dhruideann siad níos cóngaraí don ghealach san uisce. Glacann na daoine sna báid sealanna chun imeartas fuaime a dhéanamh don chuid eile.

*De ghnáth tarlaíonn níos mó i ndrámaíocht ná mar a d'fhéadfaimis a phleanáil.*

Cad a tharlaíonn nuair a chaitheann siad an líon amach, agus go mbristear an ghealach ina píosaí? An gcuireann siad an milleán ar a chéile? An bhfuil míniúcháin acu bunaithe ar eolas óna saol féin? I dtriúir nua, déan léiriú air agus féach ar an toradh.

*Déarfadh múinteoirí áirithe gur chóir don mhúinteoir scaoileadh leis na páistí a fháil amach nach bhfuil gá acu ach le huisce chun an ghealach a ghabháil ar a mian, ach, sa chás sin ní bheadh an chéad radharc eile ina eispéireas iniúchta ag na páistí ach ina léiriú ar rud éigin a bhí ar eolas roimhe sin.*

Anois cuirtear díospóireacht ar bun maidir le conas ba mhian leis na páistí an dráma a chríochnú. Soiléirítear na roghanna: mura n-éiríonn leo breith ar an ngealach rachaimid ar aghaidh agus críochnóimid an dráma nuair a fhillfidh siad abhaile ar a muintir éagsúla agus tarlóidh radharc mairgneach éigin. Mar mhalairt beireann siad ar an ngealach ar shlí éigin, agus filleann siad go caithréimeach ar a muintir. Is é an dara ceann seo a theastaíonn ó na páistí, agus tá de rogha ag an múinteoir a iarraidh orthu conas a tharlaíonn sé seo, nó an radharc a leagan amach í féin. Glacann sí an dara rogha, toisc go dtugann sé deis di ar mhionteagasc a thabhairt do na páistí ina nduine is ina nduine, agus mar sin go dtugann sé diminsiún le breis eispéiris dó.

*As mionteagasc aonarach leanann suíomh níos cóngaraí don fhíorshaol gan fhios do na páistí cad leis a ndéanfaidh siad teagmháil, nó a mbeidh déileáil acu: cruthaíonn sé teagmháil réalaíoch as théacs na drámaíochta, a chuidíonn leis an bpáiste nádúr an eispéiris drámaíochta a thuiscint.*

Is mar seo a leanas atá an mionteagasc do na grúpaí go léir. 'Ag tús an radhairc tá sibh díreach tagtha isteach leis an mbád agus tá sibh traochta. Tá sibh fós ag argóint go tuirseach, ach bhí sibh ag argóint an t-am go léir ar an tslí abhaile, agus tá sibh cortha de, agus téann sibh a chodladh gan mhoill.'

Anois tugann an múinteoir mionteagasc do gach grúpa comhpháirteach ar leithligh.

*Ba chóir don mhúinteoir a bheith tíosach leis na mionteagaisc seo, gan a insint dóibh cad iad na mothúcháin ar chóir a bheith acu, gan an iomad de threoracha a thosaíonn le 'Agus ansin …' a thabhairt dóibh, gan a chur ina n-aigne gurb é a theastaíonn uaithi ná go léireodh na daltaí radharc atá bunaithe ar a haigne is ar a tuairimí féin.*

Mionteagasc an spásaire: Nuair a bhíonn an bheirt eile ina gcodladh dúisíonn tú agus suíonn tú suas. Is ansin a fheiceann tú an ghealach ag bun an bháid. Ba bhreá leat í a ghoid, agus ar deireadh cinneann tú i ndáiríre go ngoidfidh. Nuair atá tú ag iarraidh an bád a tharraingt ar shiúl buaileann tú cos an aineolaí mara trí thionóisc. Lean ar aghaidh uaidh sin.

Mionteagasc an aineolaí mara: Tá tú i do chodladh nuair a bhuaileann rud éigin do chos. Dúisíonn tú agus faigheann tú amach go bhfuil an spásaire ag imeacht leis, agus é ag iarraidh an bád a tharraingt ina dhiaidh. Fiafraíonn tú de cad tá ar siúl aige. Lean ar aghaidh uaidh sin.

Mionteagasc an aineolaí oíche: Tá tú i do chodladh go sámh. Má dhúisíonn aon duine thú, glac leis sin mar atá, ach tagann sé dian ort dúiseacht, agus tá tú an-chiaptha toisc gur dúisíodh thú. Más amhlaidh nach ndúisíonn siad thú, áfach, dúisigh tú féin má thosaíonn siad ag imeacht gan tusa leo. Ceistigh iad faoin méid atá ar siúl acu, agus ná creid gach a ndeir siad leat.

Léiríonn siad an radharc.

Anois cuireann an múinteoir stop leis an aicsean chun mionteagasc príobháideach a thabhairt do na haineolaithe mara go léir: 'Tá sibh i gceartlár na hargóna. Tá an taoide tráite agus go tobann tugann tú faoi deara gealach eile i linn bheag uisce. Lean ar aghaidh uaidh sin'. Ansin cuireann sí ar ais iad chun tabhairt faoin radharc athuair ag an bpointe a bhí sroichte acu cheana, agus bheith ullamh chun glacadh le cúrsaí de réir mar a thiteann siad amach.

*Tá suímh ann inar féidir spás a chumadh de réir mar a fhorbraíonn an radharc. Go minic áfach, is fearr a éascófar radharc má bhíonn cinnteacht ag na rannpháirtithe faoin spás ina bhfuil siad ag obair.*

Anois déantar mionteagasc orthu ina nduine is ina nduine.

An laoch: Tá tú ag filleadh abhaile le soitheach uisce ina bhfuil an ghealach, dar leat. Ní chreideann siad thú, ach iarrann tú orthu soitheach a fháil (déan cinneadh faoi cad a bheadh ar fáil chuige sin i do thír). Deir tú le daoine an t-uisce a dhoirteadh amach i dtreo is go bhfeicfidh siad an ghealach. Cuirfear fáilte an ghaiscígh romhat, agus caithfear leat mar dhia, mar sin lean le pé rud a thagann as.

*Bí aireach, mar sin féin gan drámaíocht a bheith ualaithe leis an iomad 'cuntais ar an méid a tharla.' Go minic is fearr cleachtaí scríofa a áireamh mar chuid d'fhorbairt na gcarachtar agus de shaol na drámaíochta.*

An pobal: Tosaíonn sibh le fáilte an ghaiscígh a chur roimhe. (Conas a dhéantar é sin in bhur dtír?) Ach nuair nach féidir libh an ghealach a fheiceáil ina sheilbh, éiríonn sibh amhrasach. Mar sin féin b'fhéidir go ndéanfaidh sé áiteamh oraibh, mar sin lean le pé rud a thagann as.

Anois le tuilleadh comhtháite le Béarla agus le Gaeilge (déantar forbairt ar theanga tríd síos), scríobhann gach duine díobh cuntas an laoich ar a aistear. Chomh maith le cuntas a thabhairt ar imeachtaí, ba chóir go dtabharfadh sé cuntas ar na mothúcháin, dabhtanna, srl. ag amanna éagsúla, agus ba chóir go meallfadh sé an léitheoir chun cinn i rith an scéil. Nó is féidir roinnt scripteanna gairide a fhorbairt le haghaidh radharc nach bhfuil san áireamh sa ghníomhaíocht seo. Ba chóir go spreagfaidís na páistí chun aicsean ar spéis leo a dhéanamh.

*Féach Gníomhaíocht drámaíochta 5*

Is féidir leis na daltaí taighde a dhéanamh ar thopaicí mar thaisteal trí spás, solas srl.

# Gníomhaíocht drámaíochta 5

## Cuir chuige i leith scripte ranganna 5 agus 6

Is sraith de ghníomhaíochtaí é seo seachas aon ghníomhaíocht amháin. Tá mar chuspóir ag an tsraith a thaispeáint conas a d'fhéadfaí na páistí a stiúradh chun breathnú ar script mar chuireadh chun aicsean a chruthú, agus conas a d'fhéadfaí an t-aicsean sin a úsáid mar réamhthéacs le haghaidh dráma níos iomláine. Níl sna gníomhaíochtaí seo ach samplaí, agus tiocfaidh go leor deiseanna maithe eile chun cinn chun script a úsáid.

Ba chóir a rá nár cheart riamh script a fhoghlaim go neamhspleách ar an aicsean a cruthaíodh, agus is fiú athrá a dhéanamh air go mbeidh na buntáistí a eascraíonn as drámaíocht i gcomhréir le mianach na drámaíochta. Pé acu i nGaeilge nó i mBéarla é, ba chóir go sonródh an páiste an t-aicsean a éiríonn as script mar spraoi, rud atá le cur i bhfeidhm go comhuaineach i ngrúpaí, agus gan é á 'léiriú' riamh ag an múinteoir le haghaidh cumarsáide le daoine lasmuigh den seomra ranga.

Ba cheart do na páistí nós a fhorbairt chun na scripteanna seo a láimhseáil ag a luas pearsanta féin, agus nuair a bhíonn críoch tagtha leo tús a chur leo athuair agus sa tslí sin ag tapú na deise chun sleamhnú amach as sioncróineacht leis na daoine eile. Tugann sé seo saoirse bhreise do na páistí an téacs (agus ní an script) a iniúchadh ina slí féin.

Ba cheart don mhúinteoir bheith faichilleach freisin faoi scripteanna a úsáid chun fíricí na tíreolaíochta nó na staire a mhúineadh nó aon topaic den saghas sin. Cé gur féidir a leithéid seo a dhéanamh i dtosca áirithe, d'fhéadfadh drochdhrámaíocht a eascairt as, gan trácht ar thuirse is cian do na páistí. Is sampla í an ghníomhaíocht drámaíochta do ranganna 3 agus 4 ar an mbealach ar féidir le drámaíocht an bóthar a oscailt chuig foghlaim fhíorasach.

Cé go gcuirtear an cur chuige seo i leith scripte ar fáil go príomha mar ghníomhaíocht drámaíochta do ranganna 5 agus 6, i scoileanna ina múintear drámaíocht níos luaithe, féadfar tús a chur le cur chuige den saghas seo i ranganna 3 agus 4—a thúisce is a bhíonn na páistí ar a suaimhneas le léitheoireacht.

Cé go bhféadfaí glacadh le gach ceann díobh seo a leanas mar ghníomhaíocht drámaíochta, cuirimid lipéid orthu: seisiún 1, seisiún 2, seisiún 3 srl. chun mearbhall a sheachaint.

## Seisiún 1

Roinn an rang ina mbeirteanna, tabhair an script seo a leanas dóibh, agus iarr orthu í a dhéanamh ar comhuain.

A: Rithimis ar an láthair amháin ar feadh tamaill.

B: Ceart go leor.

A: (Tar éis tamaill) Níos tapúla. (Ritheann siad níos tapúla) Ardaigh na cosa sin.

B: (Tar éis tamaill eile) Níos tapúla.

A: (Tar éis tamaill eile) Táim fíorthuirseach.

B: Táimse tuirseach freisin.

A: Suímis cúl le cúl, agus ligimís scíth i dtaca le chéile.

B: Ceart go leor. (Déanann siad amhlaidh) Ó, táim fíorthuirseach. Ba bhreá liom dul a chodladh.

A: Sssssssssshhhhhh.

(Dúnann siad a súile agus tógann siad sos go ciúin le hais a chéile go dtí go dtagann siad chucu féin.)

*Ba chóir don mhúinteoir iad a spreagadh isteach san eispéireas i ngach slí.*

Stad anois is arís chun tathant orthu rith i bhfad níos tapúla a dhéanamh, a dhul ar aghaidh go dtí go n-éiríonn siad fíorthuirseach, chun an t-eispéireas a ghnóthú go bhfuil sé seo ag tarlú dóibh. Cuir ar a súile dóibh gur chóir i gcónaí do script treoir a thabhairt dóibh chun aicsean a thriail agus chun taithí a fháil air.

## Seisiún 1A

Roinn an rang i mbeirteanna, tabhair an script seo a leanas dóibh, agus iarr orthu é a dhéanamh ar comhuain.

A: Cuireann tú fear i gcuimhne dom.

B: Cén fear?

A: Fear le cumhacht.

B: Cén chumhacht?

A: Cumhacht húdú.

B: *Who do?*

A: *You do.*

B: Cad é?

A: Cuireann tú fear i gcuimhne dhom.

Beidh gné chiorclach na scripte soiléir gan mhoill. Ina rannpháirtíocht inti beidh na páistí, ina mbeirteanna, gafa le haicsean ar comhuain ach gan sioncróineacht. Ba chóir iad a spreagadh, de réir mar a oireann chun eispéireas a aimsiú agus iniúchadh a dhéanamh ar mhothú frustrachais a d'fhéadfadh eascairt as an script.

## Seisiún 2

*Ar bhealach áirithe ba chóir go mbeadh gach script chomh spéisiúil céanna leis an gceann seo. Tá sé suimiúil a thabhairt fao deara gur féidir teacht ar thátail maidir le carachtar ón teanga atá in úsáid.*

Tugtar an script seo a leanas do na páistí.

Pat: Abie, féach ar na héin.

Abie: (Ligeann gnúsacht).

Pat: Na héin.

(Stad. Breathnaíonn Abie)

Abie: Ní éin iad sin.

Pat: Is ea.

Abie: Ní hea.

Pat: Is ea.

Abie: Maith go leor, is éin iad.

Roinntear an grúpa ina mbeirteanna anois agus ar comhuain déanann na páistí aisteoireacht ar an script i mbeirteanna ar feadh cúpla nóiméad.

*Cinntigh go n-aonraítear na beirteanna óna chéile.*

Anois iarrtar ar na chéad pháistí a shamhlú go bhfeiceann siad na héin, agus a bheartú ar an saghas éan atá iontu, agus cúis a aimsiú gur mhian leo cuntas a thabhairt d'Abie fúthu. Léiríonn siad an script cúpla uair eile.

*Táimid ag tosú ar shaol na drámaíochta a dhéanamh réalaíoch.*

Deir an múinteoir, 'Anois tá Abie faoin mbinse á dheisiú, agus is mian leis leanúint ar aghaidh leis an deisiúchán. Ní féidir na héin a fheiceáil ach ó achar i bhfad amach ón mbinse mar sin caithfidh an duine eile é a bhreith leis go dtí an pointe seo, ainneoin nach dteastaíonn uaidh dul leis.'

*Tabhair faoi deara an t-athrú crutha ar an spás atá nádúrtha sa mhéid seo.*

Scaoil le tuairim is cúig nóiméad oibre ar comhuain sula ndéantar breathnú gan aird ar chuid díobh. Gníomhaíocht an fhairtheora: Conas tá ag éirí leis an gcaidreamh fisiceach eatarthu? An bhfuil sé mar ba chóir dó a bheith? Nár cheart dóibh bheith ag tarraingt ar chosa Abie, srl.?

*Níor cheart breithiúnas 'maith' nó 'dona' a thabhairt orthu seo. Is é atá i gceist ná an méid atá ag teacht trasna a thuiscint agus é a fhrithchaitheamh ar ais ar na rannpháirtithe mar thomhas ar an bhféidearthacht a bhaineann le breis eispéiris ar an téacs.*

Deir an múinteoir, 'Anois déan athchleachtadh air arís ar comhuain ar feadh cúpla nóiméad, agus an uair seo caithfidh Abie a chinneadh dó féin cad é go díreach atá á dhéanamh aige leis an mbinse, agus a intinn a chruinniú ar an obair, agus ag an am céanna caithfidh an duine eile a chinneadh dó féin cad iad go díreach na saghsanna éan a fheiceann sé, agus cén fáth a bhfuil sé chomh corraithe sin fúthu gur mhaith leis iad a thaispeáint d'Abie.'

Lig tréimhse ó thrí nóiméad go cúig nóiméad dul thart roimh bhreathnú ar cheann nó dhó gan aird. Gníomhaíocht an fhairtheora: Cén fáth a bhfuil sé/sí corraithe ag na héin? Cad é go díreach atá ar siúl ag Abie? An mbeadh a fhios agat nár mhian le hAbie a dhul leis/léi?

*Táimid ag teacht ar thuiscint ar inspreagadh na gcarachtar.*

Deir an múinteoir: 'Anois téigí siar air, agus, an uair seo tugaigí isteach ag pointe éigin caidreamh cúramach eadraibh. Ar dtús ná déanaigí plé faoin saghas caidrimh a bheadh i gceist anseo, ach déanaigí léiriú air cúpla uair agus caidreamh cúramach de shaghsanna éagsúla a thriail sula gcinneann sibh ar cheann amháin.' Breathnaigh ar cheann nó dhó. Gníomhaíocht an fhairtheora:

An caidreamh cúramach a aimsiú. Cén fáth ar thug siad isteach é?

*Tá an cumas chun páirt a ghlacadh i gcaidreamh aireach chomh riachtanach céanna sa drámaíocht is mar atá sa saol féin. Mar sin féin ní féidir é a bhrostú ná a bhrú i ndrámaíocht a oiread agus is féidir sa saol féin.*

Anois, déanaigí arís é, ach an uair seo tá an caidreamh an-chúramach an t-am go léir. Tomhaisigí an éagsúlacht a eascraíonn as.

## Seisiún 3

Tugtar an script seo a leanas do na páisti:

A: Ná déan é sin.

B: Déanfaidh mé é.

A: Cén fáth?

B: Mar is mian liom é a dhéanamh.

Tosaigh leis an script. Cad is ciall léi?

*Is féidir leis an múinteoir iad seo a mholadh agus iad a ghlaoch amach de réir mar a tharlaíonn siad, nó is féidir leis na páistí féin a bheartú ar cad a dhéanfaidh siad maidir leis na caidrimh seo.*

D'fhéadfadh beirt ar bith a bheith i gceist anseo le go leor saghsanna caidrimh eartarthu. Bain triail as mar chairde, máthair agus iníon, athair agus mac. Cad tá ar siúl acu? An gcuireann sé seo leis an éagsúlacht? Bain triail as trí léiriú a dhéanamh air roinnt uaireanta ar shlite difriúla.

Anois scrúdaigh gach líne le haghaidh féidearthachtaí agus bain triail astu.

Líne 1: Cé chomh feargach is atá an duine a deir é? Bain triail as leibhéil dhifriúla, agus lig do B freagra a thabhairt.

Líne 2: An dtéann sé dian ar B cur i gcoinne A? An gá dó/di smaoineamh tamall roimh chinneadh ar cad a dhéanfaidh sé? Cé chomh dearfa is atá sé/sí?

*Tús le hanailís théacsúil agus comhartha ar an riachtanas chun script a ghrinndearcadh go cúramach d'fhonn an t-aicsean cruinn a tharraingíonn sé a thomhas.*

Líne 3: An bhfuil ionadh ar A? nó míchéatacht? nó fearg?

Líne 4: Cé chomh dearfa ann féin is atá B? An bhfuil sé feargach i ndáiríre? An bhféadfadh sé athrú a dhéanamh ar a chéad fhreagra?

Tabhair faoi deara go dtagraíonn na ceisteanna seo do charachtar, chaidrimh agus mhothúcháin seachas 'do bhealaí difriúla chun rud a chur i láthair' nó 'é a rá in iliomad bealaí difriúla.'

I mbeirteanna agus ar comhuain, déanann na páistí léiriú air i suímh dhifriúla agus le daoine difriúla. Breathnaigh air agus bain ciall as cuid acu a roghnaítear gan aird.

Ar athuair i mbeirteanna: léirigh an suíomh arís, ag cur isteach pé línte breise, gluaiseachtaí, imeachtaí breise srl. atá ag teastáil.

Breathnaigh gan ord ar chuid díobh.

*Forbraítear ar shuímh an-suimiúla a thugann idéanna le haghaidh tuilleadh oibre. Tosóidh páistí ar cheisteanna a chur, 'Cad é an Ghaeilge ar …?'*

Roghnaigh ceann díobh, agus mar rang iomlán tabhair cuntas ar an méid a tharla ann. Déan cur síos ar na mothúcháin, na carachtair agus na gluaiseachtaí agus ar na míniúcháin atá déanta. Cuir an cuntas ar pháipéar.

### Seisiún 4

Lean den saghas céanna cur chuige sa script seo a leanas, a mholann gníomhaíocht i saol fisiceach ar bhruach na habhann. Cruthaigh an saol iomlán agus na carachtair.

A: Féach. Tá greim agam.

B: Fan. Ná tarraing an líne go fóill.

A: Ach éalóidh sé!

B: Ní éalóidh. Fan go fóill.

## Seisiún 5

Anois cuir na hidéanna seo i bhfeidhm ar mhiondráma le haghaidh ceathrair.

A: Féach air sin.

B: Sílim go bhfuil sé ag féachaint orainn.

C: Níl. (Sos) An tarbh é?

A: Sílim gur bó í.

D: An rachaimid thar an ngeata? Nílim cinnte.

B: Rachaimid.

C: Cé a rachaidh ar dtús?

Ba chóir na prionsabail chéanna a chur i bhfeidhm ar scripteanna níos faide nár mhiste a bhriseadh síos i ranna níos soláimhsithe mar seo agus ar a bhfaigheann na rannpháirtithe aicsean san eispéireas. Is fearr a éiríonn leo seo más faoi bhun leathanaigh iad, má mheallann siad na páistí chun imirt i saol samhlaíoch a cheapann siad a bheith greannmhar nó spreagúil ar bhealach éigin. Má bhíonn an script marbhánta beidh an ceacht marbhánta, agus ní chuirfidh na páistí a lánfhuinneamh ann.



Ag leagan amach an áitithe

## Samplaí ar conas a léiríonn cuspóirí ábhair sna snáithaonaid iad féin sna cuntais ar ghníomhaíochtaí rathúla i ndrámaíocht

Tarraingítear cuid de na heiseamláirí sna cuspóirí ábhair sa churaclam do na ranganna éagsúla as na cuntais ar ghníomhaíochtaí rathúla drámaíochta. Cuireann go leor eile díobh, áfach, cur chuige eile i leith gníomhaíochtaí drámaíochta in iúl. Taispeántar thíos an tslí ina léiríonn cuspóirí ábhair an churaclaim iad féin sna cúig chuntas ar ghníomhaíochtaí drámaíochta ag na leibhéil dhifriúla. Toisc go léiríonn na cuspóirí ábhair dul chun cinn ó leibhéal go leibhéal, agus toisc nach dtagann cuspóirí ábhair atá, mar shampla, oiriúnach do ranganna sinsearacha chun cinn níos luaithe, freastalaíonn na ceithre cheannteideal déag seo a leanas mar achoimre ar na cuspóirí ábhair uile trí na ceithre leibhéal ar fud an churaclaim.

### Déan iniúchadh agus forbairt ar na instinn súgartha cur i gcéill, agus as sin isteach i ndrámaíocht d'fhonn spontáineacht agus saoirse a bhaint amach

**Gníomhaíocht drámaíochta 1:** D'fhorbair na páistí ón gcluiche 'paicéid bheaga' chun bheith ina gcoiníní, a imríonn an cluiche céanna, agus as sin isteach i ndrámaíocht faoin sionnach.

**Gníomhaíocht drámaíochta 2:** Déanann na páistí léiriú ar fhadhbanna an aistir leis an bhfuinneamh agus díograis chéanna a chleacht siad mar chaoirigh atá á dtóraíocht.

**Gníomhaíocht drámaíochta 3:** D'aimsigh grúpa gan mórán taithí ar dhrámaíocht méid áirithe spontáineachta trí rannpháirtíocht ar comhuain, ar radhairc leathnóiméid gan aon duine ag breathnú orthu.

**Gníomhaíocht drámaíochta 4:** Maidir leis na fir chríonna, caithfidh an saol ina mbíonn siad rannpháirteach ina gcuardach ar an ngealach a bheith chomh réalaíoch céanna leis an saol a mbíonn an páiste mar chuid de i súgradh cur i gcéill.

**Gníomhaíocht ag éirí ón script:** Sníonn mothú súgartha agus spraoi trí na ceachtanna seo go léir.

### Tuiscint ag leibhéal praiticiúil ar ról is ar charachtar, agus forbairt a dhéanamh ar an gcumas chun cloí le ceachtar díobh a fhad is a éilíonn an ghníomhaíocht drámaíochta é

**Gníomhaíocht drámaíochta 1:** Tá na páistí go hinghníomhach ag glacadh le rólanna na gcoiníní.

**Gníomhaíocht drámaíochta 2:** Cé go dtosaíonn na páistí i ról na n-aoirí, cruinneoidh siad, de réir mar a théann siad ar aghaidh sa drámaíocht, eispéireas pearsanta atá mar bhunús le carachtracht.

**Gníomhaíocht drámaíochta 3:** Glacann na páistí le rólanna mar bhaill na treibhe, agus sa radharc mar bheirteanna glacann siad le mionteagasc le haghaidh carachtrachta bunúsaí.

**Gníomhaíocht drámaíochta 4:** Is é atá sa phróiseas chun aithne a chur ar an triúr 'fear' ná an próiseas chun iniúchadh a dhéanamh ar a gcarachtair.

**Gníomhaíocht ón script:** Anseo déantar amach na rólanna agus na carachtair as an script. De réir mar a chruthaítear carachtar Abie, aithnímid go bhfuil aithne againn go léir ar Abie éigin.

### Déan iniúchadh agus fionnachtain ar conas a ghníomhaíonn úsáid spáis agus nithe eile mar chomharthaí i dtógáil téacs agus in iniúchadh ar théamaí drámatúla

**Gníomhaíocht drámaíochta 1:** Leagann na páistí amach a bpaiste sceiche agus a n-achair itheacháin.

**Gníomhaíocht drámaíochta 2:** Leagtar amach achair chodlata an óstáin sa spás.

**Gníomhaíocht drámaíochta 3:** Cruthaítear an chloch dhín agus na saileanna trí úsáid an spáis sa ghnáthshlí.

**Gníomhaíocht drámaíochta 4:** Cinneann na rannpháirtithe cá mbeidh an t-uisce agus an bád, agus marcálann siad ar an urlár iad.

**Gníomhaíocht ón script:** I gcás Abie, cuireann suíomh na n-éan, an bhinse agus na fuinneoige leis an eispéireas ar an dráma.

### Déan iniúchadh ar conas a théann an t-am ficseanach atá thart agus an todhchaí fhicseanach lena bhfuiltear ag dúil i gcion ar an aicsean drámatúil san am i láthair

**Gníomhaíocht drámaíochta 1:** Cuireann eispéireas na gcoiníní roimhe seo leis an sionnach agus a ndúil i dtodhchaí níos sábháilte brú orthu freagraí a lorg ar an aincheist atá ann anois.

**Gníomhaíocht drámaíochta 2:** Toisc gur tugadh rabhadh do na haoirí faoi na hóstóirí, agus toisc go dteastaíonn lóistín saor uathu, bíonn siad drochamhrasach is airdeallach faoin óstóir.

**Gníomhaíocht drámaíochta 3:** Tá an teagmháil san am atá thart le treibh na Mari ag cur isteach ar bhaint amach an chuspóra chun an tuama ursanach a thógáil. Caithfear é sin a chur i gceart san am i láthair.

**Gníomhaíocht drámaíochta 4:** Cé nach bhfaca siad riamh roimhe sin an ghealach san uisce, ach fós go raibh dúil acu inti, teilgeann siad a líon chun í a ghabháil.

**Gníomhaíocht ón script:** I ngeall ar an seaneolas atá ag a chairde ar mharbhhántacht Abie, d'fhéadfadh go spreagfaí iad chun é a tharraingt leo chun féachaint ar na héin.

### Éirigh feasach faoi na rialacha a chuidíonn le fócas a choinneáil ar an drámaíocht in obair le grúpaí beaga agus móra

**Gníomhaíocht drámaíochta 1:** Faigheann na páistí eispéireas ar fhócas, den chuid is mó ón múinteoir ina ról á choinneáil beo. Tá fócas láidir sna cluichí a imríonn na coiníní.

**Gníomhaíocht drámaíochta 2:** San obair i dtriúir díríonn gach grúpa aire ar an asal a thabhairt suas i gcoinne an aird.

**Gníomhaíocht drámaíochta 3:** Cuireann na páistí fócas ar an méid ba mhian leo a dhéanfadh a gcara sa radharc a léirítear i mbeirteanna idir an t-oibrí agus an cuairteoir óna áit dhúchais.

**Gníomhaíocht drámaíochta 4:** Díríonn na carachtair a n-aigne air, gan eolas a thabhairt dá chéile faoina misean, ach ag an am céanna tá siad ag lorg cabhrach.

**Gníomhaíocht ón script:** Ní foláir do na 'hiascairí' béim a chur ar an ngreim atá á fháil acu, má tá rath le bheith ar an radharc.

### Aimsigh eispéireas, agus bí feasach faoi theannas agus faoi thinneall sa drámaíocht, agus conas mar a dheimhníonn sé suim na rannpháirtithe

**Gníomhaíocht drámaíochta 1:** Tá teannas ann nuair a dhiúltaíonn an sionnach imeacht leis. Níl a fhios ag aon duine cad tá le déanamh.

**Gníomhaíocht drámaíochta 2:** Tá an fear a fhiafraíonn ar saolaíodh rí ag cruthú saghas teannais nach bhfuasclófar ach ag an deireadh.

**Gníomhaíocht drámaíochta 3:** Tá teannas idir an teachtaire atá ag moladh na hoibre agus baill na treibhe ar mhian leo filleadh abhaile.

**Gníomhaíocht drámaíochta 4:** Tá teannas á chruthú ag an riachtanas chun breith ar an ngealach agus a n-easpa cumais chun déanamh amhlaidh.

**Gníomhaíocht ón script:** Tá teannas ann idir cuspóirí Abie agus cuspóirí a charad. Tá teannas ann nuair a thagann na páistí díreach in éadan an tairbh.

### Úsáid scripte mar réamhthéacs

**Gníomhaíocht drámaíochta 1:** Ní bhaineann.

**Gníomhaíocht drámaíochta 2:** Ní bhaineann.

**Gníomhaíocht drámaíochta 3:** Gan sampla sa cheacht áirithe. D'fhéadfaí, áfach, an script a úsáid mar réamhthéacs don radharc ina mbrúnn siad an t-asal suas i gcoinne an aird.

**Gníomhaíocht drámaíochta 4:** Gan sampla sa cheacht, ach d'fhéadfaí cúpla líne scripte a úsáid mar réamhthéacs le haghaidh cuid mhaith de na radhairc más mian leo a leithéid a dhéanamh.

**Gníomhaíocht ón script:** Tarlaíonn sé seo sna ceachtanna seo go léir.

### Bain úsáid as machnamh agus meastóireacht ar aicsean drámatúil ar leith chun cúrsaí malartacha féideartha don aicsean a chruthú

**Gníomhaíocht drámaíochta 1:** Mar thoradh ar an méid atá déanta ag an sionnach, ní foláir do na páistí a chinneadh an maróidh siad é nó an ndéanfaidh siad idirbheartaíocht leis.

**Gníomhaíocht drámaíochta 2:** B'fhéidir go gcinnfidh na haoirí pé acu an ligfidh siad Iósaef agus Muire isteach nó nach ligfidh. Tiocfaidh a gcinneadh as machnamh ar an dóchúlacht, bunaithe ar eispéireas an óstóra, go mb'fhéidir go gcuirfear amach iad, agus ina theannta sin ar mhachnamh ar an riachtanas atá le cineáltas nuair is féidir é.

**Gníomhaíocht drámaíochta 3:** Is mar thoradh ar a n-eispéireas ar an bportach a chinneann baill na treibhe go bhfuil an cruatan ródhoiligh.

**Gníomhaíocht drámaíochta 4:** Is as machnamh ar an gcúis a gcuirtear na carachtair chun siúil go dtuigeann na páistí conas teagmháil a dhéanamh le chéile mar charachtair.

**Gníomhaíocht ón script:** Mar thoradh ar mhachnamh ar an aicsean atá cruthaithe acu cinneann na páistí ar na caidrimh atá idir na carachtair.

### Déan iniúchadh agus foghlaim faoina caidrimh idir scéalta, téama agus an saol

**Gníomhaíocht drámaíochta 1:** Tagann an mothúchán nach foláir cur i gcoinne an tsionnaigh as eispéireas ar bhulaithe san fhíorshaol, agus eascraíonn cuid de na straitéisí chun an méid seo a chur i gcrích as a bhfuil foghlamtha ag an bpáiste trí thaithí.

**Gníomhaíocht drámaíochta 2:** Glacann na páistí leis, má choscann siad, mar aoirí, ar Mhuire is ar Iósaef a theacht isteach, gurb é an bunús atá lena gcinneadh ná na luachanna a thaithíonn daoine san fhíorshaol.

**Gníomhaíocht drámaíochta 3:** Tá na páistí ag tarraingt ar a n-eispéireas agus eolas ar éad maidir lena gcinneadh i ndéileáil le treibheanna iomaíocha. Tá siad ag tarraingt ar eispéireas nuair a chinneann siad go gcaithfear fánáin a thógáil chun an chloch dhín a ardú.

**Gníomhaíocht drámaíochta 4:** Má tá dúil ag na daoine ó na domhain éagsúla sa ghealach, agus nach mian leis an 'laoch' tabhairt faoi, ní mór don chinneadh faoin aicsean atá le déanamh a bheith ag teacht leis an aicsean a thógfaidís i bhfíorshuíomh cosúil leis seo.

**Gníomhaíocht ón script:** Chun bruach na habhann a chruthú ní foláir dúinn bheith eolach faoi bhruacha abhann. Ag tarraingt ar a n-eolas ar chontúirt, tarraingíonn na páistí pictiúr de tharbh samhlaíoch sa pháirc.

### Roinnt amach ar léargais a úsáid ag éirí as aicsean drámatúil d'fhonn an cumas a fhorbairt chun tátáil a bhaint agus chun hipitéisiú a dhéanamh faoi dhaoine agus faoin saol

**Gníomhaíocht drámaíochta 1:** Is ábhar iontais do na páistí chomh cliste is a bhí coiníní san fhíorshaol maidir leis na saghsanna gnáthóg a dhéanann siad.

**Gníomhaíocht drámaíochta 2:** Tá an t-eispéireas sa cheacht seo machnamhach go leor, agus ní gá é a luchtú le tuilleadh machnaimh.

**Gníomhaíocht drámaíochta 3:** Cuirtear ar a súile do na páistí iontas a dhéanamh den chaoi a dtugaimid ómós dár mairbh agus más féidir leis seo, i gcásanna áirithe, ár saol a chur ó mhaith.

**Gníomhaíocht drámaíochta 4:** Is ionann cuntas scríofa an laoich ag an deireadh agus machnamh na bpáistí ar an eispéireas.

**Gníomhaíocht ón script:** Déanfaidh na páistí ionadh den chúis a bhfuil an oiread sin daoine chomh meallta sin le tairbh agus le rudaí a scanraíonn iad.

### Forbairt, lasmuigh de ról, an cumas chun comhoibriú agus cumarsáid a dhéanamh le daoine eile d'fhonn cuidiú le cruth a thabhairt don drámaíocht

**Gníomhaíocht drámaíochta 1:** Cuireann na páistí idéanna ar fáil

maidir le cén áit sa spás atá ar fáil, ar cheart dóibh gach poll sa choinicéir a chur, cén áit ar chóir an t-achar féir a bheith, agus cén áit ar chóir dúinn cosáin trí na driseacha a leagan síos.

**Gníomhaíocht drámaíochta 2:** Oibríonn na páistí le chéile i ngrúpaí difriúla le haghaidh gníomhaíochtaí mionghrúpa an tseisiúin.

**Gníomhaíocht drámaíochta 3:** Ní mór do na páistí comhoibriú le chéile i ndéanamh na bpictiúr neamhbheo de bhaill na treibhe ag aistriú na cloiche.

**Gníomhaíocht drámaíochta 4:** Ní mór do na páistí comhoibriú le chéile i ndéanamh na radharc a léiríonn an saol atá fágtha ina dhiaidh ag gach duine den triúr fear.

**Gníomhaíocht ón script:** Agus an chéad cheithre líne de script a bheith léirithe acu, ní mór do na páistí comhoibriú le chéile chun leanúnachas ar aghaidh ó na línte sin a aimsiú.

### Forbairt, i ról, an cumas chun comhoibriú agus cumarsáid a dhéanamh le daoine eile, d'fhonn cruth a thabhairt don drámaíocht.

**Gníomhaíocht drámaíochta 1:** Cinneann na páistí ina ról mar choiníní ar chórais luath-rabhaidh, agus tástálann siad a n-éifeacht.

**Gníomhaíocht drámaíochta 2:** Cinneann na páistí cé acu ar chóir dóibh dul nó gan dul go Beithil agus cé acu an bhfuil mórán de rogha acu sa chás nó nach bhfuil.

**Gníomhaíocht drámaíochta 3:** Cinneann baill na treibhe gur cheart tuama ursanach a thógáil in onóir an taoisigh, Odhrán.

**Gníomhaíocht drámaíochta 4:** Comhoibríonn na páistí le chéile chun píosa ceoil a chumadh a oirfidh don dráma.

**Gníomhaíocht ón script:** Cuidíonn gach gníomh a dhéanann rannpháirtí ar bhealach éigin chun sainmhíniú a thabhairt do chúrsa is do chiall na drámaíochta.

### Déan forbairt ar chaidrimh fhicseanacha trí idirghníomhú leis na carachtair fhicseanacha eile i radhairc i ngrúpaí beaga nó lánranga de réir mar a chumtar téacs an dráma.

**Gníomhaíocht drámaíochta 1:** Déanann na páistí, mar choiníní, súgradh le chéile, agus forbraíonn siad caidrimh choiníneacha.

**Gníomhaíocht drámaíochta 2:** Déanann na páistí, mar aoirí, argóint faoin áit ar chóir do gach duine codladh a dhéanamh.

**Gníomhaíocht drámaíochta 3:** Forbraíonn na páistí, mar bhaill sa treibh, caidrimh le chéile nuair a dhéanann siad cleachtadh ar a n-argóintí chun áiteamh a dhéanamh ar na Mari.

**Gníomhaíocht drámaíochta 4:** Forbraíonn an triúr fear gaoiseach sa dráma caidrimh agus idirghníomhaíocht de réir mar a fhoghlaimíonn siad conas saol coiteann a roinnt lena chéile.

**Gníomhaíocht ón script:** Éiríonn gaol pearsanta idir na páistí agus iad ag féachaint ar an tarbh agus ag iarraidh a shocrú cad a dhéanfaidh siad.

Déan léiriú spontáineach do dhaoine eile sa ghrúpa ar radharc as an dráma, nó roinn leis an gcuid eile den rang radharc atá déanta cheana féin in obair le grúpaí beaga ar comhuain

**Gníomhaíocht drámaíochta 1:** Níl aon sampla ar fáil sa ghníomhaíocht drámaíochta ag an leibhéal seo. Tharlódh áfach, go léireodh cuid de na coiníní cluichí don chuid eile.

**Gníomhaíocht drámaíochta 2:** Taispeánann cuid acu na radhairc ina gcabhraíonn siad leis an asal dul suas i gcoinne an aird.

**Gníomhaíocht drámaíochta 3:** Léiríonn baill na treibhe dá chéile roinnt de na teicníochtaí ar chóir dóibh a úsáid leis na Dari d'fhonn socrú a dhéanamh leo.

**Gníomhaíocht drámaíochta 4:** Déanann grúpa gan aird de thriúr léiriú gan cleachtadh ar an radharc ina bhfeiceann siad an ghealach san uisce den chéad uair.

**Gníomhaíocht ón script:** I gcuid den obair le grúpaí beaga ar script, breathnaíonn an múinteoir agus na daltaí ar ghrúpa gan aird lena fháil amach cén dul chun cinn atá déanta sa phróiseas chun téacs an dráma a dhéanamh.

## Straitéisí agus coinbhinsiúin drámaíochta

Is féidir go leor straitéisí a úsáid sa drámaíocht. Tá cuid de na cinn is coitianta liostaithe thíos, le tuairimí faoina dtairbhe don mhúinteoir.

### *Cluichí drámaíochta*

Tá an-chuid cluichí drámaíochta tairbheach chun cuidiú le hiontaoibh, le muinín agus le mothú spraoi a bhunú, agus úsáidtear cuid díobh chun cuidiú leis na páistí eispéireas a mhothú ar ghné éigin den drámaíocht (mar shampla cluiche an phúicín, rud arb ionann é agus cuardach do charad i gcathair mhór).

Is féidir le cluichí comhtháthú sóisialta an ranga a chur chun cinn, ach má úsáidtear gan idirdhealú iad tharlódh go bhforghabhálfadh siad ionad na drámaíochta féin.

### *Íomhá neamhbheo agus cóiriú*

Cruthaíonn grúpaí pictiúr neamhbheo chun idé a léiriú nó nóiméad a ghabháil. I gcóiriú cuirtear íomhá den saghas seo i gcomparáid le híomhá chontrártha nó le fuaimrian chontrártha i dtreo is go ndéanfaí plé ar ábhar an phictiúir neamhbheo (mar shampla, pictiúir neamhbheo d'eisimircigh le fuaimrian d'fhuaimeanna óna n-áit dhúchais).

Cabhróidh an straitéis seo go mór le machnamh agus chun an drámaíocht a mhoilliú, ach má bhaintear ró-úsáid aisti is é a éireoidh as b'fhéidir ná caint faoin drámaíocht seachas aicsean.

*Teo-ionad*

Suíonn carachtar i lár baill a fhad is a chuireann an chuid eile ceisteanna air faoina s(h)aol, agus freagraíonn seisean/sise i ról an charachtair. Ar son éagsúlachta, d'fhéadfadh an chuid eile na ceisteanna a chur ina rólanna féin mar charachtair uaireanta.

Is féidir leis an teo-ionad cuidiú le gnéithe carachtair a shoiléiriú ar mhaithe le gach aon duine, ach tá a fheidhm teoranta ag leibhéal na bunscoile.

*Smaoineamh-lorg*

Déanann cuid den rang gníomhartha go tostach nó déanann siad íomhánna neamhbheo a fhad is a labhraíonn an chuid eile a n-idéanna fúthu os ard ar comhuain nó ina nduine is ina nduine.

Is féidir leis seo bheith úsáideach chun machnamh a dhéanamh ar chiall nóiméad suntasacha ar leith, ach níor cheart é a úsáid mar mhalairt ar pháirt a ghlacadh sa dráma.

*Fuaim-lorg*

Déanann cuid den rang gníomhartha go tostach, nó déanann siad íomhánna neamhbheo a fhad is a chruthaíonn an chuid eile fuaim-lorg a bheidh in oiriúint dóibh. Feictear an méid seo i nGníomhaíocht Drámaíochta 4 (lch. 80), ina ndéanann leath an ranga an fhuaim-lorg don leath eile.

Tá an straitéis seo úsáideach i suímh ina saothraíonn an múinteoir ar son bogadh ar smacht ach é/í a bheith éiginnte faoi scóip an bhogtha sin. Is malairt úsáideach é freisin chun rannóg áirithe oibre i ngrúpaí beaga a 'thaispeáint'. Mar sin féin, má bhaintear ró-úsáid as d'fhéadfadh drámaíocht intleachtúil seachas drámaíocht fhisiceach a eascairt as, agus d'fhanfadh sí lasmuigh den drámaíocht seachas bheith páirteach go spraíúil inti.

## Guthanna san inchinn

Ag nóiméad de rogha i gcás carachtair faoi leith, cuireann daoine eile sa ghrúpa na guthanna contrártha a chloiseann an carachtar ina c(h)eann i bhfocail.

D'fhéadfadh seo an carachtar a chur ag machnamh ar bhrí an nóiméid. Níor cheart é a úsáid mar mhalairt ar na carachtair a chur i suímh ina gcuirtear cúrsaí dá leithéid seo in iúl go soiléir is go spontáineach mar chuid den aicsean.

Tá an-chuid straitéisí agus coinbhinsiún eile ann a úsáidtear sa drámaíocht. Buntáiste atá acu go léir ná go gceadaíonn siad cruthaitheacht laistigh de shuíomh atá faoi smacht. Mar sin féin, ba chóir iad a úsáid le roghnaíocht is le discréid. Má théitear thar fóir leo d'fhéadfadh an múinteoir iomad smachta a choinneáil aige/aici féin ar thallanna cruthaitheacha na bpáistí, agus sa tslí sin laghdófaí próiseas-drámaíocht mar shraith de straitéisí drámaíochta seachas mar bhorradh agus trá ar aicsean torthúil drámatúil.

# Ag breathnú go dlúth ar obair páistí

Mar atá i ngach achar eile den churaclam, tá measúnú ina gné riachtanach sa phróiseas foghlama is teagaisc. Is trí mhonatóireacht leanúnach ar rannpháirtíocht na bpáistí i ndrámaíocht is féidir leis an múinteoir na heispéiris drámaíochta a phleanáil a dhéanfaidh forbairt ar a scileanna agus a gcoincheapa drámaíochta ar an mbealach is éifeachtaí, agus a dhéanfaidh an chuid is fearr dá bhfoghlaim trí mheán na drámaíochta.

Is cuid lárnach é an contanam ó shúgradh cur i gcéill go próiseas-drámaíocht den churaclam drámaíochta. Taispeánfaidh an méid is féidir leis an bpáiste tréithe an tsúgartha cur i gcéill i ngníomhaíocht drámaíochta a chaomhnú rath nó easpa ratha go pointe sonrach ar a (h)eispéireas drámaíochta. Is iad na cinn is sofheicthe díobh seo ná

- toilteanas a chreidiúint go bhfuil an tsiombail fíor
- dáiríreacht i léiriú a gcuid carachtar
- glacadh le hiarmhairtí ficseanacha na drámaíochta
- claonadh le hiniúchadh a dhéanamh.

Mar achoimre, i gceartlár eispéiris rathúil drámaíochta, beidh cumas an pháiste páirt a ghlacadh go hiomlán sa drámaíocht agus bheith rannpháirteach leis an oiread doimhne agus creidimh agus is féidir sna carachtair, agus glacadh leis an loighic dhrámatúil maidir lena n-ionad sa drámaíocht.

Léiríonn cuspóirí ábhair an churaclaim go soiléir na scileanna drámaíochta nach foláir don pháiste a shealbhú, agus comhshnaidhmeann siad chomh maith na coincheapa atá bunaithe ar na gnéithe drámaíochta ar a ndéanfaidh sé/sí forbairt. Dá bhrí sin trí bheith rannpháirteach sna gníomhaíochtaí éagsúla drámaíochta is féidir monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an pháiste maidir le máistreacht a ghnóthú ar na scileanna agus na coincheapa seo.

Luíonn tábhacht na drámaíochta sa chúnamh ar leith ar féidir léi a thabhairt d'eispéireas agus d'fhorbairt fhoghlaim níos leithne an pháiste. Tarraingeofar an rogha ábhair don churaclam drámaíochta as

- eispéireas laethúil an pháiste
- saincheisteanna ar leith mar fhreagracht ar mhian leis an múinteoir a iniúchadh trí dhrámaíocht
- gnéithe den saol san am atá thart, san am i láthair nó sa todhchaí féideartha a mhúsclóidh fiosracht an pháiste
- riachtanais, cúraimí agus ábhair bhuartha an pháiste
- ábhar agus saincheisteanna ó achair eile curaclaim.

Múnlóidh an méid a chuirfear foghlaim an pháiste chun cinn ag rannpháirtíocht trí dhrámaíocht, le gnéithe ar leith d'ábhar a tharraingítear as na foinsí seo, an dara fócas is mó de mhonatóireacht ar obair páistí.

Ós rud é go ndíorthaíonn buntáistí foghlama na drámaíochta ó phróiseas na drámaíochta féin den chuid is mó, níl ach líon teoranta d'uirlisí measúnaithe ann atá oiriúnach dó.

Is iad seo

- breathnóireacht an mhúinteora
- tascanna agus teisteanna a dhearann an múinteoir
- samplaí oibre, bailiúcháin agus tionscadail
- próifílí curaclaim.

### *Breathnóireacht an mhúinteora*

Is é seo an cineál measúnaithe is mó a úsáideann múinteoirí, agus an ceann is tairbhí chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na bpáistí i ndrámaíocht. Trí bhreathnú dlúth a dhéanamh ar pháirtíocht na bpáistí sna gníomhaíochtaí éagsúla drámaíochta go laethúil, is féidir monatóireacht a dhéanamh ar an méid a bhfuil siad ag déanamh forbartha ar an gcumas chun scileanna agus coincheapa drámaíochta a úsáid, d'fhonn a gcuid eispéireas foghlama a uasmhéadú. Cuirfidh breathnóireacht den saghas seo ar chumas an mhúinteora

- na heispéiris drámaíochta is oiriúnaí do riachtanais fhoghlama agus drámaíochta na bpáistí a aithint
- an t-ábhar ar leith sin arb í an drámaíocht an idirghabháil is fearr agus is rathúla ina leith a aithint.

Toisc go n-eascraíonn ábhar na drámaíochta as raon foinsí, agus achair eile den churaclam san áireamh, déanfar comhlánú ar chuid de mheasúnú an mhúinteora ar dhul chun cinn an pháiste trí mheasúnú ar ghnéithe eile den churaclam. Beidh tionchar ag eispéireas i ndrámaíocht, mar shampla, ar fhorbairt is ar úsáid teanga ag an bpáiste, agus dá bhrí sin beidh monatóireacht ar a d(h)ul chun cinn sa ghné áirithe seo ina chuid de mheasúnú an mhúinteora i dteanga is i ndrámaíocht araon.

### *Tascanna agus trialacha a dhearann an múinteoir*

Tagann siad seo chun cinn go leanúnach le linn gníomhaíochta i ndrámaíocht, mar shampla nuair a iarrtar ar bheirt pháistí dhá charachtar a léiriú chun saincheist ar leith a iniúchadh, nó go n-iarrtar ar ghrúpa páistí saothrú i gcomhar le chéile chun fadhb éigin a réiteach, nó chun teacht ar chinneadh faoin gcúrsa nó faoin treo ar cheart a ghabháil sa drámaíocht. Beidh breathnóireacht an mhúinteora i gceist chun measúnú a dhéanamh ar chumas páistí i ndéanamh tascanna faoi leith mar iad seo, ar bhealach a leagann fócas ar ghné áirithe de rannpháirtíocht na bpáistí i ndrámaíocht.

### *Samplaí oibre, bailiúcháin agus tionscadail*

I ndrámaíocht cuimsítear ina measc seo scríbhneoireacht, obair ealaíne agus samplaí eile d'fhreagairt na bpáistí ar a n-eispéiris drámaíochta, dá machnamh fúthu agus dá leathnú orthu. Cinnfidh an múinteoir, nó an páiste, nó an múinteoir agus an páiste i gcomhairle lena chéile ar uairibh, ar cad is féidir a chur san áireamh ann. Sa tslí seo cuirfear diminsiún luachmhar féinmheasúnaithe leis an measúnú ar dhul chun cinn an pháiste i ndrámaíocht agus i bhfoghlaim trí dhrámaíocht. Is féidir le samplaí oibre, le bailiúcháin agus le tionscadail cuidiú freisin le radharc fadtéarmach suimitheach ar fhoghlaim an pháiste trí mheán na drámaíochta.

### *Próifílí curaclaim i ndrámaíocht*

I gceist iontu seo tá ráitis ghairide thuairisciúla ar éachtaí, ar iompraíocht is ar dhearcadh na ndaltaí i dtaca le drámaíocht, agus le foghlaim trí dhrámaíocht. D'fhéadfaidís a bheith caighdeánaithe le haghaidh leibhéal dhifriúil ábaltachta, agus d'fhéadfaí iad a úsáid chun dearbhú a dhéanamh ar chumais indibhidiúla na bpáistí maidir le gach ceann de na ráitis. I gcás na drámaíochta dhéanfaidís freastal ar dhul chun cinn an pháiste i dtaca le gnéithe sna trí shnáithaonad, chuirfidis ar chumas an mhúinteora próifíl fhoghlama a chur le chéile i gcás gach páiste aonair, agus chruthóidís cuntas tagartha ar a d(h)ul chun cinn.



# *Spontáineacht*

# Aguisín

# Leabharliosta


| | | |
|---|---|---|
| Allport, G. | *Pattern and Growth in Personality* | London, Holt, Rinehart and Winston, 1963 |
| Applebee, A.N. | *The Child's Concept of Story* | Chicago, University of Chicago Press, 1978 |
| Barker, C. | *Theatre Games* | London, Methuen, 1977 |
| Berne, E. | *Games People Play* | New York, Grove, 1967 |
| Berne, E. | *What Do You Say After You Say Hello?* | London, Corgi, 1975 |
| Berry, C. | *Voice and the Actor* | London, Harrap, 1973 |
| Best, D. | *The Rationality of Feeling: Understanding the Arts in Education* | London, Falmer Press, 1992 |
| Boal, A. | *Games for Actors and Non-Actors* | London, Routledge, 1992 |
| Boal, A. | *Theatre of the Oppressed* | London, Pluto Press, 1979. |
| Boal, A. | *The Rainbow of Desire (Translation, Adrian Jackson)* | London, Routledge, 1995. |
| Bolislavski, R. | *Acting: The First Six Lessons* | London, Dennis Dobson, 1933 |
| Bolton, G. | *New Perspectives on Classroom Drama* | London, Simon and Schuster, 1991 |
| Bolton, G. | *Towards a Theory of Drama in Education** | London, Longman, 1979 |
| Bolton, G. | *Drama as Education* | London, Longman, 1984 |
| Booth, D. | *Games for Everyone* | Markman (Ontario), Pembroke Publishers, 1986 |
| Brecht, B. | *The Messingkauf Dialogues (translated by John Willett)* | London, Methuen, 1965 |
| Brook, P. | *The Empty Space* | London, Penguin, 1968 |
| Bruner, J. | *On Knowing: Essays for the Left Hand* | London, Athenian Press, 1962 |
| Bruner, J. | *Actual Minds, Possible Worlds* | Harvard, Harvard University Press, 1986 |
| Clements, P. | *The Work of Mike Leigh* | London, Methuen, 1983 |
| Courtney, R. | *Play, Drama and Thought: The Intellectual Background to Drama in Education* | New York, Cassell, 1974 |
| Courtney, R. | *The Drama Curriculum* | London, Heinemann, 1980 |
| De Bono, E. | *Practical Thinking* | London, Jonathan Cape, 1971 |
| Dewey, J. | *Art as Experience* | London, Allen and Unwin, 1934 |

| | | |
|---|---|---|
| Dyer, W. | *The Sky's the Limit* | London, Simon and Schuster, 1980 |
| Elam, K. | *The Semiotics of Theatre and Drama* | London, Methuen, 1980 |
| Erikson, E.H. | *Childhood and Society* | London, Penguin, 1965 |
| Esslin, M. | *The Field of Drama* | London, Methuen, 1987 |
| Gardner, H. | *Multiple Intelligences: The Theory in Practice* | New York, Basic Books, 1993 |
| Goleman, D. | *Emotional Intelligence* | London, Bloomsbury, 1995 |
| Goodridge, J. | *Drama in the Primary School* | London, Heinemann, 1970 |
| Grotowski, J. | *Towards a Poor Theatre (edited by Eugenio Barber)* | London, Methuen, 1969 |
| Harris, T. | *I'm OK—You're OK* | New York, Avon, 1969 |
| Heathcote, D., | *Drama for Learning: Dorothy Heathcote's Mantle* | London, Heinemann, 1995 |
| and Bolton, G. | *of the Expert Approach to Education* | |
| Hodgson, J., and Richards, E. | *Improvisation: Discovery and Creativity in Drama* | London, Methuen, 1966 |
| Holt, J. | *How Children Learn* | New York, Pitman, 1967 |
| Holt, J. | *How Children Fail* | New York, Dell, 1982 |
| Hornbrook, D. | *Education in Drama* | London, Falmer Press, 1991 |
| *Huizinga, J.* | *Homo Ludens: A Study of the Play Element in Culture* | Boston, Beacon, 1955 |
| Humphreys, T. | *The Power of 'Negative' Thinking* | Dublin, Gill and Macmillan, 1996 |
| Jackson, T. | *Learning through Theatre* | London, Routledge, 1993 |
| Johnstone, K. | *Impro* | London, Faber and Faber, 1979 |
| Jones, R.M. | *Fantasy and Feeling in Education* | New York, New York University Press, 1968 |
| Koestler, A. | *The Act of Creation* | London, Hutchinson, 1964 |
| Laban, R. | *The Mastery of Movement* | London, Macdonald and Evans, 1960 |
| Marowitz, C. | *Prospero's Staff* | Bloomington, Indiana University Press, 1984 |
| Morgan, N., and Saxton, J. | *Teaching Drama* | London, Hutchinson, 1986 |

| | | |
|---|---|---|
| Morgan, N., and Saxton, J. | *Asking Better Questions* | Markman (Ontario), Pembroke Publishers, 1994 |
| Neelands, J. | *Making Sense of Drama** | London, Heinemann, 1984 |
| Neelands, J. | *Structuring Drama Work** | Cambridge, Cambridge University Press, 1990 |
| O'Neill, C. | *Drama Worlds* | London, Heinemann, 1995 |
| O'Neill, C., et al. | *Drama Guidelines ** | London, Hutchinson, 1977 |
| O'Neill, C., and Lambert, A. | *Drama Structures* | London, Heinemann, 1982 |
| O'Toole, J. | *The Process of Drama: Negotiating Art and Meaning* | London, Routledge, 1992 |
| Perls, F. | *Gestalt Therapy Verbatim* | Lafayette, Real People Press, 1969 |
| Peter, M. | *Drama for All* | London, David Fulton, 1994 |
| Peter, M. | *Making Drama Special* | London, David Fulton, 1995 |
| Piaget, J. | *The Child's Conception of the World* | London, Humanities Press, 1951 |
| Postman, N., and Weingartner, C. | *Teaching as a Subversive Activity* | USA, Delacorte, 1969 |
| Poulter, C. | *Playing the Game* | London, Macmillan, 1987 |
| Readman, G., and Lamont, G. | *Drama: A Handbook for Primary Teachers* | London, BBC Publications, 1994 |
| Rogers, C. | *On Becoming a Person* | Boston, Houghton Mifflin, 1961 |
| Schechner, R. | *Performance Theory* | New York, Routledge, 1988 |
| Sher, A. | *100+ Ideas for Drama* | London, Heinemann, 1975 |
| Slade, P. | *Child Drama* | London, University of London Press, 1954 |
| Slade, P. | *An Introduction to Child Drama* | London, Hodder and Stoughton, 1958 |
| Spolin, V. | *Improvisation for the Theatre* | New York, Northwestern University Press, 1962 |
| Stanislavski, C. | *Building a Character* | London, Eyre Methuen, 1968 |

| | | |
|---|---|---|
| Stanislavski, C. | *An Actor Prepares* | London, Geoffrey Bles, 1969 |
| Storr, A. | *The Dynamics of Creation* | London, Secker and Warburg, 1972 |
| Wagner, B.J. | *Dorothy Heathcote: Drama as a Learning Medium** | London, Hutchinson, 1976 |
| Walley, P. | *Learning the Future* | Galway, City of Galway VEC, 1993 |
| Watkins, B. | *Drama and Education* | London, Batsford Academic and Educational, 1981 |
| Way, B. | *Development through Drama* | London, Longman, 1967 |
| Wilber, K. | *The Atman Project* | Wheaton (Illinois), Theosophical Books, 1980 |
| Winnicott, D.W. | *Playing and Reality* | London, Penguin, 1974 |
| Woolland, B. | *The Teaching of Drama in the Primary School* | London, Longman, 1993 |


*Leabhair thagartha úsáideach don mhúinteoir

# Gluais

| | |
|---|---|
| ábhar | ábhar dráma, é bunaithe ar eispéireas ginearálta agus riachtanais an pháiste, nó a bhfuil a fhoinse le fáil i mbunábhar réimse éigin eile den churaclam |
| an suíomh ficseanach | an rogha de charachtair fhicseanacha agus an suíomh ina gcuirtear iad, rud a chruthaíonn an comhthéacs drámata don léiriú |
| as ról/lasmuigh den ról | plé ceisteanna, roghanna agus réimeanna féideartha forbartha sa drámaíocht nuair atá duine i leataobh ón léiriú |
| brí | rud a chuireann eolas tábhachtach i dtaobh plota, téama nó an tsaoil in iúl |
| carachtar | comhdhéanamh iomlán pearsan, bíodh sé fíor nó ficseanach, agus tréithe intleachtúla, mothúchánacha agus fisiceacha san áireamh |
| fo-théacs | comharthaí neamhbhriathartha trína gcuirtear smaointe, mothúcháin agus meon in iúl |
| frámú | an próiseas trína n-athraítear ficsean ina threoracha agus ina mholtaí léirithe; tríd an bpróiseas seo a dheighiltear an téacs drámata amach ó na páistí sách fada chun go mbeadh sé sábháilte, ach fanann sé gar go leor dóibh lena iniúchadh go héifeachtach |
| genre | foirm an chur i láthair dhrámata—nádúrtha, greannmhar, seafóideach, srl. |
| gníomhaíocht | an t-idirghníomhú idir carachtar agus suíomh i ndráma, idirghníomhú a éilíonn go réiteofaí coimhlint nó teannas nó go dtabharfaí faoina réiteach |
| hata an tsaineolaí | próiseas trína gcuireann an múinteoir ina luí ar na páistí gur 'saineolaithe' iad ar thopaic áirithe d'fhonn iad a spreagadh chun taighde a dhéanamh ar an topaic sin laistigh den drámaíocht |
| i ról/sa ról | rud éigin a dhéanamh nó a rá ó thaobh róil nó carachtair |
| léiriú | an ghníomhaíocht ina gcruthaítear téacs na drámaíochta |
| mionteagasc | treoir nó teagasc a thugtar do charachtar amháin gan fhios do na carachtair eile, b'fhéidir, agus arbh aidhm di treo nua a thabhairt don dráma |

**múinteoir i ról** — an múinteoir ag glacadh páirte i ndrámaíocht agus á múnlú ón taobh istigh

**pearsa** — féach *carachtar*

**plota** — sraith d'eachtraí leantacha a bhfuil dlúthbhaint acu lena chéile agus a dhéanann dráma nuair a chuirtear i dteannta leis an téama iad

**próiseas drámata** — an próiseas trína ndéantar téacsanna drámaíochta

**radharc** — dráma gearr, téacs tobchumtha nó gníomhaíocht dhrámata

**réamhthéacs** — túsphointe éifeachtach a láinseálfaidh an saol drámata ar dhóigh a bhfágann éasca ag na rannpháirtithe é a rólanna agus a bhfreagrachtaí a aithint agus tosú ar an saol drámata a thógáil i dteannta a chéile

**ról** — ag cur i gcéill gur duine nó rud eile tú

**téacs** — ciallaíonn *téacs ranga* roghnú, léiriú agus nascadh radharc i bpíosa drámaíochta mar aon leis na gníomhaíochtaí ranga go léir a ghabhann leis sin

ciallaíonn *téacs dráma* ficsean drámata a léirítear pé acu a mbíonn lucht féachana ann nó nach mbíonn, nó pé acu a dtarlaíonn an léiriú sa seomra ranga nó in amharclann

script a chuireann síos ar ghníomhaíocht dhrámata is ea téacs scríofa

**téama** — na patrúin bhunúsacha a naisceann plota an dráma leis an saol

**teannas** — an choimhlint a éiríonn as riachtanais agus mianta na gcarachtar difriúil sa drámaíocht agus a thiomáineann an ghníomhaíocht ar aghaidh á cur in iúl trí dhrámaíocht

**tobchumadh** — léiriú píosa fhicsin go drámata spontáineach

# Ballraíocht an Choiste Curaclaim don Oideachas Ealaíon

Ullmhaíodh na treoirlínte seo faoi stiúir an Choiste Curaclaim don Oideachas Ealaíon a bhunaigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

| | | |
|---|---|---|
| **Cathaoirligh** | Kieran Griffin | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Michael O'Reilly | Cumann Múinteoirí Éireann |
| **Baill an choiste** | Eibhlín de Ceannt *(ó 1995)* | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Evelyn Dunne-Lynch *(go 1995)* | Comhairle Náisúnta na dTuismitheoirí—Bunbhrainse |
| | Sarah Gormley *(ó 1995)* | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí—Bunbhrainse |
| | Michelle Griffin *(go 1996)* | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Sr Maria Hyland | Aontas na Siúracha/mBráithre Teagaisc Bunscoileanna |
| | Maureen Lally-O'Donoghue | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Pádraig Mac Sitric | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Dympna Mulkerrins | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Emer Nic Aogáin *(go 1995)* | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Páilín Nic Aogáin | Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha |
| | Kay O'Brien | Bainisteoireacht na gColáistí Oideachais |
| | Noel Ó Ceallaigh | Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile |
| | Ruairí Ó Cillín | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Colum Ó Cléirigh | Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile |
| | Br Pádraig Ó Riain *(go 1995)* | Aontas na mBráithre/Siúracha Teagaisc Bunscoileanna |
| | Gilllian Perdue *(go 1993)* | Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann |
| | Joy Shepherd | Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann |
| | Máire Uí Rinn | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Goretti Uí Thnúthail | Cumann Múinteoirí Éireann |
| **Comhairleoir drámaíochta oideachasúla** | John McArdle | |
| **Oifigigh oideachais** | Paul Brennan | |
| | Ríona Ní Mhurchú | |
| | Catherine Walsh | |

# Ballraíocht an Choiste Comhordaithe Bunscolaíochta

Chun obair na gCoistí Curaclaim a chomhordú is ea a bunaíodh an Coiste Comhordaithe Bunscolaíochta ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

| | | |
|---|---|---|
| **Cathaoirleach** | Tom Gilmore | |
| **Baill an choiste** | Séadhna de Blán (*ó 1995*) | Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann |
| | Liam Ó hÉigearta (*ó 1996*) | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Dympna Glendenning (*ó 1995*) | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Fionnuala Kilfeather (*ó 1995*) | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí—Bunbhrainse |
| | Éamonn MacAonghusa (*go 1996*) | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Ath Gearóid Mac Conmara (*ó 1995*) | Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha |
| | Peadar Ó Maoláin | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Síle Ní Núnáin (*ó 1995*) | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Eugene Wall | Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile |
| **Comhordaitheoir** | Caoimhe Máirtín (*go 1995*) | |
| **Leas-phríomhfheidhmeannach** | Lucy Fallon-Byrne (*ó 1995*) | |
| **Príomhfheidhmeannach** | Albert Ó Ceallaigh | |

Cathaoirligh na Comhairle: Dr Tom Murphy (*go 1996*), Dr Caroline Hussey (*ó 1996*)

# Buíochas

Gabhann na foilsitheoirí buíochas leis na daoine seo a leanas, a thug cead dóibh úsáid a bhaint as an ábhar seo a leanas:

| *Úinéir an chóipchirt* | *Ábhar* | *Leathanach* |
|---|---|---|
| Peacock, Thomas Love | *The Wise Men of Gotham* | 80–85 |

Rinneadh iarracht aitheantas a thabhairt do na foinsí ar fad as ar tógadh ábhar, ach má rinneadh faillí maidir le cóipcheart an ábhair déanfar an scéal a leigheas ach é a chur in iúl do na foilsitheoirí.

Tá na foilsitheoirí buíoch de na daoine seo a leanas, a thug cead dóibh bheith istigh agus grianghraif a thógáil: boird bhainisteoireachta, príomhoidí, múinteoirí agus páistí na mbunscoileanna ar fud na tíre a chomhoibrigh leis an tionscadal.

| | |
|---|---|
| Aistritheoir | Pádraig Ó Néill (Curaclam) |
| Comhordaitheoir | Breandán Ó Coinghéallaigh (Curaclam) |
| Aistritheoir | Micheál Ó Loingsigh (Treoirlínte) |
| Comhordaitheoir | Eoghan Ó Súilleabháin (Treoirlínte) |
| Eagarthóir | Nóirín Ní Nuadháin |

ISBN 0-7076-6318-0
9 780707 663180

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA
DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
NCCA